Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2025



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae
Cnoc na Radharc
Gaillimh
H91H6KX

: (091) 509 000

: customerservices@galwaycoco.ie

: https://www.galway.ie

GalwayCounty

@galwaycoco

@galwaycountycouncil

Clár na nÁbhar

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 9
Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach 10
Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2025-2029 11
Ár bhFís 12
Ár Misean 12
Rialachas agus Struchtúr 14
Struchtúr Eagraíochtúil i gComhairle Chontae na Gaillimhe 14
An Chomhairle 14
Ceantair Bhardasacha 14
An Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) 14
Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) 15
Comhaltaí Tofa 17
Struchtúr Eagraíochtúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2025 22
Rialachas 24
Ráiteas Rialachais 24
Aidhm 24
Dea-Rialachas 24
Prionsabail Dea-Rialachais 25
Ár dTiomantas do Dhea-Rialachas 25
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais 2025 (SIFC) 26
Réamhrá 26
An Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais 28
An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais 28
Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta 28
Comhlíonadh Soláthair 28
Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta 28
An Creat um Riosca agus Rialú 29
Forbhreathnú Airgeadais 30
Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2025 30
Cáin Mhaoine Áitiúil 30
Ráta Bliantúil ar Luacháil 30
An Scéim um Ranníocaíocht Forbartha 30
An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 30
Mótarcháin 31
Bainistíocht Riosca 31
Iniúchadh Inmheánach, an Coiste Iniúchóireachta san áireamh 32

Obair iniúchta inmheánaigh a rinneadh in 2025 32
Tagarmharcáil agus Comhlíonadh 32
Rannpháirtíocht, Líonrú agus Maoirseacht 33
An Coiste Iniúchóireachta 33
Príomhghníomhaíochtaí agus Réimsí Fócais 33
An tSeirbhís Chomhairleach Dlí 34
Dualgas na hEarnála Poiblí 35
Comhairliúchán Poiblí agus Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta 36
Próisis Comhairliúcháin Phoiblí: 36
Comhairliúcháin chuimsitheacha trí struchtúir rannpháirtíochta- Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN), Clár Aoisbháúil agus Comhairle na nÓg 37
Ionchur isteach i bpróisis chinnteoireachta trí ionadaíocht PPN ar raon Bord agus Coistí. 39
Cláir spriocdhírithe chun tacú le comhairliúchán cuimsitheach agus le rannpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil. 39
Gníomhaíochtaí nuálacha chun rannpháirtíocht phoiblí a chur chun cinn 40
Rannpháirtíocht an Phobail trí na Ranna éagsúla: 40
Tithíocht 40
Béal Átha na Sluaighe Déardaoin an 3 Aibreán 2025 41
Baile Átha an Rí PPN Dé Máirt an 16 Meán Fómhair 2025 41
Imeacht Galway Housing Unlocked 42
Fóram Seachadta Tithíochta - World Café 42
Suirbhé Tithíochta Inacmhainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe 42
Comhairliúchán Poiblí maidir le forbairtí tithíochta Sóisialta faoi chead pleanála Chuid 8 43
Seirbhísí Corparáideacha 44
Fáiltithe Cathartha agus Ónóracha 44
Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma - Sraith an tSamhraidh 2025 46
Na hIonaid Fóillíochta – Tuaim agus Béal Átha na Sluaighe 47
Raon Aclaíochta Dhún Leo – Pobail a Chumasú Déan áirithint ar líne 47
Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe 47
An Roinn Comhshaoil 48
Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht 48
Crios Dícharbónaithe – Oileáin Árann 48
Gníomhú an Phobail ar son na hAeráide 49
Úsáid Fuinnimh Inmheánach 50
Cosaint na Bithéagsúlachta 50
Iarfheistithe Tithe agus an tAistriú Cóir 50
Oiriúnú 51
Taisteal Gníomhach agus Iompar Poiblí 51
Oifig an Choimisinéara Teanga 51
Ómós a thabhairt do Ghnóthachtáil Áitiúil agus do Rath na Comhairle 51

Scoláireachtaí bronnta in 2025 52
Scéim Scoláireachtaí Phádraig Mac Piarais 52
Comórtas Mórtas Ceantair 2025 52
Gradam an Chathaoirligh 2025 53
Óstálann Gaillimh Gradaim Náisiúnta um Aitheantas agus Gnóthachtáil Aoisbháúil 54
Gradaim Business Post um Chlaochlú Digiteach na hEarnála Poiblí 2025 54
Tionscadal Caomhnaithe Mhainistir Ó gCormacáin 55
Séipéal agus reilig Chill Bhocht: Tionscadal Oidhreachta agus Caomhnaithe na Bliana 56
Cuspóirí Straitéiseacha agus Feidhmíocht 58
Stiúrthóireacht: Tithíocht 58
Tithíocht Ardchaighdeáin a Sheachadadh 58
Dul Chun Cinn Leanúnach i mBainistíocht Fholamh agus Leithdháiltí, 2025 59
Stoc Tithíochta Éifeachtúlachta Fuinnimh a fheabhsú 59
Tithe Folmha: Maoin Tearcúsáidte a Athbheochan agus an Soláthar Tithíochta a Leathnú 59
Plean Tithíochta - Tithe á dTógáil, Pobail á gCothú (2025–2030) 60
Tithíocht Inacmhainne a Leathnú 60
Tionscadail Chaipitil Tithíochta a chur chun cinn 60
Oscailtí oifigiúla agus cuairteanna Aireachta 60
Síniú an Chonartha 61
Seachadadh Comhoibríoch a Spreagadh – Fóram Seachadta Tithíochta 61
Stiúrthóireacht: Seirbhísí Corparáideacha, Forbairt Tuaithe, Pobail agus Turasóireachta agus Comhtháthú 61
Seirbhísí Corparáideacha 61
Sármhaitheas Seirbhíse do Chustaiméirí a Chur Chun Cinn 61
Trédhearcacht Seirbhíse a Fheabhsú 61
Straitéis Cumarsáide a Neartú 61
Staitisticí na Meán Sóisialta 62
Bonneagar an Ionaid Oibre a Nuachóiriú 62
Ag Tacú le Seirbhísí Beoga Pobail 63
An Ghaeilge agus Cultúr na Gaeilge a Chur Chun Cinn 63
Feidhmeanna Daonlathacha a Chumhachtú 63
Rialachas Láidir a Leabú 63
Saoráil Faisnéise/Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol 64
Saoráil Faisnéise 64
Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol 64
Cosaint Sonraí 65
Oiliúint Foirne um Chosaint Sonraí 2025 65
Iarratais ar Rochtain Sonraí 2025 66
Forbairt agus Comhtháthú Tuaithe, Pobail agus Turasóireachta 66
Turasóireacht 66

Cur i bhfeidhm Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe 66
Pleananna Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe (DEDP) 66
An tAontas Eorpach, Interreg agus Tionscadail an Chiste um Aistriú Cóir (JTF) 67
Forbairt an Líonra Turasóireachta 68
Tionscadail Turasóireachta Straitéiseacha 68
Comhpháirtíochtaí agus Tacaíocht Earnála 68
Ag Tacú le Forbairt an Phobail 69
Rannpháirtíocht Spóirt agus Áineasa a Mhéadú 69
Áineas Allamuigh a Fheabhsú 70
Freagairt Éigeandála Chomhordaithe a Threorú 71
Oifig na nEalaíon, Éire Ildánach agus Clár na hEalaíne Poiblí 71
Scéim Tacaíochta Pobail (CSS) 72
Clár Aoisbháúil 72
Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe (PPN) 73
Cruinnithe, Oiliúint agus Imeachtaí PPN 73
An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail: 74
An Clár Feabhsúcháin Áitiúil – LEP 2025 74
Clár um Chumhachtú Pobal 2025 76
Gaillimh Shláintiúil 77
Scéimeanna Tuaithe 79
Scéim Athnuac hana Bailte agus Sráidbhailte (SABS) 79
CLÁR (Ceantair Laga Árd-Riachtanais) 80
Seachadadh Infheistíocht CLÁR in 2025 80
Fuarthas tuilleadh infheistíochta CLÁR in 2025 81
Comhtháthú 81
Paráid Lá Fhéile Pádraig in An Cheathrú Rua: 82
Lá na hAfraice 2025 i dTuaim: 82
Seachtain Dhomhanda na nDídeanaithe: 82
An Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil 82
Stiúrthóireacht: Bonneagar Fisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála, Gníomhú ar Son na hAeráide 83
Bonneagar Iompair agus Uisce a Neartú 83
Uisce Tuaithe 84
Staidéar ar Iompar Phobal Chinn Mhara (CTS) 84
Bóthar Faoisimh Thuaidh Bhaile Átha an Rí 84
Stoirm Eowyn 84
Tionscadal Athfhorbartha Ché Inis Oírr 85
Bainistíocht Móréigeandálaí 85
Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta 86
Stiúrthóireacht: Acmhainní Daonna, Leabharlanna Cathrach agus Contae agus an Comhshaol 86

Acmhainní Daonna 86
Bainistíocht/Earcaíocht Fórsa Saothair 86
Pinsin 88
Oiliúint agus Forbairt Foirne 88
Leas na Foirne 88
Leabharlanna na Cathrach agus an Chontae 89
Comhshaol 91
Tránna 91
Reiligí 91
Dídean Madraí 91
Forfheidhmiú Comhshaoil 91
Stiúrthóireacht: Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach 92
Forbairt agus Pleanáil Gheilleagrach 92
Athbheochan Bailte agus Sráidbhailte 92
CAFU Órán Mór a Chur Chun Cinn 92
Pleanáil chun Cinn a Chur Chun Cinn 92
Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a Thógáil 92
Oifig Fiontair Áitiúil 92
Ag Tacú le Fiontar Áitiúil 92
Fás Gnó Inbhuanaithe agus Digiteach a Chur Chun Cinn 93
Leathnú Gnó a Chumasú 93
Oifig Oidhreachta 93
Caomhnú agus Cosaint Oidhreachta 93
Rannpháirtíocht Pobail 93
Cláir Oideachais, Oiliúna agus Óige 93
Maoiniú, Deontais agus Infheistíocht Straitéiseach 94
Nuálaíocht Dhigiteach agus Doiciméadú 94
Stiúrthóireacht: Airgeadas, Mótarcháin, TFC agus Claochlú Digiteach 94
Airgeadas, Mótarcháin 94
TFC agus Claochlú Digiteach 94
Torthaí an Phlean Bhliantúil Seachadta Seirbhíse 2025 96
Coistí um Beartais Straitéiseacha & Tuarascálacha na gCeantar Bardasach 162
Tuarascáil na gCoistí um Beartais Straitéiseacha 162
An Scéim um Beartas Straitéiseach don tréimhse 2025-2029 162
Tithíocht 162
Ballraíocht 162
Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn 162
Forbairt Gheilleagrach & Fiontar & Pleanáil 163
Ballraíocht 163

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn 163
Forbairt Fhisiciúil, Iompar agus Seirbhísí Éigeandála 163
Ballraíocht 163
Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn 164
Pobal, an Ghaeilge, an Ghaeltacht, Turasóireacht agus Comhtháthú 164
Ballraíocht 164
Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn 165
Cosaint Chomhshaoil agus Talmhaíocht 165
Ballraíocht 165
Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn 165
Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht & Oidhreacht 166
Ballraíocht 166
Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn 166
Tuarascáil Ceantar Bardasach 166
Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí 166
Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe 167
Ceantar Bardasach Chonamara 169
Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach 170
Ceantar Bardasach Thuama 171
Conclúid 173
Aguisíní 174
Aguisín 1: CNMI: Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) 174
Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta CNMI 2024 176
Feidhmíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe 176
Aguisín 2: Comhlíonadh agus Dea-Chleachtais 177
Ailíniú Beartais 177
Aguisín 3: Comhaltaí Tofa atá ainmnithe chuig Coistí agus Tuarascálacha na gCeantar Bardasach 178
Comhaltaí Tofa Ainmnithe do Choistí agus Comhlachtaí Eile 178
Comhdhálacha ar fhreastail Comhaltaí Tofa orthu 180
Imeachtaí Oiliúna ar fhreastail Comhaltaí Tofa orthu 180
Speansais na gComhaltaí Tofa 2025 182
Íocaíochtaí a dhéantar le Comhaltaí Neamhthofa de Choistí Údaráis Áitiúil 186
Aguisín 4: Dualgas Earnála Poiblí Faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 187
Seirbhísí Corparáideacha 187
Seirbhísí Leabharlainne Cathrach & Contae 190
Comhshaol 192
Pobal, Forbairt Tuaithe agus Comhtháthú 193
Bonneagar Fisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála agus Gníomhú ar Son na hAeráide 195
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide 196

Aguisín 5: Príomhoifigigh/Oifigí na Comhairle 197
Tithíocht 197
Bonneagar Fisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála agus Gníomhú ar Son na hAeráide 197
Innealtóirí Ceantair 198
Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach 198
Seirbhís Chorparáideach, Forbairt Tuaithe, Pobail agus Turasóireachta agus Comhshaol 198
Airgeadas, Mótarcháin, TFC agus Claochlú Digiteach 199
Acmhainní Daonna, Leabharlanna Cathrach agus Contae agus an Comhshaol 199



Teachtaireacht ó Chathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe

Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe, is cúis áthais dom an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur i láthair, ina leagtar amach an obair a rinneadh agus an dul chun cinn suntasach a rinne an t-údarás áitiúil i rith 2025. Is onóir agus pribhléid dom fónamh mar Chathaoirleach agus ionadaíocht a dhéanamh do Ghaillimh mar a Céad Shaoránach, ceann a thug mé faoi le bród, tiomantas agus mothú domhain freagrachta.

Tugann an tuarascáil seo forbhreathnú cuimsitheach ar an raon leathan seirbhísí, clár agus tionscadal straitéiseach a seachadadh ar fud an Chontae le bliain anuas. Léiríonn scála agus éagsúlacht na hoibre seo tiomantas leanúnach na Comhairle chun tacú le forbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus fhisiciúil ár bpobal. Tá ár ndiongbháilteacht a chinntiú go bhfaigheann gach saoránach seirbhísí atá éifeachtach, iontaofa, agus a sheachadtar le hionracas lárnach don tiomantas seo.

I rith 2025, d'oibrigh mé féin agus mo Chomhaltaí Tofa go dlúth le Bainistíocht na Comhairle chun acmhainní a leithdháileadh ar sheirbhísí riachtanacha agus ar thionscnaimh tosaíochta. Is toradh ar chomhoibriú láidir idir Comhaltaí Tofa, an Feidhmeannas, ionadaithe an Oireachtais, eagraíochtaí pobail, agus go leor páirtithe leasmhara eile a chuireann le folláine agus le dul chun cinn an Chontae na héachtaí a phléitear sa tuarascáil seo.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le foireann Chomhairle Contae na Gaillimhe as a ngairmiúlacht, a ndúthracht agus a gcuid cúnaimh laethúil do mhuintir agus do phobail Chontae na Gaillimhe. Táim thar a bheith buíoch dár bPríomhfheidhmeannach, Liam Conneally, agus dá Fhoireann Feidhmiúcháin as an tacaíocht leanúnach a thugann siad domsa agus do na Comhaltaí Tofa go léir agus muid i mbun ár ndualgas.

Gabhaim buíochas ar leith freisin Leas-Chathaoirleach, an Clr Mary Hoade, as a cúnamh agus a tiomantas luachmhar i rith na bliana. Tá meas mór againn ar a cuid tacaíochta agus léiríonn sí na hardchaighdeáin a choinníonn an t-údarás áitiúil seo i bhfeidhm.

Mar fhocal scoir, aithním agus molaim mo chomhghleacaithe Comhairleoirí as a gcuid oibre crua agus a ndúthracht leanúnach chun feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do gach uile duine a bhfuil cónaí orthu inár gcontae. Táim ag tnúth leis an dul chun cinn seo a fhorbairt le chéile sa bhliain atá romhainn.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl leis na comhairleoirí eile, leis an bhfoireann feidhmiúcháin agus le foireann na Comhairle ar fad. Leanfaimid orainn ag obair linn agus ag comhoibriú lena chéile, ar son mhuintir na Gaillimhe ar fad.

Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain 2025 a chur i láthair. Bhí an bhliain seo lán le huaillmhian, dul chun cinn seasta agus athléimneacht ar fud na heagraíochta, agus leanamar orainn ag freastal ar ár bpobail agus ag an am céanna, na tosaíochtaí a leagtar amach inár bPlean Corparáideach 2025–2029 á gcur chun cinn againn.

Le linn 2025, dhíríomar ar sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar, rialachas a neartú, agus a chinntiú go bhfreagródh ár dtacaíochtaí pleanála, bonneagair agus pobail do riachtanais chontae éagsúil atá ag fás. Mhéadaíomar ár leibhéil foirne chun tacú le seachadadh seirbhísí agus chun cumas na heagraíochta a neartú. Chuireamar béim láidir freisin ar inbhuanaitheacht, cumas digiteach, taithí an chustaiméara agus cumarsáid—agus thugamar faoi deara go bhfuil na réimsí seo lárnach do thodhchaí an rialtais áitiúil agus riachtanach chun freastal ar riachtanais na ndaoine a bhfreastalaímid orthu. Neartaíonn an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2025–2029, arna ghlacadh ag na Comhaltaí Tofa agus atá ailínithe leis an bPlean Corparáideach, ár dtiomantas do sheirbhísí inrochtana, comhsheasmhacha agus dírithe ar an gcustaiméir a sholáthar ar fud na n-aonad uile.

Cuireadh tús le roinnt tionscnamh straitéiseach tábhachtach i mbliana freisin. Cuireadh tús leis an obair ar Straitéis Eacnamaíoch na Gaillimhe, a threoróidh forbairt eacnamaíoch agus tosaíochtaí infheistíochta don chontae. Chuireamar ár gClár Oibre Digiteach chun cinn trí sheoladh shuíomh gréasáin nua na Comhairle, trí Phlean Cibearshlándála na Comhairle a thosú, ár n-athléimneacht a neartú agus córais shlána, nua-aimseartha a chinntiú don fhoireann agus d'úsáideoirí seirbhíse. Neartaíonn an infheistíocht seo i seachadadh seirbhísí digiteacha ár gclár oibre claochlaithe foriomlán agus feabhsaíonn sé ár gcumas freastal ar ionchais na gcustaiméirí a bhíonn ag athrú. Leanadh le dul chun cinn suntasach ar Chrios Dícharbónaithe na Gaillimhe, agus tacaíocht á fáil aige ó rannpháirtíocht láidir ón bpobal agus ó ardleibhéil rannpháirtíochta áitiúla. Ar fud ár gcúig Cheantar Bardasach, leagamar béim ar leith ar fhreagairt do riachtanais agus tosaíochtaí ar leith gach ceantair, agus aitheantas á thabhairt againn do thábhacht na féiniúlachta áitiúla agus seachadta seirbhísí saincheaptha.

Arís, le linn 2025, dhírigh an Chomhairle ar chleachtais oibre Sláinte agus Sábháilteachta ar fud na heagraíochta.

Leanadh leis an dul chun cinn ar Thionscadal ilbhliantúil Leathnú Cóiríochta Oifige na Ceanncheathrún de chuid na Comhairle. Treoróidh an obair pleanáil fhadtéarmach chun timpeallachtaí oibre sábháilte, nua-aimseartha agus éifeachtúla a chinntiú don fhoireann agus bunchloch láidir le haghaidh seachadadh seirbhíse éifeachtach. Bhí tacaíocht na gComhaltaí Tofa ríthábhachtach chun an tionscnamh straitéiseach tábhachtach seo a chur chun cinn.

Buaicphointe suntasach na bliana ab ea seoladh shuíomh gréasáin nua na Comhairle, rud a léiríonn céim shuntasach chun cinn i réimse na hinrochtaineachta, na cumarsáide agus na rannpháirtíochta poiblí.

Bhíomar in ann na héachtaí seo a bhaint amach a bhuíochas le hiarrachtaí comhchoiteanna ár gcomhaltaí tofa, ár bhfoireann, ár gcomhpháirtithe rialtais, ár bpáirtithe leasmhara agus ár ngrúpaí pobail ar fud an Chontae.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe as a ngairmiúlacht, a seasmhacht agus a ndúthracht i rith na bliana. Is é a dtiomantas don tseirbhís phoiblí a spreagann an eagraíocht chun cinn. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don Chathaoirleach agus do na Comhaltaí Tofa as a gceannaireacht agus a dtacaíocht leanúnach agus ionadaíocht á déanamh acu ar a bpobail agus iad ag abhcóideacht ar a son.


Agus muid ag féachaint chun cinn i dtreo 2026, leanfaimid orainn ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh i mbliana-ag cur tionscadail thábhachtacha chun cinn, ag glacadh le nuálaíocht agus ag obair i gcomhar le chéile chun tacú le pobail inbhuanaithe, bríomhara agus chuimsitheacha ar fud Chontae na Gaillimhe.

Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2025-2029



Leagtar amach i **bPlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2025-2029**, arna ghlacadh ag na Comhaltaí Tofa, treo straitéiseach na Comhairle maidir le forbairt ár gcontae thar na cúig bliana atá romhainn. Sainítear ár misean, ár bhfís agus ár bpríomhluachanna ann, atá dírithe ar fad ar cháilíocht beatha mhuintir Chontae na Gaillimhe a fheabhsú trí thacaíocht a thabhairt do phobail láidre, geilleagar áitiúil athléimneach a chumasú agus seirbhísí poiblí éifeachtacha, inbhuanaithe a sholáthar. https://www.galway.ie/sites/default/files/2026-04/Plean%20Corpar%C3%A1ideach%202024-2029.pdf.

Ba é 2025 an chéad bhliain de chur i bhfeidhm an Phlean Chorparáidigh. Leagtar amach sa Phlean sraith **cuspóirí straitéiseacha** agus straitéisí tacaíochta traitéisí tacaíochta a threoraíonn an chaoi a ndéanann an Chomhairle a cuid oibre a phleanáil, a thugann sí tús áite do ghníomhartha agus a thomhaiseann sí dul chun cinn. Tá na straitéisí seo mar bhonn agus taca freisin le forbairt na bPleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla agus Sceideal Oibreacha Ceantair Bhardasaigh gach bliain.



Leagtar amach i bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2025 príomhchuspóirí, seirbhísí agus tosaíochtaí na Comhairle don bhliain. Neartaíonn sé cuntasacht trí spriocanna soiléire a chur i láthair, treoir a thabhairt maidir le conas a leithdháiltear acmhainní agus creat a sholáthar chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht. Léiríonn an Plean freisin tiomantas na Comhairle do chaighdeáin náisiúnta agus do dhea-chleachtas, lena n-áirítear Táscairí Feidhmíochta CNMI, Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus Dualgas na hEarnála Poiblí. https://www.galway.ie/sites/default/files/202506/Annual%20Service%20Delivery%20plan%202025.pdf

Cuirtear achoimre ar fheidhmíocht i gcoinne spriocanna ASDP 2025 i láthair sa chuid den tuarascáil seo maidir le Cuspóirí Straitéiseacha agus Feidhmíocht, agus tá tuilleadh sonraí faoi phríomhtháscairí feidhmíochta in **Aguisín 1**.

Tá tuilleadh eolais ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ar an bPlean Corparáideach 2025–2029, atá foilsithe in éineacht le Buiséad Bliantúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2025.

https://www.galway.ie/en/finance/financial-publications/budget

Ár bhFís

Contae a bhfuil braistint shoiléir féiniúlachta aige a léiríonn a oidhreacht, a chultúir agus a phobail éagsúla, agus forbairt eacnamaíoch agus pobail inbhuanaithe agus chuimsitheach á cur chun cinn aige, agus rannpháirtíocht trí chomhoibriú le páirtithe leasmhara agus rannpháirtíocht a phobail éagsúla iomadúla

Ár Misean


Is é an misean atá againn idir 2025 agus 2029 ná contae a chur chun cinn atá tarraingteach, athléimneach agus cuimsitheach inar féidir cónaí a bheith ort ann, oibriú ann agus cuairt a thabhairt air. Cuirfimid ar chumas ár bpobail agus ár ngnólachtaí éagsúla a bheith rath a bhaint amach i dtimpeallacht a thairgeann raon roghanna tithíochta, raon láidir deiseanna fostaíochta, rochtain ar bhonneagar ardchaighdeáin agus áiseanna pobail le timpeallacht inbhuanaithe ardchaighdeáin chun freastal ar riachtanais gach duine.
Déanfaimid é sin mar an príomhchomhlacht daonlathach áitiúil i nGaillimh, ag déanamh ionadaíocht do mhuintir na Gaillimhe, le dínit, i ngach gné dá saol agus dá bhféiniúlacht, tiomanta do chomhionannas, éagsúlacht, rannpháirtíocht, dínit agus cuimsiú i ngach gné dár ról daonlathach. Beimid straitéiseach ó thaobh ár bpleanáil don todhchaí de agus díreoimid ar ár seachadadh laethúil seirbhísí do mhuintir na Gaillimhe

Ár mBunluachanna

Cuntasach:
Beimid freagrach do mhuintir na Gaillimhe.

Daonlathach
Is muid a dhéanann ionadaíocht dhaonlathach do mhuintir na Gaillimhe.

Inbhuanaithe:
Cothóimid féiniúlacht an Chontae. Cuirfimid ár gcuid seirbhísí ar fáil chun a chinntiú gur áit inbhuanaithe í Gaillimh agus go gcaitear le muintir na Gaillimhe le dínit agus le meas.



Cabhrach:
Tabharfaimid cabhair dár gCónaitheoirí agus dár gcustaiméirí agus tacóimid le timpeallacht inrochtana dár bpobail go léir, agus ár ndícheall á dhéanamh againn ag an am céanna prionsabail agus cleachtas maidir le dearadh uilíoch a chur chun cinn, a chur i bhfeidhm agus a chumasú don bhonneagar agus don ríocht phoiblí, agus do sholáthar seirbhíse agus ionaid oibre.

Luach ar Airgead:
Cuirfimid luach ar airgead ar fáil.

Ionchuimsitheach:
Táimid tiomanta do bheith ionchuimsitheach, agus folláine agus caighdeán na beatha a chumasú d'éagsúlacht iomlán mhuintir na Gaillimhe. Oibreoimid chun rannpháirtíocht a chur chun cinn agus chun tacú léi agus chun struchtúir rannpháirtíochta agus próisis chomhpháirtíochta a bhunú agus dul i ngleic leo.

Rialachas agus Struchtúr

Struchtúr Eagraíochtúil i gComhairle Chontae na Gaillimhe

I gcomhréir leis an Acht Rialtais Áitiúil 2001, agus leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, is príomhfheidhm de chuid údaráis áitiúil í fóram a chur ar fáil d'ionadaíocht dhaonlathach an phobail áitiúil agus ceannaireacht shibhialta a sholáthar don phobal. Ina theannta sin, tá freagracht ar an údarás áitiúil as raon seirbhísí, feidhmeanna rialála agus forfheidhmithe a chur ar fáil, agus as príomhréimsí a fhorbairt lena n-áirítear cúrsaí eacnamaíochta, gnó, oidhreachta agus cultúrtha. Thug an tAcht um Athchóiriú, a bhunaigh na Ceantair Bhardasacha agus a dhíscaoil na Comhairlí Baile, na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla isteach (CFPÁ) a bunaíodh mar choistí de chuid an údaráis áitiúil i ngach ceantar rialtais áitiúil. Foráladh sa reachtaíocht do scor na mBord Forbartha Contae agus do thabhairt isteach an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.

I mí an Mheithimh 2025, bhunaigh an Rialtas Tascfhórsa um Dhaonlathas Áitiúil chun clár athchóirithe a chur chun cinn a bhfuil sé mar aidhm leis an rialtas áitiúil a neartú. Áirítear ar shainchúram an Tascfhórsa scrúdú a dhéanamh ar struchtúr, cumhachtaí agus rialachas na n-údarás áitiúil, agus béim ar leith á leagan ar ról agus ar fheidhmiú na gCeantar Bardasach. Foráiltear leis na Téarmaí Tagartha athbhreithniú bunaithe ar fhianaise ar réimsí tábhachtacha amhail struchtúr, airgeadas, feidhmeanna agus cuntasacht, agus táthar ag súil go gcuirfidh an Tascfhórsa a mholtaí chun cinn laistigh de thréimhse a 6–9 ón tráth ar bunaíodh é.

Críochnaíodh tuarascáil deiridh an Tascfhórsa um Dhaonlathas Áitiúil agus cuireadh faoi bhráid an Aire í i mí an Mhárta 2026, agus tá plean cur chun feidhme á fhorbairt anois. Foilseofar an tuarascáil agus an plean cur chun feidhme araon a luaithe a bheidh siad breithnithe agus faofa ag an Rialtas.

An Chomhairle

Leagann na naoi gComhairleoir is tríocha tofa ó na Ceantair Bhardasacha síos le chéile an chreatlach don bheartas faoina bhfeidhmíonn Foireann Feidhmiúcháin. Is é Grúpa Beartais Chorparáidigh agus sé Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) a dhéanann beartais a cheapadh agus a aontaíonn orthu. Tá na CBSanna comhdhéanta de chomhaltaí tofa agus ionadaithe deonacha/earnála a athbhreithníonn agus a cheapann beartas i réimse iomlán fheidhmeanna na Comhairle. Tá an Fhoireann Bainistíochta faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh comhdhéanta de Stiúrthóirí Seirbhísí, an Ceann Airgeadais, an Gníomhaire Dlí, agus feidhmíonn an Rúnaí Contae i gcáil feidhmiúcháin.

Ceantair Bhardasacha

Tá cúig Cheantar Bhardasacha bunaithe i gContae na Gaillimhe (le seacht dToghlimistéar Áitiúla), agus freastalaíonn comhaltaí tofa ón limistéar sin orthu. Dearadh na Ceantair Bhardasacha chun rialachas, coimhdeacht, agus freagracht dhaonlathach a fheabhsú. Tá sé i gceist freisin go bhfeabhsóidh na socruithe seo éifeachtúlacht oibríochta agus luach ar airgead, agus struchtúr feidhmiúcháin agus oibríochta amháin ann don chontae trí chéile. Is comhlachtaí cinnteoireachta iad na Ceantair Bhardasacha seachas struchtúir chorparáideacha.

An Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC)

Sa Ghrúpa Beartais Chorparáidigh tá Cathaoirleach na Comhairle Contae, Cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha agus faigheann sé tacaíocht ón bPríomhfheidhmeannach. Nascann an GBC obair na CBSanna éagsúla le chéile agus cuireann sé fóram ar fáil inar féidir aontú ar na seasaimh beartas a théann i bhfeidhm ar an gComhairle ar fad, lena gcur i láthair na Comhairle iomláine. Cuireann an GBC comhairle ar an gComhairle, cabhraíonn sé léi agus cuireann sé ionchur ar fáil ar chúrsaí ábhartha ginearálta. Tá ról aige freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán an údaráis áitiúil. Tionóladh 11 gcruinniú de chuid an GBC in 2025. Tá ról lárnach ag an GBC freisin maidir le:

- **An Buiséad a Ullmhú**: An buiséad a fhorbairt i gcomhréir leis na treoirlínte bunaithe ar an bpróiseas buiséadach.
- **Ionchur a sholáthar don Chomhairle Iomlán**: Léargais agus moltaí ar ábhair imní ghinearálta a thabhairt don Chomhairle, go réamhghníomhach nó má iarrtar amhlaidh.
- **Aghaidh a thabhairt ar Cheisteanna Seachadta Seirbhíse**: Maoirseacht a dhéanamh ar shaincheisteanna foriomlána a bhaineann le pleananna seachadta seirbhíse, seirbhís do chustaiméirí, agus luach ar airgead. Déanfaidh CBSanna aonair na saincheisteanna seo a láimhseáil laistigh dá sainchúram seirbhíse.
- **Obair CBS a Chomhordú**: Gníomhaíochtaí na CBSanna a chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcláir oibre.
- **Breithnithe Beartas a Iarraidh**: Iarr ar CBSanna saincheisteanna beartas ar leith a bhreithniú nuair is cuí.
- **Aiseolas a Thabhairt**: Aiseolas a thairiscint do na CBSanna ar bheartais agus dearcthaí na Comhairle i réimsí a bhaineann lena gcuid oibre.

Tionóladh dhá chruinniú de Chomhghrúpaí Beartais Chorparáidigh Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe in 2025 freisin. Éascaíonn na coistí seo cur chuige comhoibríoch i leith rialachais.

Ina theannta sin, bhuail an dá Ghrúpa Beartais Chorparáidigh le Comhaltaí den Oireachtas in Halla an Chontae i rith na bliana. Tugann na rannpháirtíochtaí seo deis thábhachtach do na comhairlí cumarsáid a dhéanamh go díreach le hionadaithe an Rialtais.

Coiste um Beartais Straitéiseacha (CBS)

Cuireann struchtúr an CBS creat agus deis ar fáil d'ionadaithe tofa chun a ról mar lucht déanta beartas foriomlán a chomhlíonadh agus, ina theannta sin, cuireann sé deiseanna ar fáil do chomhpháirtíochtaí a bhfuil leasanna áitiúla acu agus d'ionadaithe pobail. Cuireann CBSanna fóram ar fáil chun ár gcumas a fheabhsú i dtaca le ról a imirt maidir le ceapadh, athbhreithniú agus luacháil beartas, le cabhair ionsuite ó leasanna earnála ábhartha agus le tacaíocht ón Stiúrthóir Seirbhísí.

Le linn na tréimhse 2025- 2029, bhunaigh an Chomhairle sé Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBSanna) comhdhéanta de Chomhairleoirí agus d'Ionadaithe Earnálacha. Tá comhdhéanamh na gcoistí seo leagtha amach sa tábla thíos:

Scéim CBS 2025-2029	Comhaltaí Tofa	Ionadaithe Earnála	Coiste Iomlán	Líon na gCruinnithe a reáchtáladh Eanáir – Nollaig 2025	Na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn
Tithíocht	7	4	11	4	• 'Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine i Réigiún an Iarthair 2025-2027 • Straitéis Iompar Frithshóisialta • Togra le haghaidh leasú ar an Scéim Leithdháileadh Tithíochta - Safe Home Ireland • Dréachtphlean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Chomhairle Contae na Gaillimhe 2025 – 2027
Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontraíocht	6	4	10	4	• Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach • CTCC • Pleananna Lár an Bhaile

					• Straitéis chomhpháirteach miondíola • Cláir OFÁ • Athrú ar an bPlean Forbartha
Iompar & Bonneagar	7	4	11	4	• An tAthbhreithniú Náisiúnta ar Luasteorainneacha • Beartas maidir le Gearradh Fál • Dréachtphlean Sábháilteachta Bóthair • Páirceáil íoctha Chomhairle Chontae na Gaillimhe • Tionscnamh Stadanna Bus ó thaisteal gníomhach
Forbairt Pobail agus Cultúir	6	4	10	0	• I bhfianaise na hoibre suntasaí ar an gclár oibre agus i bhfianaise na n-athruithe ar bhallraíocht an choiste a bhfuiltear ag súil leo, measadh gurbh fhearr na saincheisteanna a chur chun cinn faoin gcoiste nua chun plé críochnúil agus seasmhach a chinntiú
An tAthrú Aeráide agus an Bhithéagsúlacht	6	4	10	4	• Cur i bhFeidhm an Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta agus an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, Rannpháirtíocht Pobail agus Maoiniú
Cosaint Chomhshaoil agus Talmhaíocht	6	4	10	3	• Plean Bainistíochta Bruscair 2023-2025 • Plean Náisiúnta Cigireachta Talmhaíochta / Plean Uisce • Bonneagar Bainistíochta Dramhaíola

Comhaltaí Tofa

Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí agus Órán Mór



An Comh
James Charity

jcharity@cllr.galwaycoco.ie

0872191792



An Comh
Peter Feeney

pfeeney@cllr.galwaycoco.ie

0876812403



An Comh
Tomas Grealish

tgrealish@cllr.galwaycoco.ie

0868283110



An Comh
Cathaoirleach
David Collins

davidcollins@cllr.galwaycoco.ie

0877831687



An Comh
Cillian Keane

cilliankeane@cllr.galwaycoco.ie

0871930764



An Comh
Seán Broderick

sbroderick@cllr.galwaycoco.ie

0879335477



An Comh
Martin McNamara

mmcnamara@cllr.galwaycoco.ie

0872804295

Ceantar Bardasach Thuama



An Comh
Shaun Cunniffe

scunniffe@cllr.galwaycoco.ie

0878161663



An Comh
Leaschathaoirle
ach Mary Hoade

mhoade@cllr.galwaycoco.ie

0872255979



An Comh
Donagh Mark
Killilea

dkillilea@cllr.galwaycoco.ie

0866079563



An Comh Karey
McHugh Farag

kmchugh@cllr.galwaycoco.ie

0872822225



An Comh
Andrew
Reddington

areddington@cllr.galwaycoco.ie

0876458115



An Comh
Siobhan
McHugh Ryan

smchughryan@cllr.galwaycoco.ie

0870026433



An Comh
Ollie Turner

oturner@cllr.galwaycoco.ie

0862626958

Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach



An Comh Michael "Moegie" Maher

mmaher@cllr.galwaycoco.ie

0868109185



An Comh Jimmy McClearn

jmcclearn@cllr.galwaycoco.ie

0872191792



An Comh Declan Kelly

dnkelly@cllr.galwaycoco.ie

0868032732



An Comh Ivan Canning

icanning@cllr.galwaycoco.ie

0871376666



An Comh Shane Curley

shane.curley@oireachtas.ie

0862706550



An Comh Geraldine Donohue

gdonohue@cllr.galwaycoco.ie

0861692827



An Comh Gerry Finnerty

gfinnerty@cllr.galwaycoco.ie

0872674295



An Comh Paul Killilea

pkillilea@cllr.galwaycoco.ie

0879763930



An Comh Martina Kinane

mkinane@cllr.galwaycoco.ie

0872692102



An Comh PJ Murphy

pj.murphy@oireachtas.ie

0877905401

Comhthoghadh don Chomhairle in 2025:

Tar éis toghcháin Sheanad Éireann i mí Eanáir 2025, toghadh beirt Chomhaltaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar seirbhís – an Comhairleoir Shane Curley agus an Comhairleoir P.J. Murphy – go Seanad Éireann. I gcomhréir leis na forálacha reachtúla, chríochnaigh an Chomhairle an próiseas comhthofa chun ionadaíocht leanúnach a chinntiú do Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach. Ag an gCruinniú Iomlánach an 24 Márta 2025, comhthoghadh an Comhairleoir Michael Regan chun an folúntas a líonadh a eascair as toghchán an Chomhairleora Curley. Ag an gCruinniú Iomlánach an 28 Aibreán 2025, comhthoghadh an Comhairleoir Laurie Harney chun an folúntas a líonadh a eascair as toghchán an Chomhairleora Murphy.



Ceantar Bardasach Chonamara



An Comh
Eileen Mannion

emannion@cllr.galwaycoco.ie

0879555645



An Comh
Thomas Welby

twelby@cllr.galwaycoco.ie

0872855676



An Comh
Séamus Walsh

swalsh@cllr.galwaycoco.ie

0870519884



An Comh
Gerry King

gerryking@cllr.galwaycoco.ie

0861798749



An Comh Tomás
Ó Curraoin

Bearna
Co. na Gaillimhe

0872933782



An Comh
Pádraig Mac an
Iomaire

pmacaniomaire@cllr.galwaycoco.ie

0879213795



An Comh
Michael Leainde

mleainde@cllr.galwaycoco.ie

0863134491



An Comh
Máirtín Lee

mlee@cllr.galwaycoco.ie

0877372147



An Comh
Noel Thomas

nthomas@cllr.galwaycoco.ie

0877372147

Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe



An Comh
Declan Geraghty

dgeraghty@cllr.galwaycoco.ie

0862543304



An Comh
Dermot Connolly

dconnolly@cllr.galwaycoco.ie

0860886160



An Comh
Michael Connolly

mconnolly@cllr.galwaycoco.ie

0876829049



An Comh
Alan Harney

aharney@cllr.galwaycoco.ie

0879904456



An Comh
Peter Keaveney

pkeaveney@cllr.galwaycoco.ie

0872533098




An Comh an Dr.
Evelyn Francis

efrancisparsons@cllr.galwaycoco.ie

0871365793

Struchtúr Eagraíochtúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2025



Liam Conneally
Príomhfheidhmeannach

Tithíocht	Bonneagar Fisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála, Gníomhú ar Son na hAeráide	Acmhainní Daonna, Leabharlanna Cathrach & Contae agus Comhshaol	Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach	Seirbhísí Corparáideacha, Forbairt Tuaithe, Pobail agus Turasóireachta agus Comhtháthú	Airgeadas, Mótarcháin, TFC agus Claochlú Digiteach	Gníomhairí Dlí
Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe	Ceantar Bardasach Chonamara	Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach	Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí	Ceantar Bardasach Thuama		
Damien Mitchell	Uinsinn Finn	Eileen Ruane	Liam Hanrahan	Michael Owens	Katie O'Connor	Robert Meehan










Rialachas

Baineann dea-rialachas san earnáil phoiblí le tosaíochtaí a sheachadadh, cuspóirí a bhaint amach, iompar le hionracas, agus gníomhú ar mhaithe le leas an phobail agus ar bhealaí atá comhsheasmhach le hoibleagáidí dlí, rialála agus beartais rialtais.

Foilsíodh cód rialachais nua d'údaráis áitiúla in 2024 agus tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, comhaontaíodh go gcuirfí i bhfeidhm é ar bhonn céimneach, agus go mbeadh socruithe idirthréimhseacha i bhfeidhm ar feitheamh cur chun feidhme iomlán. Bunaithe ar sheacht bprionsabal rialachais, léiríonn Cód Rialachais an Rialtais Áitiúil seo sainriachtanais na n-údarás áitiúil, aithníonn sé a mbonn reachtúil neamhspleách agus a sainstruchtúir rialachais, agus a gcomhlíontacht le hoibleagáidí reachtúla agus ceanglais rialála.



Ráiteas Rialachais

Aidhm

Is é cuspóir an ráitis rialachais seo faisnéis ábhartha a sholáthar ar na struchtúir rialachais agus na socruithe rialachais laistigh den údarás áitiúil lena n-áirítear ar an gcomhairle, ar choistí, ar bhainistíocht shinsearach agus ar réimsí gaolmhara. Léiríonn sé ár dtiomantas do rialachas éifeachtach, aithníonn sé príomhriachtanais reachtaíochta agus dea-rialachais agus dearbhaíonn sé go bhfuil an Chomhairle ag comhlíonadh oibleagáidí an Chóid Rialachais Rialtais Áitiúil.

Dea-Rialachas

Go bunúsach, baineann dea-rialachas san earnáil rialtais áitiúil agus san earnáil phoiblí níos leithne le tosaíochtaí a sheachadadh, cuspóirí a bhaint amach, iompar le hionracas agus gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, ar bhealaí atá comhsheasmhach le hoibleagáidí dlí, rialála agus beartais rialtais. Tagraíonn rialachas don chreat rialacha, caidreamh, córas agus próiseas trína ndéantar an t-údarás áitiúil a threorú, a rialú agus a thabhairt chun cuntais agus trína bhfeidhmítear agus ina gcothaítear údarás laistigh d'eagraíocht. Cuimsíonn sé údarás, freagracht, maoirseacht agus ceannaireacht, treoir agus rialú.

Prionsabail Dea-Rialachais

CROÍPHRIONSABAL 1 - Is ionann dea-rialachas agus díriú ar chuspóir an údaráis, ar thorthaí a sheachadann tairbhí inbhuanaithe eacnamaíocha, pobail agus sochaíocha níos leithne agus ar fhís a chur i bhfeidhm don údarás áitiúil.
CROÍPHRIONSABAL 2 - Is ionann dea-rialachas agus luachanna na seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí ardchaighdeáin iompair a chomhlíonadh.
CROÍPHRIONSABAL 3 - Is ionann dea-rialachas agus comhaltaí agus oifigigh ag obair le chéile chun cuspóir coiteann a bhaint amach laistigh de chreat ina bhfuil feidhmeanna agus róil sainithe go soiléir.
CROÍPHRIONSABAL 4 - Is ionann dea-rialachas agus cumas eagraíochta agus cumas ceannaireachta, cumas na gcomhaltaí agus na n-oifigeach a fhorbairt chun feidhmiú go héifeachtach agus cuspóir na heagraíochta a chomhlíonadh.
CROÍPHRIONSABAL 5 - Is ionann dea-rialachas agus cinntí eolasacha agus trédhearcacha a dhéanamh agus rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú.
CROÍPHRIONSABAL 6 - Is ionann dea-rialachas agus dul i ngleic go hoscailte agus go cuimsitheach le daoine áitiúla, le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara eile chun freagracht láidir phoiblí a chinntiú.
CROÍPHRIONSABAL 7 - Is ionann dea-rialachas agus rannchuidiú go gníomhach le cur chun cinn agus baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe trí na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí laistigh den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus fhorálacha an Achta um Aeráid a sheachadadh

Ár dTiomantas do Dhea-Rialachas

Mar Chathaoirleach agus mar Phríomhfheidhmeannach na Comhairle, agus thar ceann na gcomhaltaí tofa, na bainistíochta agus na foirne deimhnímid:

- Go bhfuil na prionsabail rialachais glactha againn mar bhunchloch agus mar bhunfhealsúnacht ar an gcaoi a bhfeidhmímid mar chomhlacht rialaithe agus mar fheidhmeannas.
- Gur glacadh le Cód Rialachais an Rialtais Áitiúil agus go bhfuil athbhreithniú agus measúnú á dhéanamh ar a mhéid atá an Chomhairle ag comhlíonadh an Chóid.
- Go gcuireann an Príomhfheidhmeannach an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais faoi bhráid na gComhaltaí Tofa agus faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an SIFC agus soláthraíonn sé dearbhú ar bhonn bliantúil do na Comhaltaí Tofa.
  Tá meicníochtaí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta chun na Comhaltaí Tofa a chur ar an eolas faoi aon saincheisteanna a thagann chun cinn lasmuigh den ghnáth-thuairisciú bliantúil.
- Go n-admhaítear agus go gcloítear le comhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla agus rialála.
- Go bhfuil soiléireacht maidir le róil agus freagrachtaí bunaithe ar na feidhmeanna forchoimeádta agus feidhmiúcháin agus bunaithe ar théarmaí tagartha an choiste.
- Go bhfuil Cóid Iompair agus dearbhuithe eitice do chomhaltaí agus d'fhostaithe i bhfeidhm.
- Go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 agus deimhniú go bhfuil an tuarascáil bhliantúil a éilítear faoi alt 22(1) den Acht foilsithe.
- Déanann an Chomhairle agus na Coistí athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht féin ar bhonn tréimhsiúil.
- Tá socruithe cuí maoirseachta rialachais bunaithe againn maidir le fochuideachtaí, cuideachtaí comhlachaithe agus cuideachtaí gaolmhara.
- Mar chuid dár dtiomantas maidir le maoirseacht agus freagracht éifeachtach, tá ár gcreat dearbhaithe foriomlán forbartha againn agus leanaimid ag cur leis trí úsáid a bhaint as foinsí dearbhaithe seachtracha agus inmheánacha chun dea-fheidhmíocht a chinntiú mar chuid dár gcultúr rialachais.

Cathaoirleach
Dáta: 27 Aibreán 2026

Príomhfheidhmeannach
Dáta: 27 Aibreán 2026

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais 2025 (SIFC)

Réamhrá

Tá mise, Liam Conneally, Príomh-Fheidhmeannach (PF) Chomhairle Chontae na Gaillimhe, freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil (RAB), arna ullmhú ag an Stiúrthóir Airgeadais, i gcomhréir leis an gcód cleachtais cuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil na ráitis airgeadais de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, i gcomhréir leis na leabhair chuntais agus ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na ceanglais chuntasaíochta de chuid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá RAB faoi réir iniúchta sheachtraigh, a dhéanann iniúchóir de Sheirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil, arb é an cuspóir atá leis teacht ar thuairim neamhspleách ar na cuntais agus a lua cé acu an léiríonn an ráiteas airgeadais bliantúil *go cothrom staid airgeadais* an údaráis áitiúil agus a ioncaim agus a chaiteachais don tréimhse atá i gceist, agus cé acu an gcloíonn idirbhearta de chuid an chomhlachta iniúchta leis an údarú reachtúil nó le húdarú eile faoina maítear go ndearnadh iad.

Tuairiscítear in RAB ar ghníomhaíocht laethúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe i bhfoirm an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach agus Caiteachas, arna hachoimriú de réir Rannóige. Leagtar amach sa Ráiteas ar Staid Airgeadais staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Chontae na Gaillimhe amhail an 31 Nollaig 2025.

Léiríonn an *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* caiteachas agus ioncam maidir le reáchtáil laethúil Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Seo a leanas príomhfhoinsí ioncaim Chomhairle Chontae na Gaillimhe:

	An Bhliain Reatha 2025 €	An Bhliain Roimhe seo 2024 €
Earraí agus Seirbhísí	25,912,580	25,643,229
Deontais agus Fóirdheontais	96,483,831	96,716,263
Ranníocaíochtaí Eile (mar is cuí)	8,973,701	9,026,836
Rátaí	42,634,599	36,093,665
An Cháin Mhaoine Áitiúil	22,680,030	20,309,071

Seo a leanas an ghníomhaíocht maidir leis an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2025:

	An Bhliain Reatha 2025 €	An Bhliain Roimhe seo 2024 €
Ioncam Iomlán (lena n-áirítear rátaí agus CMÁ)	196,684,741	187,789,064
Caiteachas	187,843,046	181,356,236
Aistriú chuig cúlchistí	8,840,212	6,431,275
Barrachas don bhliain	1,484	1,553
Cúlchiste Ioncaim Tosaigh	47,756	46,204
Cúlchiste Ioncaim Deiridh	49,240	47,756

Chonaic an t-ioncam iomlán sa bhliain reatha, dar dáta an 31 Nollaig 2025, méadú bliain ar bhliain de bheagnach €9m (5%) agus méadú €10m i gcomparáid leis an mBuiséad Glactha. Is léiriú é an leibhéal fáis sin ar chaiteachas ar an leibhéal seirbhísí a sholáthraíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe don gheilleagar áitiúil.

Íocann an cuntas ioncaim agus caiteachais as costais laethúla na Comhairle, lena n-áirítear caiteachas amhail tithe a chothabháil, bóithre, Uisce Éireann, pleanáil maidir le húsáid talún, bonneagar bainistíochta dramhaíola a sholáthar, rialú truaillithe, cosaint ar dhóiteán agus comhrac dóiteáin, seirbhísí leabharlainne, costais a bhaineann le riarachán agus le seirbhísí tacaíochta, párolla, aisíocaíochtaí táillí iasachta, árachas, táillí bainistíochta lárnaí agus íocaíochtaí deontas arna maoiniú ag an rialtas do scéimeanna éagsúla.

I measc na bpríomhchúiseanna leis an méadú sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin:

- Tháinig méadú ar an gcaiteachas iarbhír ar Thithíocht agus Tógáil i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin de €3.8 milliún. Áirítear ar phríomhspreagadh an mhéadaithe anseo ná cothabháil agus feabhsú Tithíocht Údaráis Áitiúil agus na scéimeanna cóiríochta cíosa (SCC) agus cláir léasaithe.
- Bhí méadú glan €1.8 milliún ar chaiteachas ag Iompar ar Bhóthar & Sábháilteacht. Baineann na príomhchúiseanna leis an méadú sin leis an maoiniú a chuir an Roinn ar fáil d'oibreacha cothabhála agus feabhsaithe breise.
- Tháinig méadú beagnach €1.5m ar an nglanchaiteachas sa stiúrthóireacht bainistíochta forbartha i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Bhí barrachas beag de €1,484 ag Comhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025. Léiríonn an barrachas seo don bhliain 2025 na hiarrachtaí chun sócmhainní a chosaint agus fás geilleagrach a spreagadh agus seirbhísí á gcothabháil ag an am céanna. Léiríonn an *Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht airgeadais iomlán na Comhairle don bhliain chomh maith leis na figiúirí de chuid na bliana comparáidí mar is cuí.

Áirítear leis an ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla
- Obair ar siúl agus réamhscéimeanna- bóithre agus tithíocht go príomha
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha – iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha- lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa bhanc
- Dliteanais reatha agus fhadtéarmacha- iasachtaí morgáiste agus neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/Iarmhéideanna Éagsúla

Is ionann Glansócmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag deireadh 2025 agus €3,961,388,809 agus seo mar a leanas iad:

	An Bhliain Reatha 2025 €	**An Bhliain Roimhe seo 2024 €**
Sócmhainní Seasta	3,758,906,895	3,751,990,981
Oibreacha ar Siúl	181,378,289	180,237,701
Féichiúnaithe fadtéarmacha	55,624,981	50,996,763
Sócmhainní Reatha	101,448,199	93,443,274
Dliteanais Reatha	54,314,218	48,134,956
Glansócmhainní Reatha/ (Dliteanais)	47,133,981	45,308,318
Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná 1 bhliain)	70,766,928	64,272,561
Glansócmhainní/(Dliteanais)	**3,972,277,218**	**3,964,261,203**

Tugadh *Ráiteas ar Shreabhadh Cistí* isteach mar chuid de RAB 2011. Cé gur cloíodh le Caighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 7 maidir le Ráiteas ar Shreafaí Airgid, is mór an difríocht idir gnó na n-údarás áitiúil agus an chuid is mó de na heagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus dá bhrí sin comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a chinntiú go bhfuil ciall leis na sonraí léirithe agus go bhfuil siad inúsáidte laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil.

An Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Ós mise Príomh-Fheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, aithním mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánach á chothabháil agus á oibriú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach cinnteacht réasúnach seachas lánchinnteacht a thabhairt go bhfuil sócmhainní faoi chosaint, go bhfuil idirbhearta arna n-údarú agus arna dtaifeadadh go ceart agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go mbraithfí go tráthúil iad. Is próiseas leanúnach é córas rialuithe inmheánaigh airgeadais agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi bhreithniú leanúnach.

An Timpeallacht Rialaithe Airgeadais

Mar Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí a leanas:

- Leagadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar leagadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht chuí cheartaitheach a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann a dhéanann athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais go rialta mar chuid dá chlár oibre.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Ós mise Príomh-Fheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, deimhním go bhfuil creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus le tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil nósanna imeachta do phríomhphróisis ghnó doiciméadaithe
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil chórais TFC a chinntiú
- go bhfuil córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus
- go bhfuil treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla maidir le bainistíocht tionscadail i bhfeidhm.

Comhlíonadh Soláthair

Cinntíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go bhfuil aird chuí agus leanúnach ar dhea-chleachtas maidir le tairiscint agus ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne sholáthair ábhartha a chinntiú.

Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Ós mise an Príomh-Fheidhmeannach, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a bhfuil pearsanra oilte mar is iomchuí aici, feidhm a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa. Tá a cuid oibre treoraithe ag anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Comhairle Chontae na Gaillimhe nochta dóibh agus tá a pleananna d'iniúchadh inmheánach bliantúil bunaithe ar an anailís sin. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta I bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar obair leantach ar thorthaí na dtuarascálacha ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúchóireachta éifeachtach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a dhéanann athbhreithniú bliantúil éifeachtachta ar a gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú chomh maith go bhfuil Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm i gcomhréir le ceanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Tá feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúchóireachta mar a leagtar amach in alt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil, 2014 mar a leanas:

I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais maidir le tuairisciú airgeadais agus buiséid agus ar nósanna imeachta laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é;
II. forbairt dea-chleachtais a chothú maidir le comhlíonadh a fheidhme iniúchta inmheánaigh ag an údarás áitiúil;
III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas iniúchta, tuarascáil iniúchóra nó tuarascáil speisialta iniúchóra maidir leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhaíochtaí a rinne a phríomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin mar fhreagairt ar ráiteas nó ar thuarascáil den sórt sin agus tuairisciú ar a thorthaí don údarás sin;
IV. measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar luach ar airgead agus iad a chur chun cinn maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil; agus
V. athbhreithniú a dhéanamh ar chórais atá á n-oibriú ag an údarás áitiúil le haghaidh rioscaí a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúchóireachta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs fhreagrachta mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách aige chun comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúchóireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Tugaim aitheantas do ról an Choiste Iniúchóireachta maidir leis an bpróiseas bainistíochta riosca agus leis an athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus ar na nósanna imeachta rialachais i gComhairle Chontae na Gaillimhe.

An Creat um Riosca agus Rialú

Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe córas bainistíochta riosca chun feidhme a shainaithníonn príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta arna ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir agus tuairiscíonn sé orthu.

Tá clár corparáideach riosca i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí agus a dhéanann measúnú orthu agus a ghrádaíonn iad de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a uasdátú go rialta. Tá clár riosca i bhfeidhm chomh maith do gach rannóg seirbhíse agus déantar athbhreithniú agus uasdátú orthu go rialta chomh maith.

Úsáidtear na torthaí ar na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh, rud a chinntíonn go bhfuil rioscaí á mbainistiú go leibhéal inghlactha. Mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí atá ag teastáil chun rioscaí a mhaolú sa chlár riosca agus leagtar oibriú na rialuithe ar bhaill foirne shonracha.

Ós mise an Príomh-Fheidhmeannach, deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe a bhaineann leo agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

Cuirfear an Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach san áireamh sa dréacht-Tuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle faoin 30 Aibreán 2026 agus ina dhiaidh sin cuirfear san áireamh í sa Tuarascáil Bhliantúil foilsithe arna hullmhú agus arna glacadh ag an gComhairle faoin 30 Meitheamh 2026.

Liam Connolly

Príomhfheidhmeannach
Dáta: 27 Aibreán 2026

Forbhreathnú Airgeadais

Tá príomhfhreagracht ar an Roinn Airgeadais as raon feidhmeanna lena n-áirítear cuntasaíocht agus tuairisciú airgeadais, buiséadú, billeáil agus bailiú rátaí tráchtála, íocaíochtaí soláthraithe, riarachán párolla, comhlíonadh soláthair, próiseas an bhuiséid, bainistíocht cistíochta agus gníomhaíochtaí cuntasaíochta agus comhlíonta eile. Maoirsíonn an Roinn Airgeadais rialuithe éifeachtacha caiteachais agus bailiú fiach, agus é mar chuspóir foriomlán seirbhísí tacaíochta a sholáthar do stiúrthóireachtaí Sóisialta, Eacnamaíocha, Fisiciúla agus Tuaithe na Comhairle sa chás gur mhó an caiteachas iomlán bliantúil do 2025 ná €188 milliún.

Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2025

Tugtar forléargas i Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2025 ar staid airgeadais Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an 31 Nollaig 2025. Léirítear i Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, 2025 (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais) staid beagnach cothrom. Léirítear leis sin toradh dearfach agus cuireann sé le torthaí na mblianta roimhe.

Cáin Mhaoine Áitiúil

Is féidir le gach údarás áitiúil bunráta na cánach maoine áitiúil (CMÁ) a athrú suas go +/-15%. Mar chuid de phróiseas buiséid 2025, chomhaontaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe an CMÁ a mhéadú 15% thar 5 bliana. Ba í 2025 an chéad bhliain den rún cúig bliana seo.

Ráta Bliantúil ar Luacháil

Cuidíonn Rátaí Tráchtála le tacú le tionscadail agus seirbhísí poiblí ar fud Chontae na Gaillimhe i gcomhréir leis an bPlean Forbartha Corparáidí, rud a léiríonn tiomantas Chomhairle Chontae na Gaillimhe seirbhísí lárnacha a leathnú agus a fheabhsú dá saoránaigh.
D'fhormheas na Comhaltaí Tofa Scéim Dreasachta Íocaíochta Rátaí do ghnólachtaí áitiúla i ndiaidh méadú ar an ARV in 2025.

An Scéim um Ranníocaíocht Forbartha

Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe le Scéim Ranníocaíochta Forbartha faoi Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i Márta 2016. Chun príomhchuspóirí na Comhairle a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach, tá gá le hinfheistíocht shuntasach chun an bonneagar riachtanach a chruthú chun freastal ar riachtanais daonra atá ag dul i méid. Tá an Scéim um Ranníocaíocht Forbartha ceaptha chun cabhrú leis an mbearna mhaoinithe a líonadh idir an costas iarbhír a bhaineann leis an mbonneagar sin a chruthú agus an státchiste agus maoiniú eile a bheidh ar fáil. Ó bunaíodh an scéim, cé go bhfuil maoiniú suntasach bailithe, is léir go bhfuil na héilimh ar an gComhairle i bhfad níos mó ná an maoiniú atá ar fáil. Le linn 2025, bhí bailiú Ranníocaíochtaí Forbartha fós ina thosaíocht don Chomhairle. Úsáidfear an t-airgead a bhaileofar chun cabhrú le bonneagar poiblí agus áiseanna pobail riachtanacha a sholáthar don Chontae. Bailíodh €2.1 milliún faoi Alt 48 den scéim Ranníocaíochta Forbartha de chuid na Comhairle in 2025. Ó cuireadh tús le Scéim Tharscaoilte Ranníocaíochtaí Forbartha an Rialtais, éilíodh €8.595 milliún ón Roinn agus íocadh é faoin scéim seo i leith gach forbairt chónaithe a thosaíonn an 25 Aibreán 2023 nó dá éis agus ar/roimh an 31 Nollaig 2025.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Feidhmíonn an Chomhairle de réir Chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais (OGP). In 2025, thacaigh an réimse seo le gach rannóg mar gur mhó caiteachas thar na stiúrthóireachtaí uile ná leibhéal os cionn €188m. Comhlíonann Comhairle Chontae na Gaillimhe na riachtanais a bhaineann leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997.

Bhí 27,578 sonrasc faoi réir measúnuithe ar Ús Íocaíochta Pras (PPI), rud a d'fhág nach raibh ach 0.0689% de na sonraisc faoi réir muirir PPI.

Mótarcháin

Ba é 57,330 líon na n-idirbheart mótarchánach a phróiseáil oifigí mótarchánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2025. Bhailigh Oifigí Mótarchánach na Gaillimhe breis agus €9.2 m don tréimhse sin. Rinneadh thart ar 85% de na hidirbhearta mótarchánach san iomlán do cheantar na Gaillimhe ar líne in 2025. Leanann an oifig mótarchánach uirthi ag déileáil le ceisteanna gutháin maidir le cáin a ghearradh ar fheithiclí ar líne. Eisíonn na hoifigí cánach mótair dioscaí cánach le haghaidh feithiclí príobháideacha agus tráchtála, tarracóirí, hacnaithe, tacsaithe agus seirbhísí móra poiblí.

Bainistíocht Riosca

Ba phríomhthosaíocht rialachais do Chomhairle Chontae na Gaillimhe bainistíocht riosca le linn 2025. Chríochnaigh an Chomhairle athbhreithniú iomlán ar a Beartas Bainistíochta Riosca i rith na bliana, lena n-áirítear measúnú ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine, agus dhearbhaigh sí arís go bhfuil sí ailínithe le prionsabail agus treoirlínte ISO 31000:2018.

Soláthraíodh agus cuireadh córas nua bainistíochta riosca corparáidigh i bhfeidhm in 2025, rud a chuir cur chuige comhsheasmhach ar fáil ar fud na heagraíochta maidir le rioscaí a aithint, a mheasúnú, a mhonatóiriú agus a thuairisciú. Rinne na Foirne Bainistíochta Sinsearacha agus an Fhoireann Bainistíochta athbhreithnithe ráithiúla, agus bhí bainistíocht riosca ina mhír bhuan ag gach cruinniú den Choiste Iniúchóireachta. Ainmníodh Seaimpíní Riosca i ngach aonad chun tacú le cur i bhfeidhm agus chun cleachtas láidir rialachais a chur chun cinn.

Leagtar amach sa Chlár Rioscaí (Straitéiseacha) Corparáideacha na rioscaí is suntasaí atá ag an eagraíocht—na rioscaí sin a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chomhlíonadh reachtúil, inbhuanaitheacht airgeadais, seachadadh seirbhísí, nó ar chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Tá rialuithe agus gníomhartha maolaithe sainithe ag baint le gach riosca, a ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú orthu tríd an gcóras bainistíochta riosca corparáideach mar chuid den mhaoirseacht ráithiúil ag an bhFoireann Bainistíochta agus ag an gCoiste Iniúchóireachta.

Ag tús 2025, cuireadh naoi riosca straitéiseacha san áireamh ar Chlár Rioscaí (Straitéiseacha) Corparáideacha. I rith na bliana, sainaithníodh dhá riosca eile atá ag teacht chun cinn le cur san áireamh ann. Léiríonn an dá cheann tosaíochtaí beartais náisiúnta agus an scála, an chastacht agus na héilimh acmhainní a bhaineann le freagrachtaí seachadta na Comhairle.

- **Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair**
  Comhlíonadh reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta a chinntiú agus timpeallachtaí oibre sábháilte a chothabháil don fhoireann agus don phobal.
- **Slándáil Faisnéise: Cibearbhainistiú Riosca**
  Córais agus sonraí TFC a chosaint trí rialuithe cibearshlándála, monatóireacht agus bearta athléimneachta neartaithe.
- **Cosaint Sonraí: Comhlíonadh RGCS**
  Oibleagáidí reachtúla faoi RGCS agus faoin Acht um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh, le beartais, córais agus feasacht foirne iomchuí.
- **Cosaint Leanaí**
  Dualgais a chomhlíonadh faoi reachtaíocht um chosaint leanaí trí bheartais chosanta leanaí, grinnscrúdú agus oiliúint foirne.
- **Dualgas na hEarnála Poiblí**
  Comhtháthú breithnithe comhionannais agus chearta an duine sa chinnteoireacht, i bhforbairt beartais agus i seachadadh seirbhísí.
- **Rialú Buiséadach, Comhlíonadh Soláthair agus Cosc Calaoise**
  Bainistíocht airgeadais fhónta a chinntiú, cloí le rialacha soláthair, agus rialuithe éifeachtacha chun neamhrialtachtaí nó calaois a chosc.

- **Soláthar Seirbhíse**
  Leanúnachas seirbhísí riachtanacha a chinntiú trí shocruithe leanúnachais ghnó éifeachtacha a choinneáil chun cur isteach nó teagmhais neamhbheartaithe a bhainistiú.
- **Maoiniú Rialtais Áitiúil**
  Inbhuanaitheacht airgeadais a bhainistiú i dtimpeallacht maoinithe athraitheach le héilimh seirbhíse atá ag méadú.
- **Pleanáil Fórsa Saothair**
  A chinntiú go gcomhlíonann acmhainn, scileanna agus pleanáil chomharbais riachtanais reachtúla agus straitéiseacha.
- **Riosca Seachadta Tithíocht do Chách**
  Tá dúshláin i gceist maidir le maoiniú, acmhainn tógála, agus méadú ar an ngá atá le tithíochta maidir le spriocanna suntasacha seachadta a bhaint amach faoi Thithíocht do Chách—lena n-áirítear tithíocht shóisialta, an méid ceart, cóiríocht éigeandála, agus tacaíochtaí do ghrúpaí tosaíochta.
- **Mórthionscadail Chaipitil agus Seachadadh an Chreat Náisiúnta Pleanála**
  Tá comhordú láidir, cumas teicniúil agus acmhainní ag teastáil chun ilthionscadail chaipitil atá ailínithe leis an NPF a sheachadadh; d'fhéadfadh rioscaí moille, brúnna costais, nó srianta comhlíontachta a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an oidhreacht nó leis an inbhuanaitheacht a bheith i gceist le tionscadail.

In 2026, cuirfidh an Chomhairle na cleachtais láidre bainistíochta riosca a bunaíodh in 2025 chun cinn, rud a chinnteoidh maoirseacht chomhsheasmhach agus a thacóidh le rialachas éifeachtach ar fud na stiúrthóireachtaí uile.

Iniúchadh Inmheánach, an Coiste Iniúchóireachta san áireamh

Obair iniúchta inmheánaigh a rinneadh in 2025

Sa bhliain 2025, neartaigh Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AII) Chomhairle Chontae na Gaillimhe rialachas, dearbhú agus bainistíocht riosca ar fud na heagraíochta. Ag gníomhú faoina sainordú reachtúil (S.I. 508/2002) agus faoi na Caighdeáin Iniúchóireachta Inmheánaí Domhanda, sheachaid an AII seirbhísí dearbhaithe agus comhairleacha neamhspleácha chun tacú le cinnteoireacht fhónta, rialuithe inmheánacha feabhsaithe agus feabhsú eagraíochtúil. Threoraigh an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí bunaithe ar riosca 2025, a d'fhormheas an Coiste Iniúchóireachta i mí Feabhra, an ghníomhaíocht iniúchóireachta don bhliain. I measc na bpríomhiniúchtaí a cuireadh i gcrích bhí an méid seo a leanas:

- Rialuithe Cibearshlándála (TFC) – Dearbhú Teoranta le 4 mholadh arda, 6 mholadh meánacha, agus 3 mholadh ísle.
- Deontais Oidhreachta agus Caomhnaithe (Pleanáil) – Dearbhú Substaintiúil le 2 mholadh ísle.
- Athbhreithnithe Doimhne ar an gCód Caiteachais Phoiblí-

Ioncam (Airgeadas) – Costas Méadaithe Deontas Gnó €6.34m - Dearbhú Suntasach gan aon mholtaí.
Tionscadail Mhóra Caipitil (Bonneagar & Oibríochtaí) e.g., FRS Ísealchríocha an Ghoirt €24m, FRS an Chlocháin €5.3m, Cé Inis Oírr €38.52m – Dearbhú Substaintiúil trasna gach ceann acu.
Forbairtí Tithíochta Lándéanta €17.79m (Tithíocht) – Dearbhú substaintiúil.

- SICAP 2024–2029 Bliain 1 (Forbairt Phobail agus Tuaithe) – Dearbhú substaintiúil.
- Fíneálacha Bruscair 2024/2025 (Comhshaol) – Dearbhú Measartha le 3 mholadh meánacha agus 2 mholadh ísle.
- Seiceálacha Comhlíontachta (Stocáireamh MTO, Dioscaí Cealaithe/Díolmhaithe, PPI) – Dearbhú Substaintiúil trasna gach ceann acu.

Ar fud na n-iniúchtaí uile, níor thángthas ar aon srianta ar raon feidhme, agus bhí rannpháirtíocht na mbainistíochta dearfach fós.

Tagarmharcáil agus Comhlíonadh

Rinne an AII féinmheasúnú i gcoinne 11 tagarmharc dea-chleachtais Iniúchóireachta Inmheánaí. As na 41 critéar:

- 29 Comhlíontach
- 6 Comhlíontach i bPáirt
- 6 Neamhchomhlíontach

Réimsí Páirtchomhlíonta/Neamhchomhlíonta a bhaineann leis an bPlean Iniúchóireachta Straitéisí 2026–2030, a bhí fós críochnaithe go substaintiúil faoi réir formheasa ag deireadh na bliana, agus an Beartas Frithchalaoise agus

Éillithe agus an Plean Teagmhais, atá fós ag fanacht le soiléiriú ó AD agus faomhadh an Phríomhfheidhmeannaigh. Táthar ag súil go nglacfar leis an dá cheann go hiomlán go luath in 2026.

Rannpháirtíocht, Líonrú agus Maoirseacht

Ghlac Ceannaire na hIniúchóireachta Inmheánaí (CII) páirt in imeachtaí Líonra Iniúchóirí Inmheánacha Rialtais Áitiúil ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal réigiúnach, mar rúnaí an líonra náisiúnta.

Chuir an CII tacaíocht rúnaíochta ar fáil don Choiste Iniúchóireachta freisin, a tháinig le chéile cúig huaire i rith 2025. Bhreithnigh an Coiste torthaí iniúchóireachta inmheánaí agus seachtracha, mar aon le tuarascálacha bainistíochta riosca, buiséid, ráitis airgeadais bhliantúla, aschuir iniúchóireachta reachtúla, agus tuarascálacha CNMI/VFM.

Bhí idirghníomhaíochtaí leis na ranna cuiditheach agus comhoibríoch i gcónaí. Cé gur tharla moilleanna áirithe ar iniúchtaí mar gheall ar éilimh oibríochtúla, tá ardleibhéal tiomantais coinnithe ag an mbainistíocht maidir le moltaí iniúchóireachta a chur i bhfeidhm agus rialuithe inmheánacha a fheabhsú.

An Coiste Iniúchóireachta

Cuireann Coiste Iniúchóireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe maoirseacht neamhspleách ar fáil ar rialachas, bainistíocht airgeadais agus riosca ar fud na Comhairle. Sa bhliain 2025, bhuail an Coiste le chéile cúig huaire, ag plé leis an mbainistíocht shinsearach, an Príomhfheidhmeannach, agus an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí chun a fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh.

Príomhghníomhaíochtaí agus Réimsí Fócais

- *Rialachas agus Maoirseacht Airgeadais:* Rinne an Coiste grinnscrúdú ar phróisis bhuiséadacha, ar thuairisciú airgeadais, rialuithe inmheánacha, agus luach ar airgead. Rinne sé athbhreithniú ar ráitis airgeadais iniúchta agus ar thuairiscí iniúchóirí chun trédhearcacht agus cuntasacht a chinntiú.
- *Bainistíocht Riosca agus Cibearshlándáil:* Bhí bainistíocht riosca fós ina thosaíocht, agus rinneadh athbhreithnithe rialta ar an gClár Riosca Corparáideach ag gach cruinniú agus cruinniú tiomnaithe ar chibearshlándáil. Beidh an dá réimse mar mhír bhuan ar chlár oibre na gcoistí don bhliain 2026.
- *Iniúchadh Inmheánach:* D'fhormheas an Coiste Plean Iniúchóireachta Inmheánaí 2025 agus rinne siad monatóireacht ar mholtaí iniúchóireachta agus ar sheiceálacha comhlíontachta. Moladh an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí as a ghairmiúlacht agus a éifeachtacht, rud a thug Iniúchóir an Rialtais Áitiúil aitheantas dó freisin.
- *Príomhábhair a breithníodh:* Rinne an Coiste scrúdú ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar, tithíocht, pleanáil, seasamh airgeadais, bainistíocht sócmhainní agus rialachas. Éascaíodh maoirseacht chuimsitheach ar oibríochtaí uile na Comhairle le cur i láthair na Stiúrthóireachtaí. Ina theannta sin, is ionann foilseacháin ón gCoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI), chomh maith le tuarascálacha Luach ar Airgead (VFM), agus príomhchodanna de chlár oibre an choiste.
- *Coimhlint Leasa:* Choinnigh an Coiste clár leasanna agus bhainistigh sé aon choinbhleachtaí dearbhaithe go trédhearcach.
- *Athbhreithniú Éifeachtachta:* Dhearbhaigh féinmheasúnú bliantúil éifeachtacht, neamhspleáchas agus gairmiúlacht an Choiste, agus comhlíonadh gach freagracht reachtúil agus rialachais.

Chuir an Coiste na tuarascálacha riachtanacha go léir faoi bhráid na Comhairle agus an Phríomhfheidhmeannaigh laistigh de na spriocdhátaí reachtúla.
Tá tuarascálacha reachtúla an choiste ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag: https://www.galway.ie/en/governance-administration/your-county-council/committees.

Cuireann an Cathaoirleach buíochas in iúl as an gcomhoibriú agus an tacaíocht a chuir an Príomhfheidhmeannach, Stiúrthóirí Seirbhísí, Iniúchadh Inmheánach, agus an fhoireann go léir a chuidigh le hobair an Choiste ar fáil. Tá muinín ag an gCoiste Iniúchóireachta gur chomhlíon sé a fhreagrachtaí reachtúla in 2025, rud a chuir le rialachas, bainistíocht riosca agus maoirseacht airgeadais níos láidre i gComhairle Chontae na Gaillimhe. Tá an coiste tiomanta do fheabhsú leanúnach agus tabharfar tús sa bhreis do chibearshlándáil agus do bhainistíocht riosca i rith 2026.

An tSeirbhís Chomhairleach Dlí

Lean Rannóg na nGníomhairí Dlí uirthi ag cur na seirbhísí dlí tábhachtacha agus comhairleacha ar fáil do gach réimse cláir agus do Stiúrthóireachtaí i rith 2025. Is é príomhchuspóir na rannpháirtíochta agus an chomhair thras-stiúrthóireachta leanúnach seo ná an soláthar is éifeachtaí agus is éifeachtúla seirbhísí comhairleacha dlí a chumasú agus a chinntiú do na Stiúrthóireachtaí éagsúla laistigh den eagraíocht.

Áiríodh leis na seirbhísí seo fáil agus díol maoine (réimse cleachtais atá ag méadú i gcónaí i bhfianaise na ndúshlán leanúnacha maidir le dídine agus tithíocht), seoladh imeachtaí dlí (idir ghearánaí agus chosantóir) lena n-áirítear ionchúisimh forfheidhmithe Cúirte Dúiche, imeachtaí dlíthiúla sa Chúirt Chuarda agus san Ard-Chúirt, lena n-áirítear Athbhreithniú Breithiúnach, agus na Cúirteanna Uachtaracha, de réir mar is gá. Is réimse ríthábhachtach de sheachadadh seirbhíse don eagraíocht é Forfheidhmiú an Chóid freisin agus bíonn ualach oibre suntasach ag baint leis don Roinn Gníomhairí Dlí i gcás ionchúisimh phleanála agus chomhshaoil i ndlínsí cúirte éagsúla.

Leanann críochnú ceannach talún, CPOnna ar bhealaí idiruirbeacha agus scéimeanna leathnaithe bóithre de bheith ina réimsí suntasacha oibre don Roinn Gníomhaire Dlí ina rannpháirtíocht tras-Stiúrthóireachta leis an NRPO i mBaile an Bhriotaigh agus leis an Stiúrthóireacht um Bonneagar.

Réimse nua oibre suntasaí atá ag fás go seasta i rith 2025 is ea an Scéim Deontais um Athchóiriú ar Réadmhaoin Fholamh nua atá á cur i bhfeidhm ag an Roinn Gníomhairí Dlí i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa Stiúrthóireacht Tithíochta. Táthar ag súil go leanfar leis an bhfás sa réimse cleachtais seo agus go dtiocfaidh scéimeanna nua isteach ag an rialtas láir mar chuid dá ghníomhartha chun dul i ngleic leis an ngéarchéim tithíochta.

Déantar an Córas Cásbhainistíochta, a éascaíonn úsáid teimpléad chun sreafaí oibre a chruthú do sheachadadh éifeachtach agus cost-éifeachtach na seirbhísí dlí, a nuashonrú go leanúnach gach bliain mar chuid dár n-iarrachtaí chun éifeachtacht uasta a chinntiú in úsáid agus oibriú dár gcuid na huirlise riachtanaí bainistíochta oifige seo.

Tá réimse forbartha suntasaí léirithe ag e-Discovery don Roinn Gníomhairí Dlí agus do bhaill foirne agus bhí gá le rannpháirtíocht fhorlíontach lenár gCeann Córas Faisnéise sa réimse seo de chleachtas dlí agus de chleachtais dlí atá ag forbairt go mear. Táthar ag súil go mbeidh ar an gcomhairle agus ar a Roinn Gníomhairí Dlí córas bainistíochta TF ar leith a fháil le linn 2026 chun go mbeidh an chomhairle in ann a ceanglais a chomhlíonadh ina leith seo.

Tá obair ar siúl maidir le Clár Tailte na comhairle a líonadh agus a neartú, i gcomhar lenár gcomhpháirtithe i ngach Stiúrthóireacht agus aonad laistigh den eagraíocht ach, go háirithe, le baill foirne ó na Ranna Faisnéise, Airgeadais, Bonneagair agus Tithíochta. Tharmlig an Gníomhaire Dlí an tasc suntasach maidir le hiarratais chlárúcháin fhoirmiúla a dhéanamh chuig Tailte Éireann do bhall sinsearach foirne chun teidil neamhchláraithe agus sean-teidil a fheabhsú ar thalamh agus ar shócmhainní na comhairle, agus go deimhin chun taifid ríthábhachtacha a choinneáil agus seanchomhaid a chartlannú.

I gcomhthráth leis an réimse cleachtais suntasach seo, agus chun é a fheabhsú agus a neartú tuilleadh, leanann an Roinn Gníomhairí Dlí de bheith ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh maidir le Clár Leasanna Maoine tiomnaithe agus neamhspleách a bhunú. Tá maoiniú ann fós do réiteach bogearraí don Chlár Leasa Maoine agus leanann Oifig na nGníomhairí Dlí de bheith i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse éagsúla d'fhonn an córas is oiriúnaí agus is éifeachtaí a fháil sa deireadh chun freastal ar a riachtanais ar fud na Stiúrthóireachtaí uile. Tugadh cead freisin do sholáthar foirne d'Aonad nua um Chlárú Leasanna Maoine agus sainaithníodh riachtanais foirne tosaigh go hinmheánach. Comhdaíodh iarratais fhoirmiúla ar fhoirne leis an Roinn Acmhainní Daonna i gcomhréir le ceanglais Iniúchóir an Rialtais Áitiúil.

Chuir Rannóg an Ghníomhaire Dlí seirbhísí tacaíochta agus comhairleacha breise ar fáil freisin d'Fheidhmeannach na Comhairle agus d'fhoireann tacaíochta riaracháin laistigh de na sainréimsí Rialachais Chorparáidigh, Soláthar Poiblí, Cosaint Sonraí (RGCS), Saoráil Faisnéise (SF), Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC), Oifig an Ombudsman agus an Cláraitheoir Eitice, lena n-áirítear foinsiú sainchomhairle agus sainchomhairle agus tuairimí ón Abhcóide Dlí, de réir mar is cuí agus de réir mar a iarrtar orthu.

Tá sé mar aidhm ag an roinn a chinntiú go gcuirtear an Oiliúint Foirne chuí ar fáil do gach ball foirne laistigh den aonad, bíodh sé ar fáil ar bhonn eagraíochtúil ag an Aonad Acmhainní Daonna nó maidir le hoiliúint dlí níos speisialaithe a aithint agus a chur i bhfeidhm i dtírdhreach reachtúil a bhíonn ag athrú i gcónaí. Lean go leor de bhaill foirne an Ghníomhaire Dlí lena bhféinfheabhsú le linn 2025 trí chlárú agus páirt a ghlacadh i ranganna Gaeilge a eagraíonn agus a chuireann an chomhairle ar fáil go hinmheánach.

Dualgas na hEarnála Poiblí



Ceanglaíonn Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta daonna a chosaint d'úsáideoirí seirbhíse, do chomhaltaí, d'fhostaithe agus do thairbhithe beartais agus a gcuid feidhmeanna go léir á gcomhlíonadh acu.

An 25 Iúil 2023, ghlac an Fhoireann Bainistíochta leis an bPlean Cur Chun Feidhme don Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, i ndiaidh fhorbairt an Mheasúnaithe ar Chearta an Duine agus ar Chomhionannas agus an Leabhair Fianaise a ghabhann leis. Le linn Ráithe 1 2025, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe athbhreithniú agus nuashonrú ar an dá dhoiciméad chun a chinntiú go raibh siad ag teacht leis an treoir is déanaí a d'eisigh Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC). Tá an Plean Cur Chun Feidhme athbhreithnithe agus an Leabhar Fianaise ar fáil anois ar ár suíomh gréasáin (Dualgas na hEarnála Poiblí | Comhairle Chontae na Gaillimhe - https://www.galway.ie/en/governance-administration/governance/public-sector-duty).

Le linn 2024, ba fhorbairt thábhachtach í ionchorprú an Dualgais sa Phlean Corparáideach 2025–2029. I gcomhlíonadh an Dualgais, soláthraíonn an plean rochtain ar mheasúnú ar cheisteanna comhionannais agus cearta an duine a bhaineann lenár bhfeidhmeanna agus na pleananna, na beartais agus na gníomhartha a bheidh á ndéanamh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo. Áiríodh measúnú tionchair ar chomhionannas agus ar chearta an duine ar an dréacht deiridh mar chuid den phróiseas forbartha freisin.

Le linn 2025, chuireamar an Dualgas i bhfeidhm, rinneamar dul chun cinn ar an bPlean Cur Chun Feidhme, agus chomhaontaíomar agus rinneamar dul chun cinn ar ár bPlean Gníomhaíochta Dualgais Bhliantúil 2025 (https://www.galway.ie/en/governance-administration/governance/public-sector-duty).

Seo a leanas achoimre ar fhorbairtí agus ar éachtaí in 2025:

- **Céimeanna a glacadh faoi Alt 42(1) – Dualgas Foriomlán:** Críochnaíodh Measúnuithe Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine don Bheartas Bainistíochta Riosca, don Bheartas um Chosaint agus Leas Leanaí agus don Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2025-2029, a chuir breithnithe comhionannais agus chearta an duine i bhfeidhm i bpríomhbheartas agus i seachadadh seirbhísí.
- **Céimeanna a glacadh faoi Alt 42(2) – Dualgas Straitéiseach:** Rinneadh gníomhartha spriocdhírithe a sheachadadh ar fud réimsí seirbhíse éagsúla, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an Bheartais um Chosaint agus Leas Leanaí; Leabharlanna, a rinne dul chun cinn maidir le tacaíochtaí litearthachta airgeadais, cláir litearthachta sláinte faoi Éire Shláintiúil, feabhsuithe ar sheirbhísí céadfacha, agus tionscnaimh Aoisbháúla; An Comhshaol, a chuir feabhas ar phleanáil agus ar dhearadh Spás Adhlactha Moslamach tiomnaithe agus a thug isteach scéim deontas inrochtaineachta agus sábháilteachta do Reiligí; Forbairt Tuaithe agus Pobail, a chuir chun cinn an Straitéis Aoisbháúil 2026–2031 agus a lean ar aghaidh leis an obair idirghníomhaireachta tríd an nGrúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil (TIG); agus an Oifig Ealaíon, a sheachaid cláir ealaíon chuimsitheacha a thacaigh le daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta, an Lucht Siúil, dídeanaithe agus pobail faoi mhíbhuntáiste. Laistigh den Stiúrthóireacht Tithíochta, leanadh le gníomhartha spriocdhírithe trí chur i bhfeidhm Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025–2029 agus trí sheachadadh leanúnach Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean 2025-2027. Tacaíodh leis an obair seo tuilleadh leis an Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas, a chuir oiriúnuithe riachtanacha tí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas, agus le comhpháirtíochtaí láidre le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus soláthraithe tithíochta deonacha chun tithe grúpa agus cóiríocht speisialaithe a sholáthar do chónaitheoirí scothaosta, do dhaoine gan dídean, agus do dhaoine aonair a bhfuil riachtanais speisialta nó casta acu.

- Glacadh **céimeanna cumasúcháin** chun an Dualgas a chur i bhfeidhm trí cheithre cheardlann oiliúna foirne PSD, ar fhreastail breis is 400 ball foirne orthu, agus ceardlann amháin tiomnaithe do Chomhaltaí Tofa, rud a neartaigh cumas na heagraíochta chun freastal ar riachtanais an Dualgais.

  Bailíodh na torthaí nua do na grúpaí sainaitheanta agus na feabhsuithe a rinneadh i seachadadh ár bhfeidhmeanna maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a sainaithníodh inár measúnú faoin Dualgas ar leithligh agus tá siad san áireamh in Aguisín 3 sa Tuarascáil seo.

Comhairliúchán Poiblí agus Gníomhaíochtaí Rannpháirtíochta

Tá rannpháirtíocht na saoránach sa saol poiblí agus an ceart atá acu tionchair a imirt ar chinntí a théann i bhfeidhm ar a saol agus ar a bpobail i gcroílár an daonlathais bhreithniúcháin. Tá rannpháirtíocht mhéadaithe an phobail, trédhearcacht agus cuntasacht fheabhsaithe, forbairt acmhainne sibhialta agus níos mó tacaíochta agus cinnteoireacht níos fearr mar thoradh ar cheapadh beartais atá oscailte agus cuimsitheach. Agus muid ag déanamh ár gcomhairliúcháin agus ár ngníomhaireachtaí rannpháirtíochta, tugann an Chomhairle aird ar 'Treoir maidir le Rannpháirtíocht Phobail Chuimsitheach i bPleanáil agus i gCinnteoireacht Áitiúil' a d'fhoilsigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i mí Dheireadh Fómhair 2023, ina dtacaítear le comhairliúchán cuimsitheach agus rannpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil. Le rannpháirtíocht chuimsitheach, cinntítear go bhfuil deiseanna ag na pobail atá níos imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste is mó páirt a ghlacadh i bpleanáil agus i gcinnteoireacht áitiúil. Soláthraítear léargas ar chomhairliúchán agus ar ghníomhaireachtaí rannpháirtíochta ó cheann ceann na bliana sna réimsí seo a leanas.

Próisis Comhairliúcháin Phoiblí:

I rith 2025, rinne an Chomhairle comhairliúcháin phoiblí chun a chinntiú go raibh na próisis chinnteoireachta trédhearcach agus cuimsitheach. Sna comhairliúcháin sin cuireadh ardán ar fáil do shaoránaigh a dtuairimí, a gcuid imní, agus a moltaí a chur in iúl ar shaincheisteanna éagsúla a ndeachaigh i bhfeidhm orthu, rud a lig do Chomhairle Chontae na Gaillimhe cinntí eolasacha a dhéanamh lena léirítear riachtanais agus mianta an phobail ar fud an raoin seo a leanas de phleananna agus de bheartais:

- Plean Gníomhaíochta um Sheirbhísí do Chustaiméirí
- Straitéis Aoisbháúil 2026-2031
- Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta do Chontae na Gaillimhe 2024-2030
- Suiteáil TCI chun bruscar agus dumpáil mhídhleathach a chosc ag láithreáin Bhainc Buidéal
- Dréachtphlean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2025-2031
- Pleanáil Chuid VIII le haghaidh tógáil 2 Theach Cónaithe ag Céide an Gharbhaile, Béal Átha na Sluaighe. Tagairt: LA01/25
- Máistirphlean Cheathrú Stáisiún Thuama
- Cáin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe - Léarscáil Deiridh 2025
- Cáin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe - Dréachtléarscáil Bhliantúil 2026
- Siúlóid Abhann Dhún Mór – Comhairliúchán Poiblí
- Comhairliúchán Poiblí – Plean Athghiniúna Uirbí Dhún Mór – Togra Coincheapa le haghaidh Sráid an Droichid
- Pleanáil Chuid VIII, LA 03/25. Freagairt don aimsir fhuar agus Aonad tacaíochta meántéarmach ag Sráid Vicar, Tuaim
- LA02/25 Cuid VIII Teach Stáisiúin Thuama, Tuaim, Co. na Gaillimhe
- Plean Lár an Bhaile ar dTús Bhéal Átha na Sluaighe
- Pleanáil Chuid VIII. LA07/25 Tógáil Forbartha Cónaithe 66 aonad beartaithe ag Fearann na Máirtíneach, Tuaim.
- LA06/25 – Iarratas Pleanála Chuid 8 le haghaidh Forbairt Chónaithe ag an gCoiléar Bán, Baile Átha an Rí
- LA04/25 Iarratas Chuid 8 ar Shíneadh Reilig Rinn Mhíl
- LA05/25 Iarratas Chuid 8 ar Shíneadh Reilig Eanach Dhúin
- LA09/25 Togra Pleanála Cuid 8 le haghaidh scartáil pháirteach 11 theach cónaithe scoite agus athchóiriú agus síneadh iomlán chun 11 áit chónaithe scoite aon stóir le 2 sheomra leapa a sholáthar ar Bhóthar Bhríde. Port Omna, Co. na Gaillimhe
- LA 08/25 Pleanáil Chuid 8 d'Fhorbairt Chónaithe sa Ráithín, Baile Átha an Rí
- Dréachtphlean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2025-2031 – Athruithe Ábhartha atá Beartaithe

- Fógra – Alt 38 – Trasrian Coisithe ag na Creaga, Co. na Gaillimhe
- LA/10/25 Iarratas Pleanála Chuid 8 le haghaidh Forbairt Tithíochta a thógáil ag Bóthar Iósaef, Port Omna, Co. na Gaillimhe
- Staidéar ar Iompar Phobal Chinn Mhara
- Feabhsú Lár Bhaile an Chlocháin / Faisnéis bhreise shuntasach / ABP-321144-24
- LA11/25 Iarratas Chuid 8 Ionad Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe
- FÓGRA ALT 38 – an Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile le haghaidh Scoil Iosa Campas 2, Órán Mór
- FÓGRA ALT 38 – an Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile le haghaidh Gaelscoil De hÍde, Órán Mór, Co. na Gaillimhe
- FÓGRA ALT 38 – an Scéim Bealaí Sábháilte chun na Scoile le haghaidh Coláiste Calasanctius, Órán Mór, Co. na Gaillimhe
- Fógra Iarratais chuig an Coimisiún Pleanála I gcomhréir le hAlt 177AE (4) (a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 – Cuan na Loinge, Ceantar na nOileán, Co. na Gaillimhe
- Tionscadal Feabhsúcháin Réimse Poiblí Lár Bhaile an Ghoirt – Iarratas Pleanála Chuid 10
- Alt 38 – Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta L-2123 Cora Finne, Co. na Gaillimhe
- Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2025-2031 a glacadh
- Pleanáil Chuid VIII, LA12/25 Tógáil Forbartha Cónaithe 62 aonad beartaithe ag Fearann na Máirtíneach, Tuaim
- FÓGRA ALT 38: Trasrian Coisithe, R352 Bóthar Iósaif, Port Omna
- Bealaí Sábháilte chun na Scoile – Scoil Na bhForbacha
- Bealaí Sábháilte chun na Scoile – Scoil Sailearna
- LA13/25 – Iarratas Chuid 8 Ionad Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe
- Teach Cúirte Phort Omna
- Plean Forbartha Inbhuanaithe Pháirc Rinn Mhíl
- Tuaim, Sráid Vicar go GAA Páirceanna Spóirt ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath R332, Scéim Taistil Gníomhach
- Athrú Uimh. 1 ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028
- Scéim Taisteal Gníomhach – Bóthar an Teampaill, Áth Cinn – Síneadh curtha leis an spriocdháta
- Fógra Alt 38 – Trasrian Coisithe I sráidbhaile An Spidéil
- Pleanáil Chuid VIII LA15/25, Forbairt chónaithe beartaithe ag Teach an Gharráin, an Gort
- Scrúdú Sláinte Lár Bhaile Áth Cinn
- Scrúdú Sláinte Lár an Bhaile ar dTús, Órán Mór
- Tionscadal Feabhsaithe Taitneamhachta an Phointe Fhada, Baile Locha Riach - Iarratas Pleanála Chuid 10

Comhairliúcháin chuimsitheacha trí struchtúir rannpháirtíochta- Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN), Clár Aoisbháúil agus Comhairle na nÓg

Chomh maith leis an soláthar faisnéise ar díol spéise í do Bhallghrúpaí a éascú, go háirithe maidir le deiseanna maoinithe, cuireann an PPN ar chumas a Bhallghrúpaí a dtuairimí a chur in iúl i raon comhairliúchán atá tábhachtach dóibh. Cuirtear fógra faoi na deiseanna comhairliúcháin sin ón údarás áitiúil chuig na hOibrithe PPN agus féadfaidh freagairtí a bheith ina bhfoirmeacha comhairliúcháin ar líne nó ina suirbhéanna, fócasghrúpaí nó imeachtaí comhairliúcháin le Ballghrúpaí. I measc na bpríomhshásraí eile chun rannpháirtíocht agus comhairliúchán a mhéadú tá na struchtúir rannpháirtíocha aitheanta do dhaoine scothaosta agus do dhaoine óga, i.e. Comhairle i leith Daoine Breacaosta agus Comhairle na nÓg. Seo a leanas roinnt den ghníomhaíocht le linn na bliana sna réimsí sin:

- Chun a chinntiú go raibh an próiseas comhairliúchán maidir le Plean Oidhreachta & Bithéagsúlachta 2024-2030 chomh cuimsitheach agus ab fhéidir, rinneadh suirbhé ina raibh meascán de leaganacha amach ilroghanna agus freagraí oscailte - níor ceanglaíodh ar na rannpháirtithe clárú agus ní raibh na ceisteanna éigeantach. Glacadh le haighneachtaí trí ríomhphost chuig na hOifigigh Oidhreachta agus Bhithéagsúlachta freisin. San iomlán, fuarthas 177 freagairt tríd an tairseach comhairliúcháin ar líne agus 11 fhreagairt bhreise trí ríomhphost laistigh den spriocdháta aighneachta. Reáchtáladh ceardlanna comhairliúcháin phoiblí i bpearsa idir an 15-20 Aibreán in Órán Mór, Baile an Mhuilinn, Cill Fhir Iarainn, an Mhainistir, Béal Átha Ghártha, Uachtar Ard agus Leitir Mealláin. Idir an 16-25 Aibreán, rinneadh sraith comhairliúchán le grúpaí mionlaigh ar fud Chontae na Gaillimhe, i gcomhar leis an ‘Wishing Tree Project’, ina raibh 117 rannpháirtí, agus seachadadh na comhairliúcháin sin trí 6 cheardlann chruthaitheacha idirghníomhacha a chur ar siúl.

- Is é Comhairle na nÓg an struchtúr ionadaíoch do ghuth na ndaoine óga agus tá sí ina príomhfhóram comhairliúcháin ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta. I rith na bliana, reáchtáil Comhaltaí Chomhairle na nÓg Chontae na Gaillimhe cruinnithe chun saincheisteanna amhail an aeráid, sláinte ar líne agus sábháilteacht bóthair chomh maith le saincheisteanna eile a phlé, ghlac siad páirt i nDáil na nÓg agus d'fhreastail siad ar imeacht líonraithe réigiúnach. Ar an leibhéal áitiúil, rinneadh suirbhé ar gach Meánscoil maidir le Meabhairshláinte Daltaí agus reáchtáladh rannpháirtíochtaí spriocdhírithe le grúpaí a rinne ionadaíocht don óige ar annamh a fhaightear eolas uaithi amhail Scoileanna um Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh, Cúramóirí Óga, Grúpaí Ionadaíocha don Lucht Siúil agus Eagraíochtaí Óige. Bhí 66 duine óg i láthair ag Imeacht Comhairliúcháin Ceantair Áitiúil agus ag Dáil na nÓg chun tuilleadh plé a dhéanamh ar an ábhar Meabhairshláinte Óige, arb é an réimse tosaíochta a roghnaigh Comhairle na nÓg



Lucht freastail ag Comhdháil na nÓg, Contae na Gaillimhe 2025 a tionóladh an 21 Deireadh Fómhair.

- Maidir leis an gcomhairliúchán leis an bpobal faoin Straitéis Aoisbháúil, dhírigh sé seo ar roinnt príomhfhócas in 2025:
  - Comhairliúchán Dírithe le Comhairlí na nDaoine Scothaosta
  - Suirbhé Poiblí
  - Fócasghrúpaí Maidin Caife
  - Ceardlanna Pleanála Gníomhaíochta
  - Dréachtphlean bunaithe ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn
  - Dréachtphlean a chur i láthair don CBS agus don Chruinniú Iomlánach





Déanann Comhairle na nDaoine Scothaosta (OPC) ionadaíocht do ghuth na ndaoine scothaosta agus is príomhstruchtúr í don údarás áitiúil agus do ghníomhaireachtaí eile ionas gur féidir leo páirt a ghlacadh i seirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh, rud a imríonn tionchar ar chaighdeán na beatha do dhaoine scothaosta. Bhí Comhairle na nDaoine Scothaosta ar cheann de na fócasghrúpaí a díríodh orthu le haghaidh comhairliúchán maidir leis an Straitéis Aoisbháúil 2026-2031.



Baill de OPC Chontae na Gaillimhe ag cruinniú comhairliúcháin in 2025

Príomhcholún is ea rannpháirtíocht an phobail sa Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta agus tá sí ríthábhachtach do sheachadadh an phlean. Bhainistigh Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt príomhchlár agus thacaigh sí leo, lena n-áirítear:

- Lá Domhanda na mBogach
- Seachtain Náisiúnta na gCrann
- Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta (17 n-imeacht a reáchtáil Comhairle Chontae na Gaillimhe)
- Seachtain na Speiceas Ionrach
- Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta
- Seachtain an Fháil Sceach

Le linn 2025, rinne an Oifig Oidhreachta agus Bithéagsúlachta comhairliúcháin phoiblí fhairsinge maidir le forbairt Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta 2024 – 2030 do Chontae na Gaillimhe chun a chinntiú go mbeadh na próisis chinnteoireachta trédhearcach agus cuimsitheach. Áiríodh leis na comhairliúcháin sin sraith ceardlann ealaíon, rud a chabhraigh le rannpháirtíocht le raon leathan daoine a chruthú. Áiríodh leo siúd ceardlanna spriocdhírithe le bunscoileanna agus meánscoileanna, daoine scothaosta, an Lucht Siúil, daoine faoi mhíchumas agus ár bpobail nua

Ionchur isteach i bpróisis chinnteoireachta trí ionadaíocht PPN ar raon Bord agus Coistí.

Ceann de na príomhchuspóirí de chuid an PPN ná toghadh ionadaithe a éascú chun ionadaíocht a dhéanamh ar phobail ar raon Bord Údaráis Áitiúil agus Coistí. D'éascaigh an Chomhairle ionadaíocht don phobal ar na Boird seo agus ar na Coistí seo a leanas le linn na bliana:

Bord / Coiste Comhairliúcháin:	Líon na bPost Ionadaíoch:
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil	5
Coistí um Beartais Straitéiseacha	11
Coiste Cúraim Leanaí Chathair & Chontae na Gaillimhe	1
Tascfhórsa Drugaí & Alcóil an Iarthair	1
Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe	2
An Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iascaigh (GÁGI)	1
Forbairt Tuaithe na Gaillimhe	3
An Coiste Feidhmiúcháin do Dhaoine Breacaosta	15

Cláir spriocdhírithe chun tacú le comhairliúchán cuimsitheach agus le rannpháirtíocht ar an leibhéal áitiúil.

I gcomhar leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) agus struchtúir idirghníomhaireachta eile, chomhordaigh an Chomhairle roinnt príomhchlár chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus míbhuntáiste sóisialta a laghdú trí rannpháirtíocht spriocdhírithe an phobail agus thacaigh sí leo, lena n-áirítear:

- Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP): áiríodh ar na bearta imeachtaí sóisialta chun dul i ngleic le haonrú sóisialta agus uaigneas, tacaíochtaí oiliúna aonair agus grúpa, forbairt scileanna, infhostaitheacht, deiseanna dul chun cinn, tacaíochtaí do Sheideanna na bhFear agus na mBan, Pobail Nua, etc.
- An Clár um Chumasú Pobal: áiríodh le bearta abhcóideacht a dhéanamh thar ceann an phobail sna ceantair spriocdhírithe chun cabhrú le feasacht a mhúscailt faoi na saincheisteanna leanúnacha atá rompu, le béim ar leith ar iompar frithshóisialta agus saincheisteanna bainistíochta eastáit.
- Ciste Éire Shláintiúil: Áiríodh ar na bearta Clár Sláinte na mBan, Clár Sláinte Feirmeoirí 'Taking Stock', imeachtaí Sláinte & Folláine, fás Líonra Caiféanna Néaltraithe i gConamara agus cur i bhfeidhm nuachtlitir Chontae Sláintiúil na Gaillimhe.
- An Clár Feabhsúcháin Áitiúil: áiríodh le bearta deontais chaipitil ar scála beag chun inrochtaineacht a fheabhsú agus dul i ngleic le haonrú sóisialta agus le huaigneas, agus deontais spriocdhírithe a bhfuil sé mar aidhm acu inbhuanaitheacht grúpaí beaga an ghnáthphobail a fheabhsú trí thacaíocht a thabhairt maidir le costais reatha.
- D'oibrigh an Fhoireann Údaráis Áitiúil um Imeascadh le 75 soláthraí seirbhísí agus eagraíocht naisc chun 212 clinic faisnéise agus 13 imeacht imeasctha pobail a sholáthar lenar tugadh tacaíocht do 1,294 Tairbhí de Chosaint Shealadach ar fud 33 ionad cóiríochta agus do 380 Iarratasóir ar Chosaint Idirnáisiúnta ar fud 7 n-ionad cóiríochta.

Gníomhaíochtaí nuálacha chun rannpháirtíocht phoiblí a chur chun cinn

Is údar bróid don Chomhairle dul i gcomhpháirtíocht lenár bpobail áitiúla chun rannpháirtíocht a chur chun cinn go gníomhach i raon gníomhaíochtaí a bhfuil tairbhí sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha, comhshaoil agus folláine acu don Chontae. Seo a leanas sampla de na gníomhaíochtaí a bhí ar siúl le linn na bliana:

- Sa bhliain 2025, rinne Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe teagmháil le breis is 16,000 saoránach trí bhacainní rannpháirtíochta a bhaint trí bhonneagar straitéiseach agus cláir spriocdhírithe. Bhain imeachtaí ard-infheictheachta amhail Seachtain Náisiúnta na Rothar agus Lá Náisiúnta na Súgartha rannpháirtíocht mhór shuntasach amach, rud a chuir pointí iontrála íseal-bhacainní ar fáil do theaghlaigh, agus chuir suiteáil 9 dtaisceadán trealaimh 'BoxUp', lena n-áirítear aonad suaitheanta i dTuaim - rochtain uilíoch, saor in aisce ar threalamh spóirt ar fáil. Cuireadh borradh faoin leathnú seo le suíomh gréasáin nua agus ceapachán beirt bhall foirne breise, Comhordaitheoir tiomnaithe Oileáin Ghníomhacha agus Oifigeach Nuálaíochta Sóisialta CSE+ - chun tacú le pobail amach ón gcósta agus pobail imeallaithe. Ina theannta sin, neartaigh GSP inbhuanaitheacht na gclubanna áitiúla trí 60+ cúrsa oiliúna a chur ar fáil do bhreis is 1,000 oibrí deonach ar fud an chontae.
- Do Lá sa Chomhairle 2025: Bhí 'Do Lá sa Chomhairle 2025' á óstáil ag ár bhfoireann Seirbhísí do Chustaiméirí an 27 Meitheamh mar chuid d'aird a tharraingt ar ról Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le maireachtáil ardchaighdeáin a chothú ar fud an Chontae. Chuireamar #YourCouncilDay /#DoLásaChomhairle in airde ar ár n-ardáin meán sóisialta chun ár mbaill foirne a chur in aithne do dhaoine agus chun níos mó feasachta ar ár seirbhísí agus ar ár dtaitneamhachtaí a chruthú chomh maith le mionsonraí a scaipeadh ar imeachtaí a bhí le teacht. Ar an lá, cuireadh an tionchar an-dearfach atá ag údaráis áitiúla chun cinn. Ar bhonn laethúil, úsáideann daoine laistigh dár bpobal raon fairsing sheirbhísí Chomhairle Chontae na Gaillimhe amhail: páirceanna, áiseanna fóillíochta, áiseanna spóirt, leabharlanna, áiseanna ealaíona, áiseanna oidhreachta agus seirbhísí pobail gan trácht ar a bheith chun tosaigh maidir le cosaint ár dtimpeallachtaí beo le seirbhísí amhail glantachán sráideanna, rialú bruscair, rialú madraí, monatóireacht ar uiscebhealaí agus ar thránna, scéimeanna athnuachan uirbeacha agus sráidbhailte, chomh maith le cothabháil a dhéanamh ar ár mbóithre agus ar ár gcosáin. Tá Do Lá sa Chomhairle mar chuid bhunúsach dár bhféilire bliantúil chun feasacht ar na seirbhísí sin a chur chun cinn. Comhroinneadh postálacha agus an méid a foghlaimíodh ó fhoirne na Comhairle ar fad lena n-áirítear Comhshaol, Bithéagsúlacht, Bóithre, Oidhreacht, Cartlanna agus Leabharlanna gan ach cúpla ceann a lua!

Rannpháirtíocht an Phobail trí na Ranna éagsúla:

Tithíocht

Reáchtáladh tráthnónta faisnéise maidir le Tithe Folmha i gcomhar le SEAI, Comhaltas Tráchtála na Gaillimhe agus PPN chun na scéimeanna atá ar fáil a chur chun cinn chun réadmhaoine folmha a chur in úsáid arís. Tar éis oícheanta faisnéise a reáchtáladh i nDroichead an Chláirín, i dTuaim, i mBaile an Doirín, i mBaile Labhráis, i Leacach, i mBaile Locha Riach, sa Chlochán, sa Ghort, sna Forbacha, ar Inis Mór agus ar Inis Meáin in 2024, reáchtáladh imeachtaí faisnéise breise i mBéal Átha na Sluaighe, Baile Átha an Rí, An Cheathrú Rua, Corr na Móna agus Ros Muc in 2025. Rinne an VHO cur i láthair ag Cruinniú Mullaigh Tithíochta an Aontais a tionóladh i gCathair na Gaillimhe i mí na Nollag 2025 freisin.

Béal Átha na Sluaighe Déardaoin an 3 Aibreán 2025



D'fhreastail an tOifigeach um Thithe Folmha (VHO), an tOifigeach Foirne um Thithíocht Inacmhainne agus an tOifigeach Idirchaidrimh Tithíochta do Bhéal Átha na Sluaighe ar an Taispeántas 'Tithíocht do Chách' i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe Déardaoin an 3 Aibreán. Chuir an VHO faisnéis ar fáil faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, Iasacht Tí an Údaráis Áitiúil, Iasacht Athchóirithe an Údaráis Áitiúil, an Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas, an Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, agus na Deontais um Chúnamh Soghluaisteachta. D'fhreastail an Ghníomhaireacht Tithíochta, Gluaiseacht na hEorpa Éire, Snug Home agus Unitherm ar an Taispeántas chomh maith.

C-D: Patricia Delaney agus Michelle Connellan, Oifigeach Tithe Folmha, Comhairle Chontae na Gaillimhe

Baile Átha an Rí PPN Dé Máirt an 16 Meán Fómhair 2025

D'fhreastail an tOifigeach um Thithe Folmha (VHO) agus an tOifigeach Cúnta Foirne (ASO) um Dheontais Tithíochta ar Chruinniú Iomlánach PPN Chontae na Gaillimhe in Óstán Raheen Woods i mBaile Átha an Rí Dé Máirt an 16 Meán Fómhair. Chuir an VHO agus an ASO faisnéis ar fáil faoin Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh, Iasacht Tí an Údaráis Áitiúil, Iasacht Athchóirithe an Údaráis Áitiúil, an Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumas, an Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, agus na Deontais um Chúnamh Soghluaisteachta. D'fhreastail an-chuid daoine ar an ócáid.



C-D: Michelle Connellan, Oifigeach Tithe Folmha, agus John Moore, Comhairle Chontae na Gaillimhe

An Cheathrú Rua Dé Céadaoin an 19 Samhain
Corr na Móna Déardaoin an 27 Samhain






An tOifigeach um Thithe Folmha leis an gComh. Eileen Mannion, Micheál Éinniú (Bainisteoir, Comharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo), Colm MacEachmharcaigh (Comhordaitheoir na dTithe Folmha don Ghaeltacht), agus comhaltaí de Chomharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo.

D'fhreastail an tOifigeach um Thithe Folmha (VHO) ar imeacht Comhairliúcháin Phoiblí Lár an Bhaile ar dTús (TCF) sa Chrompán, an Cheathrú Rua Dé Céadaoin an 19 Samhain agus ar ócáid eolais i gComharchumann Dhúiche Sheoigheach Teo, sa Chloch Bhreac, Corr na Móna, Déardaoin an 27 Samhain. Chuir an VHO faisnéis ar fáil faoi Iasacht Tí an Údaráis Áitiúil (LAHL), faoi Dheontais Tithíochta, agus faoi Scéimeanna na dTithe Folmha lena n-áirítear na Deontais Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh (Scéim Croí Cónaithe).



Oifigeach na dTithe Folmha ag ócáid chomhairliúcháin phoiblí Lár an Bhaile ar dTús ar an gCrompán, An Cheathrú Rua.

Imeacht Galway Housing Unlocked




D'fhreastail an Fhoireann Tithíochta Inacmhainne agus an Fhoireann Tithe Folmha ar an ócáid Galway Housing Unlocked a d'eagraigh an Feisire Eorpach Ciarán Mullooly i mí na Nollag. Thug an tOifigeach um Thithe Folmha cur i láthair foirmiúil inar leagadh amach Deontais Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh (Scéim Croí Cónaithe) agus thug an tOifigeach um Thithíocht Inacmhainne cur i láthair foirmiúil ar Chlár Tithíochta Inacmhainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Chuir an dá fhoireann eolas ar fáil do na freastalaithe.



Fóram Seachadta Tithíochta - World Café

Bhuail oifigigh shinsearacha agus páirtithe leasmhara tithíochta le chéile in Óstán Galmont an 12 Samhain 2025 le haghaidh fóram dar teideal "Speeding up and Scaling up Housing Delivery" chun bealaí a iniúchadh chun luasghéarú a dhéanamh ar sheachadadh tithíochta i nGaillimh. Arna eagrú ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus an Roinn Tithíochta, thug an ócáid comhairlí, gníomhaireachtaí agus forbróirí le chéile chun dul i ngleic le constaicí agus réitigh phraiticiúla a roinnt. Leag cainteoirí béim ar an ngá atá le pleanáil chomhordaithe, bonneagar cumasúcháin, agus comhroinnt sonraí fíor-ama chun acmhainneacht tithíochta a bhaint amach. Déanfaidh Tascfhórsa Tithíochta na Gaillimhe athbhreithniú ar thorthaí an fhóraim agus ullmhóidh siad moltaí chun seachadadh tithe níos tapúla agus níos éifeachtaí a spreagadh.

Suirbhé Tithíochta Inacmhainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe



Rinneadh suirbhé ar Thithíocht Inacmhainne i mí Mheán Fómhair 2025 agus fuarthas 854 freagra. Cabhróidh an fhaisnéis ón suirbhé le leibhéal an éilimh ar Thithíocht Inacmhainne a chinneadh ar fud Chontae na Gaillimhe. Fuair dhá shuirbhé leantacha spriocdhírithe a dhírigh ar fhreagróirí a léirigh spéis i gcónaí i CB Bhaile Locha Riach 226 freagra agus 201 freagra faoi seach. Léirigh siad spéis shoiléir i dTithíocht Inacmhainne i mbruachbhaile Chois Móna i mBaile Locha Riach agus ar Bhóthar Iósaif, Port Omna. Tá sé beartaithe tuilleadh suirbhéanna spriocdhírithe a reáchtáil chun an t-éileamh i gceantair eile a thomhas.

Comhairliúchán Poiblí maidir le forbairtí tithíochta Sóisialta faoi chead pleanála Chuid 8

Tá gné de chomhairliúchán poiblí i gcead pleanála Chuid 8 faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2000 agus faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2001.

Tugtar fógra maidir leis an bhforbairt don phobal nuair a thaifeadtar iarratas Chuid 8 trí fhógra nuachtáin i nuachtán áitiúil a scaiptear go forleathan (An Curadh Connachtach) agus trí fhógra láithreáin atá suite in áit infheicthe ag slí isteach an tsuímh. Ina dhiaidh sin, tá tréimhse taispeántais phoiblí a mhaireann 4 seachtaine chomh maith le 2 sheachtain sa bhreis le haghaidh aighneachtaí/tuairimí ó dhaoine den phobal. Admhaíonn agus breithníonn na pleanálaithe aighneachtaí agus tuairimí agus iad ag dréachtú na tuarascála pleanála agus ag déanamh a moladh.

Cuireadh trí fhorbraíocht tithíochta sóisialta chun cinn trí phróiseas Chuid 8 in 2025, mar a leanas:

Uimh.	Suíomh na forbraíochta tithíochta sóisialta	Cur Síos	Dátaí
1	Pleanáil Chuid VIII ag Céide an Gharbhaile, Béal Átha na Sluaighe.	Tógáil 2 aonad cónaithe.	Cuid 8 curtha isteach 17/01/2025 Deireadh le haighneachtaí 03/03/2025 Ceadaíodh Cuid 8 ag Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe. 12/03/2025
2	Pleanáil Chuid VIII ag Sráid Vicar, Tuaim	Freagairt don aimsir fhuar agus Aonad tacaíochta meántéarmach	Cuid 8 curtha isteach 28/03/2025 Deireadh le haighneachtaí 13/05/2025 Ceadaíodh Cuid 8 ag Ceantar Bardasach Thuama. 16/06/2025
3	Pleanáil Chuid VIII don Choiléar Bán, Baile Átha an Rí	Tógáil 12 aonad cónaithe agus áis tí altranais	Cuid 8 curtha isteach 11/04/2025 Deireadh le haighneachtaí 2/05/2025 Ceadaíodh Cuid 8 ag Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí. 08/07/2025
4	Pleanáil Chuid VIII do Bhóthar Bhríde, Port Omna, Co. na Gaillimhe	Togra le haghaidh scartáil pháirteach 11 theach cónaithe scoite agus athchóiriú agus síneadh iomlán chun 11 áit chónaithe scoite aon stóir le 2 sheomra leapa a sholáthar ag	Cuid 8 curtha isteach 09/05/2025 Deireadh le haighneachtaí 10/06/2025 Ceadaíodh Cuid 8 ag Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach. 29/07/2025
5	Cuid VIII Pleanáil d'Fhorbairt Chónaithe sa Ráithín, Baile Átha an Rí.	Tógáil 43 aonad cónaithe	Cuid 8 curtha isteach 02/05/2025 Deireadh le haighneachtaí 16/06/2025 Ceadaíodh Cuid 8 ag Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí. 08/07/2025
6	Pleanáil Chuid VIII do Bhóthar Iósaif, Port Omna, Co. na Gaillimhe	Tógáil forbairt tithíochta 38 aonad	Cuid 8 curtha isteach 23/05/2025 Deireadh le haighneachtaí 08/07/2025 Ceadaíodh Cuid 8 ag Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach. 29/07/2025
7	Pleanáil Chuid VIII, Forbairt ag Fearann na Máirtíneach, Tuaim	Tógáil beartaithe d'áras cónaithe 62 aonad	Cuid 8 curtha isteach 11/04/2025 Deireadh le haighneachtaí 27/05/2025 **Leasuithe** Cuid 8 curtha isteach 01/08/2025 Deireadh le haighneachtaí 15/09/2025 Ceadaíodh Cuid 8 ag Ceantar Bardasach Thuama. 20/10/2025

8	Pleanáil Chuid VIII Forbairt chónaithe beartaithe ag Teach an Gharráin, an Gort	Athchóiriú an fhoirgnimh atá ann cheana féin ina dhá theach, scartáil foirgneamh seachtrach, agus tógáil dhá áit chónaithe nua mar aon leis na hoibreacha gaolmhara go léir.	Cuid 8 curtha isteach Deireadh le haighneachtaí Cuid 8 don CB i mí Mhárta 2026	19-12-25 10-02-26

Seirbhísí Corparáideacha

Fáiltithe Cathartha agus Ónóracha



Le linn 2025, bhí na Comhaltaí Tofa bródúil as aitheantas a thabhairt do na héachtaí suntasacha a rinne daoine aonair agus foirne a thug onóir dá bpobail agus don chontae. Tugann fáiltithe cathartha deis thábhachtach chun aitheantas a thabhairt do shármhaitheas, rath áitiúil a cheiliúradh, agus aird a tharraingt ar dhíograis clubanna, oibrithe deonacha, teaghlach agus lucht tacaíochta a chuireann an oiread sin le saol an phobail ar fud na Gaillimhe.

Reáchtáil an Chomhairle sraith fáiltithe sibhialta in onóir:



- Foireann Chill Choirín Chluain Bheirn Seaimpíní Uile-Éireann Craobh na gClubanna, Peil na mBan 2024
- Foireann Shinsearach Camógaíochta na Sáirséalaigh Seaimpíní Camógaíochta Uile-Éireann 2024
- Foireann Shóisir Peile An Cheathrú Rua Seaimpíní Chlub Uile-Éireann 2025
- Cluiche Corr Bhaile Átha an Rí – Seaimpíní faoi 13, faoi 15 agus Féile na Míonúr
- Evan O Brien Seaimpín an Domhain sa Rince Gaelach
- Michael Cronnelly Seaimpín Domhanda MMA Amaitéarach
- Foireann Camógaíochta an Turlaigh Mhóir faoi 15 Seaimpíní Féile Uile-Éireann 2025
- Foireann Peile na mBan Bhaile Chláir faoi 15 Seaimpíní Féile Uile-Éireann 2025
- Foireann Camógaíochta na Gaillimhe faoi 23 Seaimpíní Uile-Éireann 2025

Thug na héachtaí seo bród mór don chontae agus léirigh siad an traidisiún láidir barr feabhais spóirt agus cultúrtha ar fud ár bpobail.

Scoil an Phiarsaigh 2025



Bhí Scoil an Phiarsaigh bhliantúil ar siúl an 24 agus 25 Meán Fómhair 2025 in Ionad Cuimhneacháin an Phiarsaigh i Ros Muc. Thug an ócáid beagnach 300 rannpháirtí le chéile, lena n-áirítear oideoirí, mic léinn, ceannairí cultúrtha, agus baill den phobal, chun oidhreacht Phádraic Mac Piarais agus a fhís bhuan don teanga agus don oideachas Gaeilge a cheiliúradh. Chomhoibrigh Oifig na Gaeilge agus foireann na Seirbhísí do Chustaiméirí laistigh de na Seirbhísí Corparáideacha lenár bhfoireann Seirbhísí Leabharlainne chun formáid nua imeachta na bliana seo a thabhairt chun críche don imeacht bliantúil seo. Tá áthas ar fhoireann na Seirbhísí Corparáideacha agus ar fhoireann na Leabharlainne araon gur éirigh chomh maith sin leis an bhformáid nua do na páirtithe leasmhara uile a bhí páirteach ann.

Arna reáchtáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge, thairg an clár dhá lá seo meascán saibhir de phlé, de thaibhiú agus de rannpháirtíocht chruthaitheach. Ar an gcéad lá, díríodh ar “Gealltanas agus Bunphrionsabal an Phiarsaigh,” agus thug Micheál Ó Máille machnamh sonrach ar fhealsúnacht oideachais Phiarsaigh i mbunscoileanna an lae inniu. I measc na mbuaicphointí cultúrtha bhí ceol traidisiúnta le Comhaltas Ceoltóirí Óga Charna agus Johnny Óg Connolly, scéalaíocht le Mairín Mhic Lochlainn, le ceardlann sorcais agus ceardlann súgartha cruthaitheach do lucht freastail níos óige faoi stiúir Stephen McGinley agus Julie Anne de Brún, rud a chuir áthas mór orthu. Cuireadh deireadh leis an lá le turas treoraithe de Theach an Phiarsaigh, lenar cuireadh béim ar thábhacht stairiúil agus chultúrtha Ros Muc.



Ar an dara lá, rinneadh iniúchadh ar smaointeoireacht radacach Phiarsaigh ar litríocht, ealaín agus féiniúlacht na hÉireann. Bhí an t-údar Louis de Paor agus an file Áine Ní Ghlinn i gceannas ar sheisiúin spreagúla ar ábharthacht leanúnach an Phiarsaigh in Éirinn an lae inniu. Thug daltaí na hidirbhliana cainteanna paiseanta ar an téama “Tír gan teanga is tír gan anam,” agus thug Liana Glynn léargas ar dhearcadh daltaí ar fhoghlaim na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Phléigh painéal saineolaithe inmharthanacht Éireann dátheangach, agus chuir daltaí sa chúigiú rang ó Ghaelscoil Riada tionscadal scannán cruthaitheach i láthair, Mise Éire, ag iniúchadh oidhreachta agus féiniúlachta ó dhearcadh an dalta. Tá Scoil an Phiarsaigh fós ina ardán ríthábhachtach le haghaidh léiriú cultúrtha, rannpháirtíocht óige, agus idirphlé. Comhcheanglaíonn sé oidhreacht agus cruthaitheacht go rathúil, agus athdhearbhaítear an Ghaeilge mar acmhainn bheo agus mar chloch choirnéil i saol an phobail agus an oideachais.






Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma - Sraith an tSamhraidh 2025

Seasann Sraith Samhraidh na nIonad 2025 mar eiseamláir de na rudaí is féidir le hobair dheonach phobail a bhaint amach nuair a bhíonn paisean, oidhreacht agus stair á spreagadh, agus tiomantas domhain do shaol an phobail.


Ní hamháin gur shaibhrigh rannpháirtíocht Ghrúpaí Pobail Chath Eachroma in Ionad Chath Eachroma le 10 mbliana anuas agus i Sraith Samhraidh Eachroma 2025 le déanaí (a tionóladh san Ionad) struchtúr cultúrtha na háite ach spreag sé bród athnuaite agus rannpháirtíocht i measc chónaitheoirí agus cuairteoirí le 12 mhí anuas.





I rith shamhradh na bliana 2025, d'eagraigh agus sheachaid Foireann Oibríochtaí Seirbhísí Corparáideacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe, i gcomhar leis an ngrúpa Pobail seo, sraith imeachtaí dírithe ar oidhreacht a cheiliúir cruthaitheacht, stair agus féiniúlacht na hÉireann.

Ón gcéad imeacht de chuid Shraith an tSamhraidh 2025 an 20 Meitheamh, A Rich Harvest of Irish Musical Creativity & Composition, a mheall slua suntasach a léirigh tallann cheoil áitiúil, go dtí an *Walkabout and Talkabout* ar Chath Eachroma 1691 (le linn Seachtain Oidhreachta Náisiúnta 2025 i mí Lúnasa), tháinig méadú 20% ar líon na gcuairteoirí chuig an Ionad mar thoradh ar iarrachtaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2025 i gcomhpháirtíocht leis an nGrúpa Pobail seo.



Thug comhoibriú an ghrúpa pobail le staraithe áitiúla agus le pearsana cultúrtha scéalta mealltacha chun beatha, amhail "The Raid on Castle Bellew" agus "The Wine Geese and the Aughrim Connection", a thug léargas úr ar stair na hÉireann agus a naisc dhomhanda. Ní hamháin go raibh na himeachtaí seo oideachasúil ach bhí siad spreagúil go mothúchánach freisin, agus spreagadh leo idirphlé agus fiosracht trasna na nglúnta.

Shín an obair chomhoibríoch leis na príomhpháirtithe leasmhara pobail sin níos faide ná pleanáil imeachtaí i dtreo rannpháirtíocht na meán a éascú, lena n-áirítear gnéithe ar mhír Cainteanna Staire Lúnasa le Galway Bay FM agus scannánú TG4 ar thaispeántas ceoil san Ionad i mí Iúil, a craoladh Dé Domhnaigh an 15 Márta 2026, rud a mhéadaigh raon feidhme a dtionscnamh agus a chuir oidhreacht Eachroma i láthair lucht féachana níos leithne.

Na hIonaid Fóillíochta – Tuaim agus Béal Átha na Sluaighe



Is le Comhairle Contae na Gaillimhe Ionaid Fóillíochta Thuama agus Bhéal Átha na Sluaighe araon. Tá a mbainistíocht laethúil ar conradh faoi chomhaontú ceadúnais a cuireadh ar tairiscint. Go déanach in 2024, críochnaíodh tairiscint úr chun na hIonaid Fóillíochta a reáchtáil le Coral Leisure Management Limited, a athcheapadh ó 2025.

Tá ról bunúsach ag gach Ionad Fóillíochta faoi seach ina bpobail áitiúla maidir le maireachtáil shláintiúil, folláine, cuimsitheacht agus tacaíocht a thabhairt do roinnt carthanachtaí áitiúla gach bliain.

Le 3 bliana anuas, (2023-2025) tháinig méadú ar líon na mBall Gníomhach in Ionad Fóillíochta Thuama ó 1,370 go 1,791 agus méadaíodh líon na mBall Gníomhach in Ionad Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe ó 520 go 703. Is éacht iontach é seo i réimse an-iomaíoch agus is fianaise é ar an tacaíocht a thugann an Pobal do na háiseanna uile.



Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tnúth le bheith ag obair i gcomhpháirtíocht leanúnach le Coral Leisure Management Limited ar an dá Ionad Fóillíochta sna blianta amach romhainn agus go háirithe sna 5 bliana atá romhainn de réir mar a phleanálann na hIonaid athinfheistíocht, athnuachan agus neartú a seasamh mar an chéad rogha do ghníomhaíochtaí atá bunaithe in ionaid fóillíochta.

Raon Aclaíochta Dhún Leo – Pobail a Chumasú Déan áirithint ar líne

Bhí áthas ar Sheirbhísí Corparáideacha córas nua áirithinte ar líne a thabhairt isteach ag Raon Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe i mí an Mhárta 2025 chun inrochtaineacht don phobal áitiúil a bharrfheabhsú ag na hamanna a oireann dóibh.



Raon Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe

Cé nach n-athraítear uaireanta oscailte poiblí agus nach bhfuil gá le háirithint ar líne, tá áthas orainn 54 uair an chloig breise sa tseachtain a thairiscint don phobal áitiúil lasmuigh de na príomhuaireanta oscailte don phobal. Tá na huaireanta breise nua seo ar fáil ar tháille agus áirítear leo deireadh seachtaine agus laethanta saoire bainc. Is féidir le grúpaí, clubanna agus daoine aonair an raon a chur in áirithe.

Áirítear leis an áirithint rochtain ar an leithreas agus ar na seomraí feistis agus soilsiú. Tá an suíomh slán lasmuigh d'uaireanta poiblí freisin.
Tá ár gcóras áirithinte ar líne nua i gComhairle Chontae na Gaillimhe an-éasca le húsáid.

Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe

Cuireann Údaráis Dóiteáin ar fud na hÉireann réimse leathan clár Sábháilteachta Dóiteáin Pobail (CFS) ar fáil atá dírithe ar bhásanna, gortuithe agus damáiste maoine a bhaineann le dóiteáin a laghdú i suíomhanna cónaithe. Comhcheanglaíonn na tionscnaimh seo oideachas poiblí, for-rochtain dhírithe, agus tacaíochtaí praiticiúla amhail suiteáil aláraim deataigh, le béim ar theaghlaigh leochaileacha.

Is í Seachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin an ócáid bhliantúil is mó maidir le feasacht ar shábháilteacht dóiteáin, a chuireann úsáid aláraim deataigh, pleanáil éalaithe agus iompraíochtaí sábháilte chun cinn. Cuireann Scéim Aláram Deataigh an Phobail aláraim saor in aisce ar fáil, lena n-áirítear aláraim oiriúnaithe do na Bodhair

agus do dhaoine lagéisteachta. Eisítear treoir phoiblí ar bhonn náisiúnta maidir le cosc, brath, aslonnú, agus seiceálacha sábháilteachta.



Bhí **Seachtain na Sábháilteachta Dóiteáin** don bhliain 2025 ar siúl i rith na seachtaine ón 13 go dtí an 19 Deireadh Fómhair agus ghlac Comhraiceoirí Dóiteáin ar fud na Cathrach agus an Chontae páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla pobail amhail cuairteanna scoile, soláthar chéadfhreagróirí le linn imeachta i bPáirc Foraoise Phort Omna, chomh maith le roinnt gníomhaíochtaí eile. Baineadh úsáid as cuairteanna scoile chun eolas a thabhairt faoi thábhacht na sábháilteachta dóiteáin sa bhaile agus faoi thábhacht aire a thabhairt do dhaoine scothaosta sa phobal. Chomh maith leis sin, na daltaí a spreagadh chun pleanáil a dhéanamh maidir le sábháilteacht dóiteáin, trí oibriú a n-aláram dóiteáin baile a sheiceáil agus plean éalaithe a bheith acu dá dteach. Bhí teachtaireacht dhírithe ann chun a chur i gcuimhne do dhaltaí súil a choinneáil ar a gcomharsana leochaileacha agus go háirithe ar dhaoine scothaosta atá ina gcónaí leo féin lena chinntiú go bhfuil a dtithe sábháilte ó dhóiteán. Meabhrúchán nach obair ár seirbhísí dóiteáin amháin atá i gceist le sábháilteacht dóiteáin, is freagracht chomhroinnte í.

Déanann iarrachtaí Sábháilteachta Dóiteáin Pobail iarracht leanúnach idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí eile agus iad ag obair i gcomhar le chéile chun cláir sábháilteachta dóiteáin sa bhaile a sheachadadh, ar bhealach simplí ach cumhachtach chun tacú le daoine scothaosta maireachtáil go sábháilte sa bhaile, mar shampla, i rith na bliana, thug Briogáid Dóiteáin an Chlocháin caint ar shábháilteacht dóiteáin do ghrúpa Scoir Ghníomhach áitiúil.

An Roinn Comhshaoil


- Lean an Roinn Comhshaoil de chomhpháirtíocht leis an gcarthanas tarrthála madraí MADRA ar a dtionscnamh Bunscoile 'Madra Ag Caint' a mhúineann do leanaí faoi idirghníomhaíochtaí sábháilte le madraí agus úinéireacht fhreagrach peataí, agus an tionscnamh á reáchtáil i 6 scoil ar feadh 2025. Leanann an Chomhairle ag obair i gcomhpháirtíocht le MADRA freisin chun Ciste Millie a chur chun cinn trína n-eiseofar dearbháin chun madraí baineanna a neodrú saor in aisce d'úinéirí ar ioncam íseal agus eisíodh 85 dearbhán in 2025.
- Mar chuid den Tionscnamh Frithdhumpála 2025, chuir an Roinn Comhshaoil tús le tionscadal píolótach um Chumhdach Troscáin inar fhógraíomar léirithe spéise chun troscán sean a athchóiriú chun saol nua a thabhairt dó agus inar thugamar fóirdheontas do chostas athnuachan roinnt míreanna troscáin.

Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Lean an tAonad Aeráide de bheith i gceannas ar obair fhairsing Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht agus de bheith á comhordú aici ar feadh 2025. Tríd an nGrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Fhoireann Fuinnimh agus an Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, thacaigh an tAonad le tiomantas láidir tras-eagraíochta chun an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024–2029 a chur i gcrích. Leis an gcur chuige comhoibríoch seo, éascaíodh cur i bhfeidhm clár leathan gníomhartha a raibh sé mar aidhm leo astaíochtaí a laghdú, éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus athléimneacht aeráide a neartú. Tá achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí leagtha amach thíos.

Crios Dícharbónaithe – Oileáin Árann

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag tacú leis na trí oileán ar Oileáin Árann atá mar Chrios Dícharbónaithe do Chontae na Gaillimhe. I measc na dtionscadal atá ar siúl tá Fuinneamh Glan d'Oileáin an Aontais a sholáthraíonn saineolas teicniúil chun cabhrú le hoileáin a gcuid fuinnimh inbhuanaithe, ar chostas íseal féin a ghiniúint agus Gníomhaireachtaí Fuinnimh Áitiúla i Réigiúin Fhorimeallacha atá maoinithe ag LIFE an Aontais trína bunaíodh Gníomhaireacht Fuinnimh Áitiúil GFI chun tacú le tionscadail athchóirithe tithe i gConamara agus ar na hOileáin. Bhunaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Ciste Píolótach um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fiú €60,000 é d'Oileáin Árann chun tacú le tionscnaimh áitiúla, lena n-áirítear Measúnuithe Fuinnimh Baile fóirdheonaithe do chónaitheoirí na n-oileán.



Gníomhú an Phobail ar son na hAeráide

***Ciste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide*:** In 2025 lean pobail de thionscadail a cuireadh i bhfeidhm ar bronnadh maoiniú orthu faoin gcéad bhabhta de Chiste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide. Thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe leis an dara líon is airde tionscadal sa tír. Cuireann an ciste €726,000 maoiniú 100% ar fáil chun tacú le tionscnaimh faoi stiúir an phobail a thógann pobail ísealcharbóin, inbhuanaithe ar fud an chontae. Dúnadh an dara babhta den chiste d'iarratais i mí na Nollag, agus cuirfear tús le cur i bhfeidhm na dtionscadal seo in 2026.







Grianghraif: Samplaí de Thionscadail a Maoiníodh faoi Chiste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2025

An Clár Pobal Fuinnimh Inmharthana (PFI) de chuid SEAI: Faoin gclár seo, thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe le 12 phobal chun Máistirphleananna Fuinnimh a fhorbairt. Cuireadh go leor tionscadal a sainaithníodh faoi na Pleananna i bhfeidhm trí Chiste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Rannpháirtíocht Phobail agus Oideachas: Ceann de na gníomhartha tosaíochta atá sainaitheanta sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide ná cláir oiliúna phoiblí, faisnéise agus thacaíochta a sholáthar. Chun na críche sin, reáchtáil an tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide imeachtaí ar fud an chontae, lena n-áirítear Cúrsaí um Ghníomhú ar son na hAeráide, Laethanta Gníomhaíochta, Ceardlanna, Seimineáir Gréasáin agus Tionól Aeráide don Óige le tacaíocht ó bhaill foirne ar fud Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó eagraíochtaí seachtracha lena n-áirítear SEAI, GRETB agus Youth Work Ireland, Gaillimh.



Lá um Ghníomhú ar son na haeráide, Foirgnimh an Chontae



Tionól Aeráide na nóg, Baile Átha an Rí



Seó Bóthair Éifeachtúlachta Fuinnimh, Béal Átha na Sluaighe



Imeacht Eolais na gclubanna Glasa, Club CLG Bhaile an Doirín

Thacaíomar freisin le cur i bhfeidhm ***Feachtas Aeráide 60+*** i roinnt suíomhanna ar fud an chontae. Is tionscnamh pobailbhunaithe é seo a forbraíodh ar bhonn deonach ag Jacinta Barrins, Comhordaitheoir Cónaitheach na Náisiún Aontaithe atá ar scor. Bhuaigh Jacinta Gradam an Chathaoirligh 2025 i gCatagóir an Chomhshaoil agus na Gníomhaithe ar son na hAeráide agus fuair sí aitheantas náisiúnta nuair a cuireadh ar an ngearrliosta í do na Gradaim Náisiúnta Aoisbháúla 2025 faoin gcatagóir Nuálaíochta Pobail.

Úsáid Fuinnimh Inmheánach


Is ionann Tomhaltas Fuinnimh do CCG agus thart ar 17GWh in aghaidh na bliana agus úsáideann sí 38% ar fhoirgnimh, 38% ar fhlít agus 23% ar shoilsiú poiblí, arb ionann é agus 4,679 tona d'astaíochtaí gás ceaptha teasa. Is é an caiteachas ar fhuinneamh ná thart ar €3 mhilliún in aghaidh na bliana. Tá obair ar siúl chun úsáid fuinnimh a laghdú ar fud na heagraíochta agus tá ídiú ag titim go ginearálta.

Forbraíodh Córas Bainistíochta Fuinnimh, agus é mar aidhm aige deimhniú ISO 50001 a bhaint amach faoi 2026. Aithníodh *"Úsáideoirí Suntasacha Fuinnimh"* mar chuid den phróiseas seo, lena n-áirítear Cabhlach, Soilsiú Poiblí, Ionaid Fóillíochta agus foirgnimh mhóra eile. I measc na dtionscadal suntasacha atá ar siúl tá iarfheistiú an chórais soilsithe phoiblí le soilsiú ísealfuinnimh LED. Tá méadú tagtha ar % de LED ó 35% i mí na Nollag 2021 go 95% i mí na Nollag 2025. Tá roinnt tionscadal athchóirithe foirgneamh ag céim an cheaptha faoi láthair, agus tá sé beartaithe iad a chur i bhfeidhm do 2027 agus 2028.

Cosaint na Bithéagsúlachta



Tá sé ríthábhachtach an bhithéagsúlacht a chosaint chun éiceachórais a choinneáil, rud a chabhraíonn leis an athrú aeráide a mhaolú trí linnte carbóin nádúrtha a chaomhnú agus trí thacú le hoiriúnú do thionchair na haeráide. Tá clár fairsing um chosaint bithéagsúlachta ar siúl, lena n-áirítear:



- Foilsiú Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2024-2030
- Tionscadal Cúinne an Ghiorria, i gcomhpháirtíocht le Burren Beo, a chuidigh le breis is 500 gnáthóg a chruthú don bhithéagsúlacht ar fud Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear cruthú locháin, coillte beaga, úlloird oidhreachta agus pleananna don dúlra idir 2024 agus 2025.
- Oiliúint bithéagsúlachta do bhaill foirne ar ábhair lena n-áirítear an chrú-ialtóg bheag, speicis ionracha, reachtaíocht bithéagsúlachta agus soilsiú saorga a chosaint.
- Feasacht a mhúscailt maidir le speicis agus gnáthóga trí fhíseáin, leabhráin, póstaeir agus samplaí a fhorbairt agus a fhoilsiú.
- Breis is 40 imeacht oiliúna agus for-rochtana bithéagsúlachta le grúpaí pobail ar fud an chontae ag ceiliúradh Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta, Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, Lá Domhanda na mBogach agus Seachtain Náisiúnta na bhFál Sceach.
- Tacaíodh le tionscadail ar luach €143,883.93 san iomlán tríd an gCiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil agus Ciste Phlean Bithéagsúlachta an Chontae.

Iarfheistithe Tithe agus an tAistriú Cóir



Tá iarfheistiú Tithíochta Sóisialta ina ghné thábhachtach den Aistriú Cóir chuig geilleagar ísealcharbóin. Tá sé mar aidhm ag an gClár Náisiúnta Iarfheistithe tacú le hiarfheistiú 36,500 teach faoi úinéireacht an údaráis áitiúil faoi 2030. Faoi mhí na Nollag 2025, bhí breis is 420 teach athchóirithe ag CCG. Áiríodh leis an obair seo córais téimh breosla iontaise a bhaint agus teaschaidéil agus painéil ghréine a shuiteáil, rud a mhéadaigh an compord agus laghdaigh billí fuinnimh.

Oiriúnú

Bhí oiriúnú fós ina phríomhfhócas in 2025, lena n-áirítear bainistíocht riosca tuilte, cosaint an chósta agus freagairt don drochaimsir. Rinneadh dul chun cinn ar fud phríomhthionscadail faoisimh tuilte na Gaillimhe, agus tá dearadh mionsonraithe agus obair mheasúnaithe comhshaoil Scéim Cosanta Tuilte Bhéal Átha na Sluaighech aag druidim chun críche, rud a chuir ar chumas an tionscadail dul ar aghaidh i dtreo chéim na pleanála in 2026. Tá measúnuithe comhshaoil beagnach críochnaithe d'Ísealchríocha an Ghoirt agus cuirfear faoi bhráid an OOP iad lena gceadú in 2026. Tá scéimeanna tuilte ag dul ar aghaidh sa Chlochán agus i bPort Omna chomh maith. Mar a sonraítear i gCaibidil 9, thug Comhairle Chontae na Gaillimhe freagairt chomhordaithe do dhrochaimsir ar roinnt imeachtaí drochaimsire in 2025, lena n-áirítear Stoirm Eowyn agus threoraigh sí cleachtadh náisiúnta Stoirme ag an Ionad Náisiúnta Comhordúcháin Éigeandála chun tacú le hullmhacht d'imeachtaí amach anseo.

Taisteal Gníomhach agus Iompar Poiblí

Tá sé ríthábhachtach tacú le haistriú modha in Éirinn chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus inbhuanaitheacht ár mbailte a fheabhsú, agus tá an rialtas ag tacú le hinfheistíochtaí suntasacha i rothaíocht agus i mbonneagar siúil chun taisteal gníomhach a spreagadh. Sa bhliain 2025, chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe clár leathan tionscnamh Taistil Ghníomhaigh chun cinn ar fud an chontae, ag soláthar bonneagar siúil agus rothaíochta nua agus uasghrádaithe, ag dul chun cinn tionscadal iomadúla Bealaí Sábháilte chun na Scoile, agus ag feabhsú inrochtaineacht iompair phoiblí trí scáthláin bus nua agus crosairí uasghrádaithe a shuiteáil. 'Key achievements included substantial completion of the Beechlawn Footpath Scheme in Ballinasloe, construction of a new pedestrian crossing at Old Limerick Road in Oranmore, continued design and planning of Active Travel links in Oranmore and Athenry, and the commencement of works at St. Paul's, Oughterard under the SRTS programme.

Oifig an Choimisinéara Teanga

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis leanúint lena comhoibriú le hOifig an Choimisinéara Teanga chun dul i ngleic le himní a d'ardaigh an pobal maidir le seirbhísí agus reachtaíocht Ghaeilge.

Le bliain anuas, fuaireamar 7 ngearán ó Oifig an Choimisinéara Teanga in 2025. Rinneadh gach fadhb a réiteach agus a cheartú go pras.

Mar chomhlacht poiblí, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi réir monatóireacht bliantúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus 2021, go sonrach maidir lenár gcleachtais fógraíochta.

Faoin Acht, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil ar a laghad 20% dá bhfógraí i nGaeilge—is ionann sin agus fógra amháin as gach cúig cinn—i nuachtáin áitiúla agus náisiúnta nó ar ardáin fógraíochta íoctha. Ina theannta sin, caithfidh 20% de phostálacha ar na meáin shóisialta a bheith i nGaeilge. Chomh maith leis sin, ní mór do chomhlachtaí poiblí ar a laghad 5% dá mbuiséad bliantúil fógraíochta a chaitheamh ar chuideachta meán Gaeilge, a chaithfidh íosmhéid de 50% dá ábhar a fhoilsiú trí mheán na Gaeilge.

Sa bhliain 2025, sháraigh Comhairle Chontae na Gaillimhe na ceanglais seo trí 42.84% dá fógraí clóite a fhoilsiú i nGaeilge, mar aon le 27.81% dá poist sna meáin shóisialta i nGaeilge. Ina theannta sin, caitheadh 6.41% dár mbuiséad fógraíochta bliantúil ar na meáin chumarsáide Gaeilge.

Ómós a thabhairt do Ghnóthachtáil Áitiúil agus do Rath na Comhairle

Sa bhliain 2025, chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe sármhaitheas, bród pobail agus nuálaíocht chun cinn ar fud an chontae trí éachtaí áitiúla a aithint agus aitheantas náisiúnta a fháil as a cuid oibre féin. Rinne cláir ghradam na Comhairle ceiliúradh ar an tiomantas, an chruthaitheacht agus an cheannaireacht a léirigh pobail, oibrithe deonacha agus eagraíochtaí comhpháirtíochta, agus leag gradaim sheachtracha béim ar thionchar agus ar cháilíocht thionscnaimh agus sheirbhísí na Comhairle. Leagann na gradaim seo béim ar thiomantas na foirne, ar thionchar tionscadal comhoibríoch, agus ar fhócas na heagraíochta ar nuálaíocht, seirbhís do chustaiméirí agus torthaí pobail.

Sa chuid seo, tugtar forbhreathnú ar na gradaim a bhronn Comhairle Chontae na Gaillimhe i rith na bliana, mar aon leis na gradaim a fuair an Chomhairle agus pobal na Gaillimhe i gcoitinne in 2025.

Scoláireachtaí bronnta in 2025



Scéim Scoláireachtaí Phádraig Mac Piarais

Bhronn Comhairle Chontae na Gaillimhe 16 scoláireacht in 2025 faoi Scéim Scoláireachtaí Phádraig Mac Piarais. Ba mhéadú é seo ar an mbliain roimhe sin, mar tháinig coláiste samhraidh sa bhreis, Coláiste Cholumba, isteach sa scéim. Is iad na coláistí samhraidh, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe, ná Coláiste Chonnacht, Coláiste Lurgan, Coláiste Chamuis, Coláiste Chiaráin, Coláiste na nOileán, Coláiste Sheosamh, Coláiste Spleodar agus Coláiste Cholumba. Fuaireamar 228 iarratas san iomlán do na scoláireachtaí ó gach cearn den chontae, méadú suntasach ar na 86 iarratas a fuarthas in 2024.



SONRAÍ AN GHRIANGHRAFADÓRA Hu O' Reilly Photography

Gradaim LAMA 2025

Bhain Comhairle Chontae na Gaillimhe dhá rath amach ag mórócáid na ngradam náisiúnta rialtais áitiúil, 20ú Gradaim Bhliantúla Pobail agus Comhairle Uile-Éireann LAMA as éachtaí a baineadh amach le linn 2025.

Bhuaigh **Scoil an Phiarsaigh**, atá á reáchtáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, **an gradam don Tionscnamh Gaeilge is Fearr** as a gclár dhá lá a cheiliúir nasc Pádraig Mac Piarais le Ros Muc, agus a thiomantas leanúnach don teanga, don chultúr agus don oideachas Gaeilge.

Chomh maith leis sin, **fuair Forbairt Pobail Bhaile na Cille Moladh Speisialta sa chatagóir Feabhsuithe ar Scála Pobail**, lenar aithníodh an obair shuntasach a rinneadh go háitiúil ar áiseanna spóirt, spásanna pobail, feabhsuithe oidhreachta agus áiseanna poiblí.

Comórtas Mórtas Ceantair 2025

Ainmníodh Droichead an Chláirín mar bhuaiteoir na catagóire 'Daonra 300 – 1,000' ag Gradaim um Mórtas Ceantair IPB 2025, a tionóladh an 7 Samhain in Óstán an Strand i Luimneach. Ainmníodh an sráidbhaile i ndeisceart na Gaillimhe, ainmnithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun ionadaíocht a dhéanamh ar an gcontae sa chomórtas uile-oileáin, mar gheall ar a chuid iarrachtaí eiseamláireacha forbartha pobail.

Tá na Gradaim um Mórtas Ceantair, atá ina 23ú bliain anois, á n-eagrú ag Comhoibriú Éireann agus á n-urrú ag IPB Insurance. Tugann an clár aitheantas do ghrúpaí deonacha a léiríonn tiomantas láidir chun a gceantair áitiúla a fheabhsú trí chomhoibriú agus rannpháirtíocht shibhialta. Bunaithe sa bhliain 1979, tá ról lárnach ag grúpa Bailte Slachtmhara Dhroichead an Chláirín i bhfeabhsú thimpeallacht fhisiciúil agus shóisialta an tsráidbhaile. Bhí sé mar chuid de thionscadail a bhaineann le cothabháil séadchomharthaí áitiúla ar nós An Fhaiche, Halla an Pharóiste, Eastát Chill Chornáin agus Páirc na mBó. Cuireann an sráidbhaile cúram oidhreachta agus comhshaoil chun cinn freisin trí chonairí siúil agus spásanna glasa a fhorbairt. Mhol na breithiúna comhpháirtíochtaí Dhroichead an Chláirín

le heagraíochtaí lena n-áirítear Bothán na bhFear Dhroichead an Chláirín agus SCCUL Sanctuary, chomh maith lena himeachtaí bliantúla ar nós Lá Margaidh Dhroichead an Chláirín agus Oíche Shamhna ar an bhFaiche.

Rinne Bothán na bhFear Marconi sa Chlochán ionadaíocht ar Chontae na Gaillimhe sa chomórtas i mbliana freisin, ghlac siad páirt sa chatagóir 'Folláine Pobail'. Cé nár bhuaigh an grúpa an chatagóir, tugadh aitheantas don ghrúpa as a chur chuige nuálach maidir le tacú le cúramóirí teaghlaigh fireann agus sláinte agus folláine a chur chun cinn i réigiún Chonamara.



I láthair ag na Gradaim um Mórtas Ceantair IPB 2025, bhí (ó chlé go deas): Helen Melia, Oifigeach Sinsearach Foirne, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Ronan Kavanagh, Bailte Slachtmhara Dhroichead an Chláirín, an Comhairleoir David Collins, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, Mary Daly, Bailte Slachtmhara Dhroichead an Chláirín, Liam Conneally, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Theresa Donohue, Oifigeach Riaracháin, Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus Michael Owens, Stiúrthóir Seirbhísí, Stiúrthóir Seirbhísí do Sheirbhísí Corparáideacha, Forbairt agus Comhtháthú Pobail Tuaithe agus Turasóireachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe.



C-D: An Clr David Collins, Cathaoirleach Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Mary Daly agus Ronan Kavanagh, Bailte Slachtmhara Dhroichead an Chláirín

Gradam an Chathaoirligh 2025

Rinneadh ceiliúradh ar ghrúpaí pobail agus oibrithe deonacha ó fud fad Chontae na Gaillimhe i nGradaim an Chathaoirligh 2025, a reáchtáladh in Óstán Raheen Woods Dé hAoine an 16 Bealtaine.

Eagraithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe (PPN) agus á óstáil ag an gCathaoirleach, an Comhairleoir Martina Kinane, tugann na gradaim aitheantas do ghníomhaíocht dheonach daoine aonair agus grúpaí atá gníomhach i réimse réimsí i gContae na Gaillimhe agus déanann siad iad a cheiliúradh. Ba é an Comhairleoir Ollie Turner an reachtaire don oíche a chuir siamsaíocht ar fáil don teach plódaithe ag an Searmanas Bronnta agus do theaghlach agus do chairde a bhí ag faire ar an gcraoladh beo ar shuíomh Facebook Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Ba iad buaiteoirí na gcatagóirí ag Gradaim Phobail an Chathaoirligh ná Féile Cheoil Larry Reynolds, Katie Duane, Jacinta Barrins, Michael J. Hurley, Sarah Ann Buday, Club Speisialta Oilimpeacha South Galway Lakers, Bailte Slachtmhara Thuama, Bailte Slachtmhara Dhroichead an Chláirín, Bothán na bhFear Marconi agus Foras Chois Fharraighe um Pleanáil Teanga. Bronnadh gradam speisialta coimisiúnaithe ar gach buaiteoir, arna dhearadh agus arna dhéanamh de láimh ag Sean Mahony atá lonnaithe i gCreachmhaoil, mar aon le teastas agus duais airgid €500 le húsáid dá gcuid oibre.

Bhronn an Cathaoirleach dhá Ghradam Aitheantais Speisialta chomh maith; fuair Bernie Rogers an Gradam Aonair, agus fuair Moyne Villa FC an gradam grúpa.



Ionadaithe ó na grúpaí buacacha i nGradaim an Chathaoirligh 2025 sa phictiúr leis an gComhairleoir Martina Kinane, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe agus Liam Conneally, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag Bál an Chathaoirligh i gCoillte an Ráithín.

Óstálann Gaillimh Gradaim Náisiúnta um Aitheantas agus Gnóthachtáil Aoisbháúil

Cuireadh na Gradaim Náisiúnta Aitheantais agus Gnóthachtála Aoisbháúla 2025 i gcrích le hoíche thar a bheith rathúil a d'eagraigh Comhairle Cathrach agus Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirt in Óstán Galmont, Gaillimh, Déardaoin, an 23 Deireadh Fómhair 2025.

Léirigh na Gradaim tionscadail nuálacha ó thrasna na tíre a raibh fíorthionchar acu ar shaol daoine scothaosta, agus thairg go leor acu samhlacha is féidir a athchruthú in áiteanna eile. Ainmníodh Taispeántas Laochra Áitiúla Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh i nGaillimh féin agus Feachtas Aeráide 60+ faoin gcatagóir Gradam Aoisbháúil Gníomhach agus Sláintiúil.



Foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus an Cathaoirleach ag na Gradaim Aoisbháúla



Bhí an ócáid cheiliúrtha féin ina cheiliúradh iontach. Bhain ainmnithe, aíonna speisialta, agus lucht tacaíochta taitneamh as oíche ghalánta lenar tugadh aitheantas d'obair iontach daoine aonair, eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí ar fud na tíre

Tionscadal ainmnithe Chontae na Gaillimhe – Feachtas Aeráide 60+

Gradaim Business Post um Chlaochlú Digiteach na hEarnála Poiblí 2025

Tugadh aitheantas do Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag Gradaim Chlaochlú Digiteach na hEarnála Poiblí de chuid Business Post 2025 i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath agus bhuaigh siad an 'Gradam don Tionscadal is Fearr d'Údarás Rialtais Áitiúil'. Leis an ngradam, don Chóras Bainistíochta Imeachtaí Drochaimsire (SWEMS), tugadh aitheantas do nuálaíocht agus comhoibriú

eisceachtúil i seachadadh réitigh dhigiteacha a fheabhsaíonn seirbhísí áitiúla agus sábháilteacht phobail, go háirithe an t-údarás áitiúil agus é ag freagairt d'imeachtaí drochaimsire. Bhí cumais mapála fíor-ama an tionscadail agus an nascacht os comhair an phobail ríthábhachtach le linn Stoirm Eowyn, lenar soláthraíodh léarscáil bheo, idirghníomhach d'imeachtaí drochaimsire do fhoirne éigeandála. Mar thoradh air seo, tháinig feabhas suntasach ar chinnteoireacht agus ar amanna freagartha le linn drochaimsire agus imeachtaí tine fiáine.



Ag freastal ar Ghradaim Business Post um Chlaochlú Digiteach na hEarnála Poiblí 2025 i dTeach an Ard-Mhéara bhí (c-d): Michelle Hennelly, Leas-Phríomhoifigeach Dóiteáin Sinsearach Gníomhach, McKenzie Boland, Anailísí GIS SWEMS, Ted O'Shea, Oifigeach Stáisiúin, An Cheathrú Rua.



Bronnann Comhairle Tithíochta Sóisialta na hÉireann gradaim do Chomhairle Chontae na Gaillimhe i gcatagóir "Pobail a Thógáil" do Thobar Mhuire, Áth Eascrach



Ainmníodh tionscadal athghiniúna Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dTobar Mhuire in Áth Eascrach mar bhuaiteoir na catagóire 'Pobail a Thógáil' ag Gradaim Tithíochta Pobail 2025. Eagraithe ag Comhairle Tithíochta Sóisialta na hÉireann, déanann na gradaim nuálaíocht agus inbhuanaitheacht i dtithíocht phoiblí agus pobail ar fud na hÉireann a cheiliúradh.

Mar chuid de thionscadal Thobar Mhuire, faoi stiúir Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus faoi mhaoiniú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, scartáladh 10 dteach a bhí ann cheana féin, tógadh 12 aonad nua, agus athchóiríodh sé cinn eile, chomh maith le feabhsuithe fairsinge ar an suíomh.

Bhuaigh tionscadal athghiniúna Thobar Mhuire in Áth Eascrach Gradam Airgid Bhreithiúna ICE freisin as forbairt chónaithe faoi €5m.

Tionscadal Caomhnaithe Mhainistir Ó gCormacáin

Bhain tionscadal athchóirithe suntasach atá tiomnaithe do chaomhnú na gcéadta bliain d'oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta i Mainistir Ó gCormacáin in Oirthear na Gaillimhe cáil náisiúnta amach ag Gradaim Sármhaitheasa Tógála na hÉireann (ICE). Bronnadh Gradam Airgid na mBreithiúna ar Thionscadal Caomhnaithe Mhainistir Ó gCormacáin, mar ómós d'athchóiriú cúramach na mainistreach stairiúla Agaistíneach agus a meascán uathúil d'ailtireacht ón 12ú, 15ú agus 17ú haois, atá suite laistigh de dhromchla eaglasta ársa.
Rinneadh oibreacha caomhnaithe i dtrí chéim i gcomhar le Tionscadal Seandálaíochta Pobail Chontae na Gaillimhe, Oifig Oidhreachta Chontae na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, an pobal áitiúil, agus Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, agus treoraithe ag Plean Caomhnaithe agus Bainistíochta arna ullmhú ag foireann ildisciplíneach. Glacadh leis an ngradam i gcomhpháirt ag an gconraitheoir Mathieu & Mitchell Ltd., Abbeygormican Cemetery Group, agus Comhairle Chontae na Gaillimhe ag searmanas a tionóladh in Ionad Comhdhála Bhaile Átha Cliath.



MAINISTIR Ó gCORMACÁIN, SULA nDEARNADH NA hOIBREACHA



MAINISTIR Ó gCORMACÁIN, TAR ÉIS NA nOIBREACHA A DHÉANAMH



C-D: Ann Marie Cusack, oifigeach caomhnaithe ailtireachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe; Claire Breen, Seandálaí Sinsearach, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta; Tom Mitchell, Mathieu & Mitchell Ltd.; An Clr Martina Kinane, Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe; An Clr Geraldine Donohue; Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Bernie Doherty, Seandálaí Pobail na Gaillimhe.

Séipéal agus reilig Chill Bhocht: Tionscadal Oidhreachta agus Caomhnaithe na Bliana

Tá Gradaim Dearaidh Foirgníochta na hÉireann ar cheann de na himeachtaí is mó le rá i dtionscal tógála na hÉireann anois.
Ceiliúrann siad agus tugann siad onóir do na scileanna agus an saineolas eisceachtúil laistigh d'earnálacha tógála agus dearaidh na hÉireann.

Bhí líon mór iarratas i mbliana, rud a fhágann gur éacht suntasach é a bheith ar an ngearrliosta do ghradaim 2025. Ainmníodh Eaglais agus Másailéam Chill Bhocht i gcatagóir Thionscadal Oidhreachta agus Caomhnaithe na Bliana.



Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag Gradaim Foirgníochta agus Dearaidh na hÉireann:
Mona Monaghan, Coiste Reilige Chill Bhocht; Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe; Peggy Monaghan, Coiste Reilige Chill Bhocht; Richard Fitzpatrick, Lean Construction Ireland agus Bernie Doherty, Seandálaí Pobail na Gaillimhe.

BUANN TIONSCADAL STORYMAPS DE CHUID CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE GRADAM RÍOMHSHEIRBHÍSÍ RIALTAIS





Sa phictiúr leis an nGradam 'Sonraí Oscailte' ríomh-Rialtais Éireann 2025, ó chlé go deas, tá:
Brídín Feeney, Oifigeach GIS, Comhairle Chontae na Gaillimhe; agus Giles Newsome, Príomhfheidhmeannach iConnect101 agus ball de phainéal moltóireachta na bliana seo. Sonraí an ghrianghrafadóra: Noel Hillis.

StoryMaps – Buaiteoir an Ghradaim 2025

Ainmníodh tionscadal nuálach **StoryMaps** Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar bhuaiteoir catagóire ag **Gradaim ríomh-Rialtais na hÉireann 2025**, agus bronnadh an *Gradam Sonraí Oscailte* air. Gearrliostaíodh an tionscadal I dteannta comhlachtaí náisiúnta amhail Clárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann, rud a léiríonn ardchaighdeán na n-iontrálacha.

Déanann StoryMaps digitiú ar oidhreacht phobail ar fud Chontae na Gaillimhe agus déanann sé eispéiris idirghníomhacha ar líne den stair áitiúil. Go dtí seo, chruthaigh foirne Oidhreachta agus GIS na Comhairle—ag obair I gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail agus le comhoibritheoirí acadúla—níos mó ná 40 StoryMaps do bhailte agus do shráidbhailte, a léiríonn oidhreacht shaibhir chultúrtha agus stairiúil bhailte, sráidbhailte agus bailte fearainn ar fud an chontae.

Ina theannta sin, rinneadh faisnéis stairiúil do bhreis is 1,000 baile fearainn a dhigitiú, rud a chuireann acmhainn luachmhar ar fáil do phobail, do scoileanna, do ghrúpaí oidhreachta, do choistí na mBailte Slachtmhara, don lucht acadúil agus don phobal i gcoitinne.

Trí theicneolaíocht mapála a chomhcheangal le téacs, íomhánna agus ábhar ilmheán, cuireann StoryMaps scéalta áitbhunaithe i láthair i bhformáid thar a bheith tarraingteach, inrochtana is féidir a fheiceáil ar aon ghléas atá cumasaithe don idirlíon, ó ríomhairí deisce go táibléid agus fóin phóca.

Buann imeacht i nGaillimh Gradam Seachtain na hOidhreachta Náisiúnta 2025



Fógraíodh buaiteoirí Ghradaim Sheachtain na hOidhreachta Náisiúnta 2025 ag searmanas an 17 Deireadh Fómhair in Ospidéal Ríochta Chill Mhaighneann, Baile Átha Cliath.

Déanann na Gradaim, atá á reáchtáil ag an gComhairle Oidhreachta Náisiúnta, ceiliúradh ar an bpáisean agus an tiomantas a léiríonn daoine aonair agus pobail ar fud na tíre maidir le hoidhreacht shaibhir na hÉireann a chosaint, a roinnt agus a thaispeáint. Ba ócáid iontach í a léirigh an cúram agus an bród domhain atá ag daoine as ár n-oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha.

Ag glacadh le Gradam Seachtain na hOidhreachta Náisiúnta bhí:
Josie Dillon; Marie Mannion, Oifigeach Oidhreachta; Caoimhe Ní Chualáin; Máirtín Davy O'Coisdealbha; Jacinta Flaherty; Síle Seoighe; an Dr. Martina Moloney, cathaoirleach, an Chomhairle Oidhreachta agus Virginia Teehan, príomhfheidhmeannach, an Chomhairle Oidhreachta. Sonraí an ghrianghrafadóra: Oifig Oidhreachta, Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Ba í Seachtain Oidhreachta Náisiúnta na bliana seo an ceann ba mhó agus ba fhearr go dtí seo, le breis is 2,500 imeacht cláraithe agus 400,000 duine ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí atá oiriúnach do theaghlaigh a cheiliúrann oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha na hÉireann. Reáchtáil Contae na Gaillimhe 192 imeacht le linn Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, rud a chuir béim ar ról mór an chontae i gceiliúradh na bliana seo.

Tá bród ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe a fhógairt gur bronnadh Gradam na Gaeilge ar an Taispeántas 'Toibreacha Beannaithe' agus ar an ngearrscannán 'Toibreacha agus Bád Cholmcille' mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta. Ceiliúrann an gradam seo imeachtaí a reáchtáladh trí mheán na Gaeilge agus/nó a spreag rannpháirtíocht ghníomhach sa teanga.

Cuspóirí Straitéiseacha agus Feidhmíocht

Tugann an rannán seo forbhreathnú ardleibhéil ar mhóréachtaí gach aonaid i rith 2025. Chun tacú agus nuashonrú cuimsitheach a sholáthar, tá tuarascáil thorthaí an Phlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil 2025 san áireamh. Imlíníonn an tuarascáil seo na príomhsheirbhísí a chuireann an Chomhairle ar fáil don phobal le linn na bliana. Tá an Plean bunaithe ar na Spriocanna Straitéiseacha agus na Straitéisí Tacaíochta mar atá leagtha amach sa Phlean Corparáideach 2025-2029.

Chun léargas níos mine a fháil ar oibríochtaí agus ar éachtaí gach aonaid, féach ar **Thuarascálacha Míosúla na bPríomhfheidhmeannach** don Chruinniú Iomlánach. Tugann na tuarascálacha seo léargas cuimsitheach ar ár n-éifeachtúlacht oibríochtúil agus tá siad ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag https://www.galway.ie/en/governance-administration/publications/chief-executive-monthly-reports.

Stiúrthóireacht: Tithíocht

Tithíocht Ardchaighdeáin a Sheachadadh

Tá stoc tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag neartú I gcónaí, ag fás go seasta go 3,087 teach faoi dheireadh 2025, agus níos mó tithe á soláthar gach bliain ná mar a dhíoltar nó a bhaintear. Cé go bhfuil líon beag aonad níos casta agus tréigthe fós ann, tugaimid aghaidh orthu seo trí réitigh chaipitil spriocdhírithe. Sa bhliain 2025, chuir an Chomhairle gníomhaíocht athghiniúna chun cinn leis an scartáil phleanáilte ar 19 sean-áit chónaithe agus 25 teach nua-thógtha a chur ina n-áit i bPort Omna agus i nDún Leo, Béal Átha na Sluaighe, rud a léiríonn béim leanúnach ar an soláthar tithíochta a nuachóiriú agus a leathnú chun freastal ar riachtanais áitiúla.





Dul Chun Cinn Leanúnach i mBainistíocht Fholamh agus Leithdháiltí, 2025



Neartaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe a feidhmíocht bainistíochta tithíochta in 2025 agus laghdaigh sí folúntas go dtí beagán os cionn 2%, ag titim ó 6.12% in 2023 agus ag coinneáil líon íseal aonad folamh in ainneoin stoc tithíochta atá ag fás. Is aonaid tréigthe nó dianchaipitil iad na folúntais atá fágtha, agus tá folúntais ghearrthéarmacha á réiteach go héifeachtúil.

Tháinig feabhas suntasach ar fheidhmíocht athléasaithe, agus thit amanna slánúcháin meánacha go 37 seachtain, rud a léiríonn bainistíocht sreabha oibre níos fearr agus próiseáil níos tapúla ar dheisiúcháin bheaga. Bhí an próiseas leithdháilte an-éifeachtach, agus seachadadh 287 tionóntacht nua, agus leithdháileadh an mhaoin uile a bhí ar fáil go rathúil in ainneoin go raibh aththairiscintí ag teastáil ó chuid acu. Cé gur diúltuithe aonair a bhí i bhformhór na gcásanna, ba líon beag iarratasóirí agus aonaid a bhí níos deacra a ligean ar cíos ba chúis le roinnt diúltuithe. Tríd is tríd, léiríonn na sonraí rialú láidir ar fholúntais, feabhas ar éifeachtúlacht, agus cumas comhsheasmhach tithe atá ar fáil a thiontú ina dtionóntachtaí gníomhacha.

Stoc Tithíochta Éifeachtúlachta Fuinnimh a fheabhsú





Rinne an clár athchóirithe claochlú ar bhreis is 420 teach sóisialta trí insliú seachtrach, gloiniú nua, caidéil teasa agus suiteálacha gréine PV, rud a laghdaigh costais téimh suas le 70%. I ndiaidh an athchóirithe, níl ach 1.5% den stoc fágtha faoi bhun rátáil BER de C. Chuir an clár cosc ar bhreis is 20 tona d'astaíochtaí CO_2 agus bhain sé caighdeáin chomhlíontacha SEAI agus náisiúnta amach gan aon teagmhais sábháilteachta.

Tithe Folmha: Maoin Tearcúsáidte a Athbheochan agus an Soláthar Tithíochta a Leathnú



Sheol Comhairle Chontae na Gaillimhe Plean Gníomhaíochta cúig bliana um Thithe Folmha 2024-2029 chun aghaidh a thabhairt ar rátaí folmhaithe agus chun an soláthar tithíochta a mhéadú.
Ba é 6.0% an ráta folmhaithe cónaithe i mí an Mheithimh 2023, tá sé mar aidhm ag an tionscnamh seo réadmhaoine tearcúsáidte a athbheochan.

Léiríodh spéis shuntasach sa Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh de chuid Chroí Cónaithe in 2025, fuarthas 671 iarratas agus fuair 467 acu ceadú tosaigh, rud a léiríonn infheistíocht de bhreis is €27 milliún i bpobail a athnuachan. Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe an Clár Gníomhachtaithe CPO i bhfeidhm, a tugadh isteach faoi Chiorclán 14/2023, a sholáthraíonn creat struchtúrtha chun maoin fholamh agus tréigthe a aithint, dul i mbun oibre le húinéirí, agus na tacaíochtaí atá ar fáil chun an mhaoin seo a thabhairt ar ais in úsáid a chur chun cinn. Sa bhliain 2025, chuaigh 200 maoin isteach sa Chlár, lena léirítear dul chun cinn leanúnach maidir le dul i ngleic le folúntais.

Rinne an Chomhairle obair ullmhúcháin shuntasach freisin agus bogfaidh sí i dtreo úsáid a bhaint as a cumhachtaí reachtúla um ordú ceannaigh in 2026 chun cásanna tosaíochta a chur chun cinn nach bhfuil dul chun cinn déanta iontu maidir le rannpháirtíocht úinéirí.

Plean Tithíochta - Tithe á dTógáil, Pobail á gCothú (2025–2030)

Léiríonn plean tithíochta nua an Rialtais, Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil (2025–2030), a foilsíodh i mí na Samhna 2025, leathnú suntasach ar fhreagracht, acmhainn agus ionchais seachadta d'Údaráis Áitiúla.

Cuireann an plean comhairlí i gcroílár na spriocanna náisiúnta tithíochta a bhaint amach, rud a éilíonn méadú ar aschur i dtógáil tithíochta sóisialta, fáil tithíochta, bainistíocht talún, agus gníomhachtú stoic fholaimh atá ann cheana féin. Táthar ag súil go luathóidh údaráis áitiúla an seachadadh trí phleanáil sruthlínithe, criosú réamhghníomhach, agus glacadh le modhanna tógála nua-aimseartha, agus infheistíocht mhór Stáit i mbonneagar mar thaca leis sin.

Neartaíonn an plean ról na gcomhairlí freisin maidir le daoine gan dídean a chosc, áiseanna pobail a chomhtháthú, agus a chinntiú go mbeidh tithe nua mar chuid d'áiteanna inbhuanaithe, dea-sheirbhísithe. Cé go mbeidh rannpháirtíocht láidir ón earnáil phríobháideach i gceist leis an seachadadh, is iad na húdaráis áitiúla fós príomhchomhordaitheoirí na riachtanas tithíochta áitiúla, ailíniú bonneagair agus forbairt pobail, le sainorduithe agus uirlisí neartaithe chun tacú le seachadadh tithíochta níos tapúla agus níos éagsúla.

Tithíocht Inacmhainne a Leathnú



Rinneadh dul chun cinn láidir ar an gclár tithíochta inacmhainne. Fuarthas 174 iarratas ar 44 teach inacmhainne ag Garraí na Gaoithe, Baile Chláir; Críochnaíodh díolacháin Chéim 1 faoi mhí an Mheithimh, agus glacadh le gach tairiscint Chéim 2. Ceapadh foirne dearaidh do 44 teach inacmhainne nua ag an Ráithín (28) agus Páirc na hAbhainn (16). Fuair Suirbhé Tithíochta Inacmhainne 856 freagra, agus sainaithníodh príomhréimsí éilimh amhail
Órán Mór, Baile Átha an Rí agus Baile Chláir.

Tús oifigiúil curtha le forbairt ilthionachta ag Droim na Gaoithe, Baile Chláir, lena seachadfar 88 teach.

Tionscadail Chaipitil Tithíochta a chur chun cinn

I measc na seachadtaí caipitil suntasaí bhí scéimeanna móra I mBaile Chláir, i dTuaim, in Ard Raithin agus i mBéal Átha na Sluaighe, agus fuarthas roinnt ceaduithe Cuid 8 ar fud an chontae. I measc na bhforbairtí a tugadh chun críche bhí scéimeanna i mBéal Átha Mó, Ard Raithin, Bearna, Baile Átha an Rí, An Clochán, Áth Cinn, Cinn Mhara agus Béal Átha na Sluaighe. Bhain Tobar Mhuire in Áth Eascrach aitheantas náisiúnta amach, agus bhuaigh sé Gradam Tithíochta Pobail ICSH agus Gradam Airgid na mBreithiúna ICE araon.

Forbairt tithíochta sraithe 8 n-aonad ag Plás Iósaif, Béal Átha na Sluaighe





Oscailtí oifigiúla agus cuairteanna Aireachta

An 10 Deireadh Fómhair, thug an tAire James Browne TD cuairt ar Chontae na Gaillimhe chun aird a tharraingt ar phríomhthionscadail:

1. Áiríodh leis an gcuairt réiteach an tsuímh don fhorbairt ilthionachta €23.6 milliún ag Droim na Gaoithe, Baile Chláir, a chuirfidh 88 teach ar fáil.
2. Páirc na Cille i dTuaim, scéim tithíochta sóisialta 29 aonad ina bhfuil aonad cúraim dhídeanaithe faoi bhainistíocht Ability West.
3. Caisleán Raithin, Ard Raithin forbairt €3.3 milliún a chuireann 10 dteach nua ar fáil.

4. Thug an tAire John Cummins cuairt ar shuíomh Bhaile Chláir (Garraí na Gaoithe – forbairt 61 aonad, an chéad tionscadal tithíochta inacmhainne lándéanta i nGaillimh faoi Thithíocht do Chách).

Síniú an Chonartha

- Tógáil 88 Forbairt Tionachta Measctha ag Cois Móna, Baile Locha Riach.
- Forbairt tionachta measctha 88-aonad ag Baile Chláir
- Fógraíodh ceapachán foirne ceaptha le haghaidh 44 teach nua inacmhainne (an Ráithín – 28 aonad; Páirc na hAbhainn – 16 aonad).
- Cnoc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe: Scéim athghiniúna (16 aonad + spás pobail san áit ina raibh Tigh Dooley).
- Síníodh conradh le haghaidh 7 n-aonad inlíonta (Hillcrest, Baile Locha Riach agus an Pháirc Mhór, Tuaim)





Seachadadh Comhoibríoch a Spreagadh – Fóram Seachadta Tithíochta

Bhí Fóram Seachadta Tithíochta il-pháirtithe leasmhara ar siúl i mí na Samhna 2025, inar tugadh comhpháirtithe tábhachtacha le chéile chun srianta a aithint, réitigh a roinnt, agus tacú le seachadadh luathaithe, agus déanfaidh Tascfhórsa Tithíochta na Gaillimhe athbhreithniú ar na torthaí.

Stiúrthóireacht: Seirbhísí Corparáideacha, Forbairt Tuaithe, Pobail agus Turasóireachta agus Comhtháthú

Seirbhísí Corparáideacha

Sármhaitheas Seirbhíse do Chustaiméirí a Chur Chun Cinn

Sa bhliain 2025, chuir Seirbhísí Corparáideacha feabhsuithe ar fud na heagraíochta i bhfeidhm maidir le rialachas, seirbhís do chustaiméirí, cumas digiteach, agus comhordú inmheánach. Forbraíodh an Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí i gcomhréir leis an bPlean Corparáideach 2025–2029, rud a neartaigh tiomantas na Comhairle do sheirbhísí comhsheasmhacha, inrochtana agus den scoth. Leagtar béim leis an bPlean ar oibleagáidí Dualgais na hEarnála Poiblí agus ar chóiríocht réasúnta do gach custaiméir agus foilseofar é ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Trédhearcacht Seirbhíse a Fheabhsú

Forbairt shuntasach ab ea seoladh an Chórais Rianaithe Cásanna Seirbhíse do Chustaiméirí i mí Mheán Fómhair. Le tacaíocht ón bhFoireann TF, neartaíonn an córas seo trédhearcacht, soláthraíonn sé caighdeáin seirbhíse soiléire, agus tacaíonn sé le Sprioc Straitéiseach 1: Claochlú gnó trí sheirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí.


Straitéis Cumarsáide a Neartú


Cuireadh tús le Creat Cumarsáide nua i ndiaidh iniúchadh cuimsitheach agus rannpháirtíocht fhairsing le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear foireann, bainistíocht, Baill Tofa, an PPN, an CFPÁ agus ionaid na meán. Leis an gcreat seo, treorófar cur chuige níos comhordaithe agus níos straitéisí i leith cumarsáide inmheánaí agus seachtracha.

Staitisticí na Meán Sóisialta

Rinne ár bhFoireann Seirbhísí do Chustaiméirí sa Rannóg Seirbhísí Corparáideacha monatóireacht agus nuashonrú dícheallach ar ábhar na Meán Sóisialta sa Chomhairle go laethúil i rith na bliana in 2025. Bhí sé mar aidhm leis seo ár rannpháirtíocht leis an bPobal a fheabhsú.







Bonneagar an Ionaid Oibre a Nuachóiriú

Tá dul chun cinn fós á dhéanamh ar an Tionscadal Cóiríochta Oifige mar thosaíocht straitéiseach do Chomhairle Chontae na Gaillimhe, agus tá sé mar aidhm aige foireann atá scaipthe faoi láthair ar fud ilshuíomhanna léasaithe a chomhdhlúthú i gceanncheathrú aonair, nua-aimseartha, agus éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de in Halla an Chontae. Freagraíonn an tionscadal d'fhás eagraíochtúil, do spriocanna dícharbónaithe náisiúnta, agus don ghá le héifeachtúlacht oibríochtúil fheabhsaithe.

Rinne comhairleoirí seachtracha athbhreithniú iomlán féidearthachta—agus riachtanais reatha agus amach anseo maidir le spás oibre, teicneolaíocht agus slándála á gcur san áireamh—in 2025, rud a dheimhnigh go bhfuil an tsamhail chóiríochta ilroinnte atá ann cheana costasach, neamhéifeachtúil, agus nach bhfuil sé oiriúnach do sheachadadh seirbhíse fadtéarmach.

Tar éis anailíse mhionsonraithe, d'fhormhuinigh na Comhaltaí Tofa dul chun cinn le forbairt dearaidh do Rogha 3/3A, lena n-áirítear athchóiriú a dhéanamh ar Halla an Chontae atá ann cheana féin agus síneadh a thógáil chun freastal

ar bhaill foirne ó Bhaile an Bhriotaigh, Centrepoint agus Oileán Altanach, chomh maith leis an bhfás réamh-mheasta ar líon na bhfostaithe. I mí na Samhna 2025, ceadaíodh maoiniú €2.4 milliún do Bhuiséad 2026 chun foireann dearaidh a cheapadh agus an tionscadal a chur chun cinn go dtí an phleanáil, agus tá bainisteoir costais neamhspleách le ceapadh go luath in 2026. Tá leanúnachas gnó, cáilíocht seirbhíse agus folláine na foirne fós lárnach sa phleanáil agus an Chomhairle ag ullmhú do thréimhse chasta ilbhliantúil tógála agus idirthréimhseach, agus táthar ag súil go dtosóidh an tógáil go luath in 2028.

Is cuid lárnach den tionscadal rannpháirtíocht foirne. Tá Grúpa Oibre Foirne tiomnaithe bunaithe chun cumarsáid dhá bhealach a chinntiú, chun tacú le hionchur na foirne i ndearadh foirgnimh agus chun cabhrú le caighdeáin seirbhíse a choinneáil i rith gach céim den aistriú. Tionólfar seisiúin halla an bhaile do gach ball foirne in 2026, agus tá rannpháirtíocht an aontais ar siúl. Tá machnamh gníomhach á dhéanamh ar bhreithnithe amach anseo—lena n-áirítear feabhsuithe ar sheirbhís do chustaiméirí, áiseanna do chomhaltaí tofa, acmhainn na bialainne, inbhuanaitheacht, agus pleanáil iompair—mar chuid den athdhearadh foriomlán. Tá an Chomhairle tiomanta do thrédhearcacht agus do nuashonruithe rialta de réir mar a théann an tionscadal claochlaitheach seo ar aghaidh. Lasmuigh den Tionscadal Cóiríochta Oifige, bhí bainistíocht áiseanna ar siúl ar fud punann de 60 foirgneamh.

Ag Tacú le Seirbhísí Beoga Pobail

Thacaigh Seirbhísí Corparáideacha le raon leathan freagrachtaí pobail agus cultúrtha. Soláthraíodh Seirbhísí Sábháilteachta Uisce ag 16 limistéar snámha, bainistíodh punann de bhreis is 80 clós súgartha, próiseáladh ceadúnais trádála ócáideacha - 53 cheadúnas bliantúil agus 119 gceadúnas imeachta speisialta, agus tugadh isteach córas áirithinte ar líne ag Raon Lúthchleasaíochta Dhún Leo. D'athosclaíodh Ionad Oidhreachta Eachroma ó mhí Bhealtaine go mí Mheán Fómhair, agus soláthraíodh turais faoi threoir agus Sraith Léachtaí Samhraidh a d'fhág go raibh méadú 20% ar líon na gcuairteoirí.

An Ghaeilge agus Cultúr na Gaeilge a Chur Chun Cinn

Bhí tionscnaimh chultúrtha agus teanga na Gaeilge le feiceáil go suntasach. Bronnadh sé Scoláireacht Ghaeltachta déag Pádraig Mac Piarais; reáchtáladh léiriú bríomhar drámaíochta i Seomra na Comhairle le haghaidh Seachtain na Gaeilge; agus chuir Scoil an Phiarsaigh i Ros Muc fáilte roimh níos mó ná 300 duine a bhí i láthair.

Feidhmeanna Daonlathacha a Chumhachtú

Lean Seirbhísí Corparáideacha orthu ag tacú le feidhmeanna daonlathacha agus rialachais na heagraíochta, an Toghchán Uachtaránachta a riar agus Clár Toghthóirí de 150,350 vótálaí cláraithe a chothabháil. Cuireadh tacaíocht leanúnach ar fáil do na 39 gComhalta Tofa trí struchtúir agus cláir oiliúna na Seisiún Iomlánach agus CPG.

Le Bál Carthanachta an Chathaoirligh, arna óstáil ag an gComhairleoir Martina Kinane an 7 Meitheamh 2025, bailíodh €19,775 do charthanachtaí áitiúla, Aonad Cuardaigh Cósta Mheáraí Órán Mór agus Hand in Hand – Carthanacht Ailse Leanaí.

Rialachas Láidir a Leabú

Bhí rialachas láidir ina phríomhfhócas ag Comhairle Contae na Gaillimhe i rith 2025, a bhí mar bhonn faoi chinnteoireacht éifeachtach, cuntasacht agus feidhmíocht eagraíochtúil.

Neartaíodh ceanglais agus caighdeáin rialachais lárnacha trí chláir ionduchtaithe do gach ball foirne nua, rud a thug forbhreathnú ar phríomhoibleagáidí i réimsí amhail bainistíocht riosca, cosaint sonraí, rochtain ar fhaisnéis, seirbhís do chustaiméirí, ceanglais na Gaeilge, caighdeáin eiticiúla agus rialachas corparáideach.

Spreag an **Grúpa Oibre um Rialachas Corparáideach**, ina bhfuil ionadaíocht tras-eagraíochta, dea-chleachtas rialachais ar fud na heagraíochta. Le linn 2025, rinne an Grúpa maoirseacht ar athbhreithnithe ráithiúla ar Chreat Bainistíochta Riosca na Comhairle agus thacaigh sé le cur i bhfeidhm leanúnach na gceanglas rialachais lárnacha ar fud na stiúrthóireachtaí uile, lena n-áirítear dualgas na hearnála poiblí, cosaint leanaí agus pleanáil leanúnachais ghnó.

Lean Oifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle, mar aon lenár líonra **Seaimpíní Sonraí**, de ról tábhachtach a bheith acu i gcomhlíonadh na gceanglas cosanta sonraí a neartú. Chuir siad treoir agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil d'aonaid agus do bhaill foirne ar fud na heagraíochta, rud a chabhraigh le cleachtais láidre rialachais sonraí a leabú agus a chinntiú go raibh comhlíonadh comhsheasmhach ann le ceanglais reachtacha.

Bhuail an **Grúpa Oifigeach Seirbhísí do Chustaiméirí** le chéile gach ráithe chun seirbhís do chustaiméirí a sholáthar ar ardchaighdeán agus go comhsheasmhach ar fud na heagraíochta. Thug an Grúpa treoir leanúnach maidir le hoibleagáidí na Gaeilge agus caighdeáin chúraim custaiméirí lena chinntiú go leanann an Chomhairle de bheith ag comhlíonadh freagrachtaí reachtúla agus ionchais an phobail.
Neartaíodh an cumas rialachais tuilleadh trí oiliúint spriocdhírithe a cuireadh ar fáil le linn 2025. Ghlac baill den Ghrúpa Oibre um Rialachas Corparáideach, den Fhoireann Bainistíochta agus na Baill Tofa páirt in oiliúint ar an gCód Rialachais, rud a neartaigh tuiscint chomhroinnte ar róil, freagrachtaí agus caighdeáin ar fud na heagraíochta.

Saoráil Faisnéise/Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Saoráil Faisnéise

Leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, tugtar ceart reachtúil don phobal rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil, i gcás ina bhfuil sé sin ag luí le leas an phobail agus le cosaint príobháideachta pearsanta. Sa bhliain 2025, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 199 iarraidh san iomlán faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014.

Gníomhaíocht um Shaoráil Faisnéise 2025	Líon
Cásanna Oscailte 01.01.2025	**5**
Iarratais faighte 2025	**199**
Ceadaithe	31
Ceadaithe go páirteach	77
Diúltaithe	46
Aistrithe	2
Tarraingthe siar	26
Tarraingthe siar agus láimhseáilte lasmuigh de Shaoráil Faisnéise	17
Cásanna Oscailte 31.12.2025	**5**

Sa bhliain 2025, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe an Scéim Foilsitheoireachta um Shaoráil Faisnéise a nuashonrú. Leagtar amach sa scéim nuashonraithe na haicmí faisnéise a chuirtear ar fáil don phobal go rialta agus tá sé ceaptha chun oscailteacht, trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn trí rochtain struchtúrtha a sholáthar ar fhaisnéis faoin eagraíocht, a feidhmeanna, a cúrsaí airgeadais, a seirbhísí agus a próisis chinnteoireachta. An Scéim Foilsitheoireachta um Shaoráil Faisnéise | Comhairle Chontae na Gaillimhe

Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol

Tugann na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol ceart reachtúil don phobal faisnéis chomhshaoil atá i seilbh údaráis phoiblí a fháil, rud a thacaíonn le hoscailteacht agus trédhearcacht i gcúrsaí comhshaoil. Sa bhliain 2025, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 42 iarraidh san iomlán faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol) 2007 go 2018.

Gníomhaíocht AIE 2025	Líon
Cásanna Oscailte 01.01.2025	**1**
Iarratais faighte 2025	**42**
Ceadaithe	13
Ceadaithe go páirteach	12
Diúltaithe	16
Tarraingthe siar	0
Cásanna Oscailte 31.12.2025	**2**

Cosaint Sonraí

Agus a feidhmeanna reachtúla á gcomhlíonadh aici, próiseálann Comhairle Chontae na Gaillimhe méideanna suntasacha sonraí pearsanta i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí agus leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RCGS). Tugaimid urraim iomlán do chearta príobháideachta gach duine a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta againn, agus táimid tiomanta fós dár bhfreagrachtaí faoin Dlí um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh agus muid ag leanúint lenár seirbhísí a nuachóiriú agus a fheabhsú.
De réir mar a leathnaíonn an Chomhairle a tairiscint seirbhísí digiteacha agus a ghlacann sí córais nua chun éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus eispéireas an chustaiméara a fheabhsú, cinntímid go bhfuil prionsabail láidre um chosaint sonraí mar bhonn le gach dul chun cinn. Is é ár ngealltanas go mbeidh aon sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil dúinn mar seo a leanas:

- go bhfaighfear iad ar bhealach dleathach, cóir agus trédhearcach
- go n-úsáidfear iad chun críocha sonraithe, follasacha agus dlisteanacha amháin
- go bhfuil siad leordhóthanach, ábhartha, agus teoranta don mhéid is gá
- go ndéanfar iad a thaifeadadh agus a stóráil go cruinn agus go slán agus go gcoinneofar cothrom le haimsir iad nuair is gá
- nach goimeádtar iad ach chomh fada agus is gá chun na gcríoch ar bailíodh iad
- go gcoimeádfar iad i bhfoirm a cheadaíonn aitheantas daoine aonair chomh fada agus is gá amháin
- go ndéanfar iad a phróiseáil ar bhealach a chinnteoidh slándáil chuí, lena n-áirítear cosaint i gcoinne próiseála neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus i gcoinne caillteanais, scriosta nó damáiste de thaisme

I rith 2025, neartaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe a cleachtais rialachais sonraí i gcomhréir le ceanglais rialála agus clár oibre claochlaithe digiteach na heagraíochta araon. Tá Córas Bainistíochta Cosanta Sonraí i bhfeidhm fós ar fud na Comhairle chun tacú le comhlíonadh leanúnach, cuntasacht a fheabhsú, agus creat struchtúrtha a sholáthar chun sonraí pearsanta a bhainistiú agus muid ag forbairt agus ag seachadadh níos mó seirbhísí digiteacha atá cumasaithe ag an teicneolaíocht.

Cinntíonn an cur chuige seo go dtéann nuálaíocht agus feabhsú seirbhíse le chéile le cosaint sonraí pearsanta, muinín an phobail a choinneáil agus a chinntiú go bhfuil an phríobháideacht lárnach i ngach oibríocht de chuid na Comhairle.

Oiliúint Foirne um Chosaint Sonraí 2025

Sa bhliain 2025, neartaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe a cur chuige ar fud na heagraíochta maidir le hoiliúint i gCosaint Sonraí agus Rialachas Faisnéise. Rinneadh ár gclár oiliúna a shruthlíniú chun a chinntiú go bhfaigheann an fhoireann treoir thráthúil, chomhsheasmhach agus phraiticiúil a thacaíonn le comhlíonadh agus a fheabhsaíonn láimhseáil sonraí ó lá go lá.

Ceanglaítear anois ar gach ball foirne nua dhá chúrsa oiliúna éigeantacha a dhéanamh mar chuid dá n-ionduchtú. Clúdaíonn siad seo bunghnéithe na Cosanta Sonraí, ag cinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach fostaí a théann isteach san eagraíocht ar a bhfreagrachtaí faoi RGCS agus ar na coimircí is gá chun córais agus sonraí pearsanta na Comhairle a chosaint.

Ceanglaítear ar gach ball foirne oiliúint athnuachana bhliantúil a dhéanamh chun feasacht a choinneáil ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus beartais eagraíochtúla nuashonraithe. Ina theannta sin, cuirtear oiliúint ar leith don aonad ar fáil i gcás ina bhfuil treoir níos saincheaptha ag teastáil ó ghníomhaíochtaí nó córais phróiseála. I rith na bliana, cuireadh sraith seisiún oiliúna duine le duine ar an láthair chun tacú le foirne a raibh gnéithe níos casta nó ardriosca de rialachas sonraí acu.

Chun feasacht a threisiú tuilleadh agus dea-chleachtas a chur chun cinn ar fud na heagraíochta, faigheann baill foirne ríomhphoist mhíosúla ó oifig an Oifigigh um Chosaint Sonraí. Díríonn siad seo ar phríomhréimsí rialachais sonraí, rioscaí atá ag teacht chun cinn, meabhrúcháin phraiticiúla, agus treoir maidir le fiosrúcháin choitianta.

Cuidíonn an cur chuige measctha seo - oiliúint ionduchtaithe, cúrsaí athnuachana bliantúla, seisiúin saincheaptha, agus cumarsáid leanúnach - lena n-áirithiú go bhfanfaidh cosaint sonraí mar chuid dhílis den obair laethúil ar fud Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Iarratais ar Rochtain Sonraí 2025

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 33 Iarratas ar Rochtain ar Shonraí san iomlán le linn 2025 faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoin RGCS.

Cinneadh	Líon
Iarratais Faighte	33
Iarraidh a Ceadaíodh	21
Iarratais a Diúltaíodh dóibh (Neamhbhailí, Gan Sonraí a bheith ann)	12

Fuarthas 4 Iarraidh ar Rochtain ar Shonraí ó Thríú Páirtithe (e.g. ón Garda Síochána) agus freagraíodh dóibh.

Comhlíonann Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) Chomhairle Chontae na Gaillimhe ról maoirseachta neamhspleách i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Cé go bhfuil an ról á óstáil laistigh den fhoireann Seirbhísí Corparáideacha chun críocha riaracháin, oibríonn an tOifigeach Cosanta Sonraí go neamhspleách maidir le comhlíonadh a mhonatóiriú, comhairle a chur ar an eagraíocht, agus gníomhú mar phointe teagmhála don phobal agus don Choimisiún um Chosaint Sonraí.


Is féidir teagmháil a dhéanamh le OCS trí ríomhphost ag**dpo@galwaycoco.ie** nó ar an nguthán ag **(091)509319**.

Forbairt agus Comhtháthú Tuaithe, Pobail agus Turasóireachta

Turasóireacht

Is príomhthiománaí forbartha tuaithe agus pobail ar fud Chontae na Gaillimhe í an turasóireacht, ag tacú le fostaíocht, fiontraíocht, comhfhorbairt áite agus inbhuanaitheacht phobail thuaithe agus chósta. Le linn na tréimhse tuairiscithe, chuir an Fhoireann Turasóireachta réimse tionscnamh agus tionscadal straitéiseacha chun cinn atá ailínithe le Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe, agus béim láidir ar fhorbairt chothrom réigiúnach, turasóireacht inbhuanaithe agus seachadadh faoi stiúir comhpháirtíochta

Cur i bhfeidhm Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe



Cuireadh príomhchuspóirí Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe i bhfeidhm le hobair leanúnach, lena n-áirítear forbairt ceann scríbe, scaipeadh na gcuairteoirí, síneadh an tséasúir agus leas pobail. Rinneadh dul chun cinn ar ghníomhartha i gcomhar le Fáilte Éireann, eagraíochtaí turasóireachta réigiúnacha, grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara fiontar chun tairiscintí turasóireachta Chontae na Gaillimhe a neartú agus sócmhainní comhshaoil, cultúrtha agus oidhreachta a chosaint ag an am céanna.

Pleananna Forbartha Eispéireas Ceann Scríbe (DEDP)

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le pleanáil atá bunaithe ar an gceann scríbe a chur chun cinn ar fud an chontae:

- **DEDP na Gaillimhe Thoir**: I gcomhar le Foireann Hidden Heartlands de chuid Fáilte Éireann, is céim mhór í bunú Phlean Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéiris na Gaillimhe Thoir i dtaca le forbairt turasóireachta i réigiún an Aistrithe Chóir. Cuireann an plean creat straitéiseach ar fáil chun tionscadail a aithint, tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí agus obair chomhpháirtíochta, agus béim láidir á leagan ar oidhreacht, tírdhreach, turasóireacht ghníomhaíochta agus fiontar áitiúil.
- **DEDP Chonamara agus na nOileán**: Leanadh le tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm Phleananna Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéiris Chonamara agus na nOileán, rud a chinntíonn go mbeadh tionscadail áitiúla, mianta an phobail agus beartas náisiúnta turasóireachta ag teacht le chéile. Tacaíonn an obair seo le fás inbhuanaithe turasóireachta i gceantair atá íogair ó thaobh an chomhshaoil agus an chultúir de.
- **DEDP Loch Deirgeirt**: Chuir an Fhoireann Turasóireachta forbairt DEDP Loch Deirgeirt chun cinn go gníomhach agus thacaigh sí le gníomhaíocht mhaoinithe agus gníomhachtaithe ghaolmhar, rud a d'aithin acmhainneacht na ceantair maidir le heispéiris uiscebhunaithe, cultúrtha agus turasóireachta mall.

An tAontas Eorpach, Interreg agus Tionscadail an Chiste um Aistriú Cóir (JTF)

Bhí an Fhoireann Turasóireachta ag obair i gcláir mhaoinithe an Aontais chun tacú le forbairt straitéiseach turasóireachta:

- **Tionscadal Interreg SLOWDOWN**: Bhí rannpháirtíocht leanúnach ar siúl leis an tionscadal Interreg Slowdown, ag tacú le heolas a roinnt agus dea-chleachtas i bhforbairt turasóireachta inbhuanaithe, ísealtionchair.

- **An Ciste um Aistriú Cóir (JTF)**: Cuireadh raon tionscadal a bhaineann le turasóireacht chun cinn faoin gclár JTF, agus béim á cur ar éagsúlú eacnamaíoch, forbairt táirgí agus tógáil acmhainne in Oirthear na Gaillimhe. Thacaigh ceapachán Ghníomhachtóir JTF le forbairt tionscadal, rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, líonrú turasóireachta agus deiseanna comhoibritheacha nua a shainaithint laistigh den réigiún. Is spreagadh tábhachtach é an Ciste um Aistriú Cóir d'fhorbairt na turasóireachta laistigh de Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe agus i gceantar níos leithne na Gaillimhe Thoir. Trí obair an Ghníomhachtóra JTF, i gcomhar leis an Oifigeach Turasóireachta, le páirtithe leasmhara áitiúla agus le Fáilte Éireann, tá an clár ag tacú le forbairt tionscadal, ag neartú líonraí turasóireachta agus ag tógáil acmhainne laistigh den earnáil turasóireachta áitiúil.



- **An Ciste um Aistriú Cóir – Tionscadail Faofa**: Fuair sé thionscadal in Oirthear na Gaillimhe maoiniú faoin gCiste um Aistriú Cóir, le leithdháileadh iomlán de €1,191,600. Tá an leibhéal maoinithe seo inchomparáide le contaetha ar nós Thiobraid Árann agus Chill Dara, a áiríodh sa cheantar JTF freisin.

Tionscadal	Suíomh	Cur Síos	Maoiniú
Páirc Bhanc na Sionainne – Linn Snámha Fhiáin	Banc na Sionainne	Linn snámha taobh amuigh a fhorbairt a thacóidh le turasóireacht áineasa agus allamuigh.	€616,000
Cookery Scoil – Pleanáil agus Dearadh	Baile Liam	Tograí pleanála agus dearaidh do cookeryscoil a thacaíonn le turasóireacht bia agus forbairt scileanna.	€57,600
BACD Bhéal Átha na Sluaighe – Claochlú Digiteach	Béal Átha na Sluaighe	Ardán digiteach agus suíomh gréasáin a fhorbairt chun tacú le gnólachtaí áitiúla agus FBManna sa Ghaillimh Thoir.	€30,000
Portach Beo na Gaillimhe	An Creagán	Ionad cuairteoirí a fhorbairt lena gcuirtear oidhreacht agus eispéireas turasóireachta nádúir chun cinn, agus béim á leagan ar oidhreacht portaigh agus ar bhithéagsúlacht.	€28,000
Ionad Cuairteoirí an tSean-Mhuilinn	Áth Eascrach	Forbairt ionaid do chuairteoirí dírithe ar an Sean-Mhuilinn stairiúil agus ar oidhreacht áitiúil.	€40,000
Caisleán Bhreac-chluain	Cluain Fearta	Foirgneamh nua le haghaidh cóiríochta agus músaeim in aice le Caisleán Bhreac-chluain a sholáthraíonn eispéireas do chuairteoirí.	€420,000

Forbairt an Líonra Turasóireachta

Leis an dara céim de ról Ghníomhachtóir JTF, dírítear ar an líonra turasóireachta a fhorbairt ar fud na Gaillimhe Thoir. Áirítear leis na cuspóirí naisc níos láidre a fhorbairt idir gnólachtaí turasóireachta agus eagraíochtaí pobail, comhoibriú agus tras-chur chun cinn a spreagadh idir oibreoirí turasóireachta, caidrimh a neartú idir gnólachtaí áitiúla, pobail agus gníomhaireachtaí poiblí, agus tairiscint turasóireachta níos comhordaithe a fhorbairt don réigiún. Cuireann Gníomhachtóir JTF tacaíocht dhíreach ar fáil i gcónaí do thionscnóirí tionscadal agus do pháirtithe leasmhara turasóireachta. Áirítear leis sin cúnamh a thabhairt d'iarratasóirí chun dul chun cinn trí chéimeanna forbartha, deiseanna maoinithe breise a aithint nuair is gá agus a chinntiú go bhfanfaidh tionscadail ar an mbóthar ceart chun éilimh mhaoinithe a chur isteach faoi mhí Lúnasa 2026.



Tionscadail Turasóireachta Straitéiseacha

Rinneadh dul chun cinn ar roinnt tionscadal turasóireachta suaitheanta a bhfuil tábhacht leo ó thaobh an chontae agus an náisiúin de:

- **Tionscadal Chaisleán Dhún Guaire**: Leanadh leis an obair ar thionscadal Chaisleán Dhún Guaire a chur chun cinn, agus aitheantas á thabhairt dá thábhacht mar shócmhainn chultúrtha agus oidhreachta agus dá ionchas cur le geilleagar níos leithne na gcuairteoirí i nDeisceart na Gaillimhe.




- **Tionscadal Chath Eachroma**: Rinneadh dul chun cinn ar thionscadal Chath Eachroma le ceapachán comhairleoirí speisialaithe, arna maoiniú leis an gCiste um Aistriú Cóir de chuid an Aontais ó Fáilte Éireann. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo eispéireas oidhreachta léirmhínithe ardchaighdeáin a fhorbairt a thacaíonn le forbairt turasóireachta, oideachas agus féiniúlacht réigiúnach in Oirthear na Gaillimhe.



- **Tionscadal Margaíochta Ghlasbhealach Chonamara:** Deonaíodh maoiniú faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh do Leabharlann sócmhainní Margaíochta a chuireann Glasbhealach Chonamara chun cinn. Chomhmhaoinigh an tAonad Turasóireachta agus Fáilte Éireann an tionscadal, a tháirg 24 físeán bolscaireachta agus 100 íomhá. Tá an t-ábhar seo ar fáil anois ar Stór Ábhair na hÉireann, ar leabharlann ar líne í d'íomhánna, físeáin agus sócmhainní margaíochta saor in aisce atá ceaptha chun tacú le cur chun cinn na Turasóireachta.

- **Réidh don Samhradh**





Cuireann an Fhoireann Turasóireachta foilseachán bliantúil Réidh don Samhradh ar fáil mar chuid dá sainchúram tionscadail. Tugann an Tuarascáil seo léargas ar na hiarrachtaí atá déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun a chinntiú go bhfuil tránna, uiscebhealaí, conairí siúil agus áiseanna ár gcontae sábháilte agus dea-chothabháilte. Cuireann sé eolas ar fáil freisin faoi na nithe is díol spéise do thurasóirí, oidhreacht agus eispéiris chultúrtha ar fud an chontae ar féidir le turasóirí agus cónaitheoirí araon taitneamh a bhaint astu i rith mhíonna an tSamhraidh.

Comhpháirtíochtaí agus Tacaíocht Earnála

Neartaigh an Fhoireann Turasóireachta comhpháirtíochtaí straitéiseacha chun tacú le cinn scríbe a chur chun cinn agus forbairt margaidh:



- **Geopháirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair**: Cuireadh comhoibriú agus tacaíocht mhaoinithe leanúnach ar fáil do Gheopáirc Dhúiche Sheoigheach agus Lochanna an Iarthair chun forbairt turasóireachta, margaíocht agus tionscnaimh maidir le heispéireas na gcuairteoirí a chur chun cinn atá i gcomhréir le prionsabail Gheopáirc Dhomhanda UNESCO.
- **Biúró Comhdhála na Gaillimhe**: D'oibrigh an Fhoireann Turasóireachta go dlúth le Biúró Comhdhála na Gaillimhe agus rinneadh comhmhaoinitheoir di, rud a thacaigh le fás na turasóireachta comhdhála agus gnó agus a neartaigh seasamh na Gaillimhe mar cheann scríbe iomaíoch san earnáil seo.

Le chéile, léirítear leis na gníomhartha seo tiomantas leanúnach d'fhorbairt turasóireachta chomhtháite, inbhuanaithe agus áitbhunaithe a sheachadadh ar fud Chontae na Gaillimhe. Trí phleanáil straitéiseach, infheistíocht spriocdhírithe agus comhpháirtíochtaí láidre, tá tionscnaimh turasóireachta ag tacú le hathléimneacht eacnamaíoch, folláine phobail agus tarraingteacht fhadtéarmach an chontae mar cheann scríbe do chuairteoirí:

- **Fás Eacnamaíoch agus Cruthú Poist**: Trí níos mó cuairteoirí a mhealladh agus tréimhsí níos faide a spreagadh, tá sé mar aidhm againn fás eacnamaíoch áitiúil a spreagadh agus deiseanna fostaíochta nua a chruthú laistigh den earnáil turasóireachta agus tionscail ghaolmhara.
- **Caighdeán Beatha Feabhsaithe do Chónaitheoirí**: Tá an straitéis ceaptha chun caighdeán na beatha a fheabhsú do chónaitheoirí trí chleachtais inbhuanaithe turasóireachta a chur chun cinn a théann chun sochair an phobail áitiúil agus an chomhshaoil.
- **Contae na Gaillimhe a Bheith mar Phríomháit Turasóireachta Inbhuanaithe**: Is é an sprioc atá againn Contae na Gaillimhe a bhunú mar áit den scoth don turasóireacht inbhuanaithe, a bhfuil clú air mar gheall ar a tharraingtí uathúla, a oidhreacht chultúrtha, agus a thiomantas do mhaoirseacht chomhshaoil.

Ag Tacú le Forbairt an Phobail

Ba bhliain mhór í 2025 maidir le forbairt pobail, tuaithe, chultúrtha agus áineasa. Bhain Droichead an Chláirín an chéad áit amach sa chatagóir daonra 300–1,000+ ag Gradaim Mórtais Ceantair IPB, lenar léiríodh sármhaitheas i bhforbairt pobail, inbhuanaitheacht agus obair chomhpháirtíochta. Tugadh aitheantas freisin do Bhothán na bhFear Marconi sa Chlochán as a gcuid oibre nuálaí ag tacú le cúramóirí fireann i gceantar Chonamara.



Rannpháirtíocht Spóirt agus Áineasa a Mhéadú



Rannpháirtíocht Mhór agus Gníomhachtú Pobail

- Seachtain Náisiúnta na Rothar agus Laethanta Súgartha: Ghlac 6,722 duine páirt i 40 gníomhaíocht, agus tugadh aghaidh ar sprioc an *Phlean Náisiúnta um Ghníomhaíocht Fhisiciúil* maidir le rothaíocht agus siúlóid áineasa a mhéadú.



- Marathon Kids (Raon Dhún Leo): Tionscnamh reatha ard-infheictheachta do dhaoine óga leis an lúthchleasaí Oilimpeach David Gillick; a dearadh chun dul i ngleic leis an "titim" i ngníomhaíocht a aithníodh sa *Staidéar CSPPA (Rannpháirtíocht Spóirt agus Gníomhaíocht Choirp Leanaí)*.
- Slite Fitstick: Forbraíodh é mar acmhainn shóisialta inbhuanaithe, a sholáthraíonn conairí aclaíochta inrochtana, ísealtionchair i bpobail thuaithe chun gníomhaíocht choirp a chomhtháthú sa timpeallacht nádúrtha.

David Gillick ag Marathon Kids ag Raon Reatha Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe.

Cláir Ionchuimsitheacha agus Éagsúlachta Spriocdhírithe



- Women in Sport agus HER Moves: Idirghabhálacha spriocdhírithe do dhéagóirí mná chun an bhearna rannpháirtíochta inscne a líonadh, agus aghaidh á tabhairt go sonrach ar Bheartas na mBan sa Spórt de chuid Spórt Éireann.
- Triatlón Ionchuimsitheach (Droichead an Chláirín): Imeacht suaitheanta lena mbaintear bacainní fisiciúla ar spórt iomaíoch, a chomhlíonann an sainordú maidir le Dearadh Uilíoch sa Spórt chun rochtain chothrom a chinntiú le haghaidh daone de gach cumas.
- Men on the Move: Clár bunaithe ar fhianaise atá dírithe ar fhir neamhghníomhacha, a sholáthraíonn cosán ríthábhachtach idirghabhála sláinte chun dul i ngleic le haonrú sóisialta agus riosca cardashoithíoch.
- For-rochtain Straitéiseach Oileáin Ghníomhacha: Comhordú tiomnaithe chun cothromas geografach a chinntiú do phobail amach ón gcósta, agus i measc bhuaicphointí 2025 tá:
    - Ranganna Aclaíochta do Dhaoine Scothaosta: Seachadadh cumaisc (ar an láthair agus ar Zoom) i gcomhpháirtíocht le Siel Bleu agus Éire Shláintiúil ar Inis Meáin agus Inis Oírr.
    - Couch to 5k na nOileán: Clár struchtúrtha 8 seachtaine trasna Inis Bó Finne, Inis Mór, Inis Meáin, agus Inis Oírr, agus leas á baint as áiseanna agus imeachtaí áitiúla amhail Parkrun Inis Meáin.
    - Club Iomramh Inis Meáin: Bunú club rámhaíochta nua, rud a d'fhág go raibh 56 clárúchán ann agus clár rámhaíochta samhraidh leanúnach ar siúl.

Nuálaíocht Shóisialta CSE+: Idirghabhálacha Ardthionchair

- Club OSAAT (One Step At A Time): Cosán téarnaimh speisialaithe do dhaoine atá cóireáil á bhfáil acu le haghaidh andúile, tríd an spórt a úsáid mar uirlis le haghaidh néar-athshlánúcháin agus ath-imeasctha sa phobal.
- Na hÓige i mBaol: Seisiúin ghníomhaíochta coirp spriocdhírithe (leaisteanna léasair, millín péinte, cairtíní) do dhaoine óga leochaileacha chun roghanna malartacha sóisialta a sholáthar in ionad iompair fhrithshóisialta.

Maoirseacht ar Bhonneagar Straitéiseach agus Maoiniú

- Baineadh úsáid rathúil as Ciste Rannpháirtíochta na Náisiún trí dhíriú ar ghrúpaí tosaíochta an Bheartais Náisiúnta Spóirt - go háirithe iad siúd i bpobail ard-bhochtaineachta agus mionlaigh, rud a laghdaigh bacainní socheacnamaíocha go héifeachtach ar bhallraíocht i gclubanna príomhshrutha ar fud na Gaillimhe.
- Sa bhliain 2025, baineadh an bac ar "chostas trealaimh" trí úsáid a bhaint as naoi n-aonad 'BoxUp' grianchumhachtaithe de chuid Cathracha Gníomhacha ar fud na Gaillimhe sa bhliain 2025, trí rochtain saor in aisce, bunaithe ar aip, a sholáthar ar threalamh spóirt agus fóillíochta ar feadh suas le trí huaire an chloig. Cuireadh tús leis an seoladh líonra seo le suiteáil shuaitheanta ag Tailte Phálás Thuama sa Chontae, agus bhí rolladh amach cuimsitheach ar fud na Cathrach in ocht suíomh straitéiseacha chomh maith, lena n-áirítear Dabhach Uisce, an Baile Bán (Páirc Pháirc an Chaisleáin), Páirc Uí Shúilleabháin, An Rinn Mhór, Páirc Theas, Páirc Mhic Crath, Páirc Bhóthar na Trá, agus Páirc an Taoibh Thiar.
- Rochtain Dhigiteach: Seoladh shuíomh gréasáin nua GSP, sruthlíniú a dhéanamh ar iarratais ar dheontais agus feabhas a chur ar thrédhearcacht do na breis is 1,000 oibrí deonach a ndearnadh oiliúint orthu i mbliana.

Áineas Allamuigh a Fheabhsú

Ba é an cuspóir a bhí againn don timthriall maoinithe in 2025 ná an infheistíocht i dtionscadail áineasa tuaithe ar fud Chontae na Gaillimhe a uasmhéadú, rud a léiríonn ár dtiomantas leanúnach do dheiseanna áineasa tuaithe ardchaighdeáin a leathnú agus folláine chónaitheoirí agus cuairteoirí araon a fheabhsú.

Fuair dhá thionscadal ceadú maoinithe ón Roinn faoin Scéim Áineasa agus Bonneagair Allamuigh: síneadh na gcosán ag Rinn Mhíl, arna chur isteach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe thar ceann Choiste Órán Mór, Meáraí agus Rinn Mhíl; agus oibreacha deisiúcháin dromchla ar Bhealach Ó Maine, thar ceann Chomhlacht Forbartha Eachroma.

I rith 2025, lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de thacaíocht a thabhairt do phobail áitiúla i bhforbairt tionscadal áineasa allamuigh agus baineadh dul chun cinn suntasach amach ar thionscadail áineasa allamuigh atá ar siúl. Tugadh naoi dtionscadal chun críche san iomlán. Chuir na hoibreacha seo go mór le feabhsú bhonneagar áineasa an chontae, rud a d'fhág go bhfuil áiseanna nua ar fáil go hiomlán anois don phobal.

Críochnaíodh carrchlós poiblí nua sa Teach Dóite; seachadadh feabhsuithe breise freisin ar phríomháiseanna allamuigh, lena n-áirítear feabhsuithe ar an ngréasán conairí ag Coillte Gharrán an Chaisleáin, Lúibín Leitir Móir agus Lúibín Gharumna; agus rinneadh uasghráduithe ar áiseanna ag tránna Indreabhán agus Chill Mhuirbhigh chomh maith.

Ceadaíodh maoiniú deontais ORIS le haghaidh síneadh a chur le Siúlbhealaí Pháirc Rinn Mhíl agus feabhsuithe feadh chonair Bhealach Ó Maine agus cuirfear tús le hoibreacha in 2026.



Carrchlós Poiblí ag an Teach Dóite



Conair Choillte Gharrán an Chaisleáin



Bothán nua garda tarrthála trá agus comharthaíocht ag Indreabhán.

Freagairt Éigeandála Chomhordaithe a Threorú



Spreag Stoirm Éowyn freagairt chomhordaithe ar fud an chontae faoi stiúir na Foirne Bainistíochta Sinsearaí agus le tacaíocht ó na haonaid uile. Bhí 54 Mol Freagartha Éigeandála ag feidhmiú ag an mbuaicphointe, agus laghdaíodh é sin go 36 nuair a tháinig an soláthar cumhachta ar ais. Rinne an Fóram Freagartha Pobail comhordú laethúil le gníomhaireachtaí lena n-áirítear an BSL, an Garda Síochána, an FSS, an Post, an DSP, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus comhpháirtithe deonacha chun tacú le daoine leochaileacha maidir le rochtain ar sheirbhísí riachtanacha, seiceálacha leasa shóisialaigh agus áiseanna éigeandála.

Oifig na nEalaíon, Éire Ildánach agus Clár na hEalaíne Poiblí

Chuir an Oifig Ealaíon clár fairsing i gcrích in 2025 lena n-áirítear tionscadail thábhachtacha:

Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí	Maoiníodh 14 Sparánacht Ealaíontóra; Cónaitheachtaí Ealaíontóirí in Áras Éanna, Interface Inagh Valley agus Studio Mór, Ceardlann Forbartha Scripte, Ceardlanna Forbartha Ceoil le haghaidh bhannaí ceoil. Sparánacht um Chlár Faisnéise Gearr 2025.
Ealaíona Óige	Tacaíodh le 4 Ealaíontóir i Scoileanna, Bliain 2 de Tiny Mutiny Showcase (Clár meantóireachta d'Ealaíontóirí Óga), camchuairt Branar de chuid Clann Lir chuig 11 scoil, chuaigh Ballad of a Bandit le Miquel Barcelo chuig 18 scoil náisiúnta, tionscadal ealaíne Tulca le Scoileanna Bhaile Átha an Rí, an Ghoirt agus Charna.
Pobal	Maoiníodh 69 nDeontas Ealaíon, maoiníodh 7 dtionscadal i gciste Fáis Pobail Thuama, tugadh tacaíocht dhíreach don fhéile ealaíon nua Something in the Water.
Na hEalaíona i gComhthéacs	Choimisiúnaigh an Oifig Ealaíon tuarascáil agus plean mionsonraithe a dhíríonn ar rannpháirtíocht sna healaíona agus ar sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas sa chontae. Thug sé tacaíocht do bheirt ealaíontóirí ó Chontae na Gaillimhe chun páirt a ghlacadh i gclár oiliúna Malartú Cúraim Ealaíontóirí (ACE) de chuid Age & Opportunity.

 **Oíche Chultúir** ***Oíche Chultúir Lumina, an Clochán sonraí an ghrianghrafadóra: Marc Jennings***	Eagraíodh breis is 50 imeacht don chlár Oíche Chultúir, lena n-áirítear ceol, amharclannaíocht, na healaíona amhairc, filíocht, déanamh irisí, grianghrafadóireacht, drumadóireacht, ceardaíocht agus scéalaíocht le haghaidh gach aois.
Éire Ildánach	Seachadadh breis is 70 imeacht do Chruinniú na nÓg 2025; Tacaíodh le 7 dtionscadal de chuid na Foirne Cultúir, 9 dtionscadal suaitheanta agus 12 thionscadal Glaonna Oscailte. Fuarthas maoiniú breise le haghaidh Camchuairt Ceoil i dTithe Altranais.
Ealaín Phoiblí	Suiteáladh 5 shaothar ealaíne le Stephen Burke ar an Sean-Droichead i gCreachmhaoil. Seoladh an coimisiún **Stone Walls and The Grass is Green** Scéim an Chéatadáin don Ealaín, Baile Chláir.

Scéim Tacaíochta Pobail (CSS)

Infheistíodh €321,750 i leithdháiltí CSS don bhliain 2025, lena n-áirítear €18,000 do Fhéilte Réigiúnacha agus Imeachtaí Rannpháirteacha ó Fáilte Éireann agus tacaíochtaí leathnaithe do phobail ar fud an chontae. Cuireann an maoiniú sin leis na cláir oibre shuntasacha eile a dhéanann an Chomhairle ar leibhéal áitiúil, chomh maith le hinfheistíocht trí scéimeanna maoinithe éagsúla de chuid na Roinne. I measc na gcatagóirí tacaíochta bhí forbairt eacnamaíoch, forbairt pobail agus áiseanna, turasóireacht, na healaíona, oidhreacht agus an Ghaeilge.

Clár Aoisbháúil

Glacadh leis an Straitéis Aoisbháúil 2026-2031 do Chathair agus Chontae na Gaillimhe in 2025. Bhí comhairliúchán suntasach ann i rith 2025 chun an straitéis a thabhairt chun críche. Chuir Comhairle Daoine Scothaosta Chontae na Gaillimhe (OPC) leis an tionscadal trí roinnt seisiún comhairliúcháin. Bhí ionchur ag baill den OPC sa chomhairliúchán straitéise amhail Deontais Tithíochta a bheith mar chuid den straitéis toisc nach bhfuil mórán daoine ar an eolas faoi na deontais atá ann le cur isteach orthu. Ina theannta sin, léiríodh tuairim nach bhfuil na deontais seo ar fáil ar líne amháin mar nach bhfuil rochtain ag gach duine scothaosta ar dheontais ar líne ná nach bhfuil siad in ann iarratas a dhéanamh orthu ar líne. Deimhníodh go bhfuil gníomh sa Dréachtstraitéis i ndáil le cuimsitheacht agus oiliúint dhigiteach.

Ba dheis í Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh 2025 chun béim a chur ar an dearfacht i leith na haosaithe. Is é aidhm an tionscnaimh aird a tharraingt ar na rudaí iontacha go léir a thugann daoine scothaosta dár saol agus dár bpobail. Déantar Seachtain na hAosaithe Dearfaí a cheiliúradh go háitiúil i nGaillimh tríd an Taispeántas Laochra Áitiúla'. Leagann an taispeántas seo béim ar scéalta spreagúla daoine scothaosta eisceachtúla ó Chathair agus Chontae na Gaillimhe a roinn a dtaithí phearsanta ar aosú go fial, rud a léirigh a seasmhacht agus a gcuid ionchuir dár bpobal.



Cathaoirleach Chontae na Gaillimhe, David Collins agus Leas-Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Alan Cheevers ag seoladh Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh 2025.

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe (PPN)

Is ardán é PPN Chontae na Gaillimhe atá ceaptha chun rannpháirtíocht an phobail i rialachas áitiúil a fheabhsú, rud a ligeann do chónaitheoirí agus do ghrúpaí pobail a gcuid imní a chur in iúl agus tionchar a imirt ar chinnteoireacht. Is é an PPN an mheicníocht lena nascann an tÚdarás Áitiúil agus lena ndéanann sé teagmháil leis an earnáil phobail trí chéile, agus is é sin an guth ionadaíoch atá ag na hearnálacha pobail agus deonacha, ionchuimsithe shóisialta agus comhshaoil.

Is é príomhról PPN ná líonra a chruthú a thugann gach grúpa pobail agus deonach, grúpaí ionchuimsithe shóisialta, agus grúpaí a bhfuil suim acu sa chomhshaol, le chéile. Roinntear faisnéis agus is féidir le daoine obair le chéile ar ábhair beartas. Tá breis is 1,600 ball i PPN Chontae na Gaillimhe.

Cruinnithe, Oiliúint agus Imeachtaí PPN

Cruinnithe PPN:

Reáchtáil PPN Chontae na Gaillimhe dhá chruinniú iomlánach in 2025. Ceann amháin ar an láthair i mí Mheán Fómhair i mBaile Átha an Rí agus an dara ceann i mí na Samhna ar líne.

Cruinniú Iomlánach Mheán Fómhair – ar an láthair:
Reáchtáil Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe (PPN) a Chruinniú Iomlánach in Óstán Raheen Woods, Baile Átha an Rí, inar tugadh grúpaí ball ó gach cearn den chontae le chéile chun líonrú, nuashonruithe a roinnt, agus plé bríoch a dhéanamh ar fhorbairt pobail.



Marie Heneghan, ball den Choiste Rúnaíochta ag labhairt ag an gCruinniú Iomlánach in Óstán Raheen Woods, Baile Átha an Rí i mí Mheán Fómhair 2025

- Thug breis is 100 duine cuairt ar 25 bhord taispeántóirí, a bhí á óstáil den chuid is mó ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag raon soláthraithe seirbhísí áitiúla agus náisiúnta. Chuir na boird seo faisnéis ar fáil faoi chláir mhaoinithe, faoi thacaíochtaí pobail agus faoi sheirbhísí poiblí. Chruthaigh an seisiún líonraithe spás bríomhar do bhaill chun nascadh, smaointe a roinnt agus deiseanna comhoibrithe a iniúchadh. Tugadh suirbhé gearr do gach duine a bhí i láthair maidir le tosaíochtaí PPN amach anseo.

Cruinniú Iomlánach na Samhna - ar líne: Reáchtáil PPN Chontae na Gaillimhe a gcruinniú iomlánach geimhridh ar líne an 12 Samhain. Bhí thart ar 65 duine i láthair. Bhí 6 chainteoir ann ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, Mark Lee ó Campion Insurance agus Martin Ward. Ball de rúnaíocht an PPN.



Oiliúint PPN: Reáchtáladh 7 gceardlann oiliúna do gach ball den PPN i rith 2025. Ina measc seo bhí; Iarratais ar Dheontais, Buiséid a Thuiscint agus a Ullmhú, Foinsí Maoinithe, ceardlanna x2 ar Straitéis na Meán Sóisialta d'Eagraíochtaí Neamhbhrabúis, Uirlisí Léiriúcháin Microsoft Office 365, Róil Chathaoirligh agus POF, Caidrimh agus Teorainneacha.



Imeachtaí PPN: D'fhreastail ár bhfoireann ar go leor imeachtaí/comhdhálacha i rith 2025; Comhdháil PPN Iarthuaiscirt i bPort Laoise, Imeacht Pobail Sláinte agus Folláine Dhroichead an Chláirín, Comhdháil Náisiúnta PPN in Óstán Knightsbrook, Baile Átha Troim, imeacht líonraithe Fiontar Sóisialta Uachtar Ard, Imeacht Pobail Sláinte agus Folláine Phort Omna, i measc nithe eile. Reáchtáiltear cruinniú Rúnaíochta PPN thart ar gach 6 seachtaine chun an plean oibre leanúnach agus aon ábhair ábhartha a bhfuil gá leo a phlé a phlé.



Nuachtlitreacha: Sa bhliain 2025, d'fhoilsigh an PPN 33 Achoimre Sheachtainiúil agus 12 Nuachtlitir Mhíosúil.

An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail:

Is clár iomlánaíoch spriocdhírithe é an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP) do dhaoine ar leith atá faoi mhíbhuntáiste agus gur lú an seans go n-úsáidfidh siad seirbhísí príomhshrutha. Is é CCSGP príomhchlár cuimsitheachta sóisialta na hÉireann agus tá sé maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta trí Chiste Sóisialta na hEorpa agus á bhainistiú ag an leibhéal áitiúil ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil le tacaíocht ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Faoin gclár, cuireann Clárfheidhmitheoirí tacaíocht dhíreach ar fáil do dhaoine ar leith bunaithe ar a gcuid riachtanas aitheanta, d'fhonn forbairt phearsanta a chur chun cinn agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo torthaí níos fadtéarmaí amhail fostaíocht agus oideachas. Díríonn an clár freisin ar chomhriachtanais phobail agus aithníodh 'Daoine a chónaíonn i bpobail a mbíonn tionchar ag Míbhuntáiste orthu' mar spriocghrúpa tosaíochta, agus úsáidfidh Clárfheidhmeoirí cur chuige forbartha pobail solúbtha chun na cineálacha idirghabhálacha, tionscadal agus tionscnamh is oiriúnaí a dhearadh agus a sheachadadh chun dul i ngleic le bochtaineacht, rátaí arda dífhostaíochta, agus saincheisteanna eile a bhaineann leis na ceantair agus na pobail bheaga is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa Chontae. Tá sé mar aidhm ag CCSGP bochtaineacht a laghdú agus cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn trí rannpháirtíocht áitiúil agus comhoibriú idirghníomhaireachta le seirbhísí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

Ó 2024 i leith agus faoin tréimhse nua 5 bliana de chuid CCSGP 2024-2028, is é 3 líon na Láithreán i gContae na Gaillimhe, mar seo a leanas:

- Gaillimh Thoir: Ceantair Bhardasacha Bhaile Átha an Rí-Órán Mór, Bhéal Átha na Sluaighe, Bhaile Locha Riach & Thuama
- Gaillimh Thiar: Ceantar Bardasach Chonamara seachas oileáin na Gaillimhe
- Oileáin na Gaillimhe: Oileáin na Gaillimhe (Inis Mór, Inis Meáin, Inis Oírr, Inis Bó Finne)

Is comhbhuiséad de bheagnach €1.8m in aghaidh na bliana iad na conarthaí do CCSGP i gContae na Gaillimhe thar shaolré an chláir agus cuireadh i bhfeidhm é thar 3 Láithreán; Gaillimh Thoir agus Oileáin na Gaillimhe ag CLG Forbartha Tuaithe na Gaillimhe, agus Gaillimh Thiar ag Fóram CLG Chonamara in 2024. Síníodh conradh nua chun an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP) a sheachadadh d'Oileáin na Gaillimhe i mí na Nollag 2024. Shínigh Comhar na nOileán, an Clárfheidhmitheoir, conarthaí chun an clár a sheachadadh, mar aon le Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus tháinig siad i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025.



Ag freastal ar shíniú Chonradh Oileáin na Gaillimhe CCSGP an 16 Nollaig 2024 ag Seomra Chomhairle Chontae na Gaillimhe, bhí (c-d) an Comhairleoir Michael Connolly, Marian Uí Chonghaile, Oifigeach Airgeadais, Comhar na nOileán CTR, Liam Conneally, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Máire Uí Mhaoláin POF, Comhar na nOileán CTR agus Kieran Coyne, Príomhoifigeach CFPÁ, Comhairle Chontae na Gaillimhe.

An Clár Feabhsúcháin Áitiúil – LEP 2025

D'iarr Comhairle Chontae na Gaillimhe, thar ceann an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), iarratais ar mhaoiniú ó ghrúpaí pobail nó deonacha neamhbhrabúis laistigh de limistéar riaracháin Chontae na Gaillimhe faoin gClár Feabhsúcháin Áitiúil 2025. Tá an Clár Feabhsúcháin Áitiúil maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus na Gaeltachta agus á riaradh ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) i ngach limistéar údaráis áitiúil agus fuair CFPÁ Chontae na Gaillimhe leithdháileadh ar luach €213,600.

Ba é cuspóir an Chiste Tacaíochta Pobail seo ná tacú le grúpaí, go háirithe i gceantair faoi mhíbhuntáiste, leis na nithe seo a leanas:
Leithdháileadh Ginearálta Caipitil de €183,086 agus Leithdháileadh Maoinithe Reatha (costais reatha) de €30,514.

- Sannadh Maoiniú Caipitil (€183,086) chun tacú le grúpaí deisiúcháin agus feabhsúcháin a dhéanamh ar a gcuid saoráidí, agus trealamh a cheannach le húsáid ag an bpobal.

- Sannadh Maoiniú Reatha (€30,515)chun tacú le grúpaí beaga pobail amhail Bothán na bhFear/na mBan lena gcostais reatha neamhphá, e.g. árachas, leictreachas, téamh, etc.

Shocraigh CFPÁ uasdeontas €5,000 agus thug sé tosaíocht do thionscadail a d'fheabhsódh ceantair faoi mhíbhuntáiste nó chabhródh le grúpaí faoi mhíbhuntáiste. Ba iad na cineálacha grúpaí a fuair maoiniú faoin sruth sin ná Ionaid Phobail agus seirbhísí eile a bhí dírithe ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus leithdháileadh maoiniú ar uasghrádú ar shaoráidí pobail, rochtain agus feabhsúcháin sábháilteachta ar thaitneamhachtaí pobail, agus tionscnaimh sábháilteachta pobail.

Aithníonn CFPÁ Chontae na Gaillimhe go bhfuil na deontais chaipitil seo riachtanach do na grúpaí agus na heagraíochtaí pobail beaga iomadúla atá gníomhach ar fud an Chontae, go háirithe iad siúd a fhreastalaíonn ar phobail faoi mhíbhuntáiste i gceantair thuaithe agus uirbeacha, nó a théann i ngleic le míbhuntáiste ar bhealaí eile. Tá sé mar aidhm ag ciste LEP tacú le tosaíochtaí straitéiseacha áitiúla trí naisc leis na Pleananna Pobail Eacnamaíocha Áitiúla (LECPanna). Ós rud é go bhfuil an t-aonrú sóisialta agus an uaigneas coitianta ar fud an Chontae, tá CFPÁ dírithe ar thacú le forbairt áiseanna agus seirbhísí sóisialta agus pobail a sholáthraíonn spásanna cruinnithe sábháilte, fáilteacha, agus a chuireann cuimsiú gníomhach chun cinn do chách (Cuspóir SCO 2.1 den LECP).

B'ionann líon na n-iarratas a fuarthas le haghaidh maoiniú reatha agus 146 iarratas agus fuarthas 189 iarratas le haghaidh maoiniú caipitil. Bhí 111 iarratas rathúil faoin Leithdháileadh Ciste Ginearálta a fuair €183,086 agus 51 iarratasóir rathúil faoin Leithdháileadh Ciste Reatha a fuair €30,514.

Sa Chiste Ginearálta €183,086 – bhí dhá chatagóir ann - deontais faoi €1,000 agus deontais os cionn €1,000. I gcomhréir le moltaí na Roinne, leithdháileadh timpeall 30% de na cistí ar dheontais bheaga ní ba lú ná €1,000. Tá sé seo chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag grúpaí beaga an phobail a bhfuil maoiniú teoranta acu ar an trealamh a theastaíonn uathu chun tacú lena bpobal. Bronnadh 60 deontas ar luach €1,000, ar luach iomlán de €44,770. Tugadh tús áite do thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí pobail níos lú a bhfuil acmhainní teoranta acu atá gníomhach ar leibhéal an phobail chun trealamh a cheannach le húsáid ag an bpobal nó chun deisiúcháin/tionscadail bheaga caipitil tírdhreacha a dhéanamh Samplaí: trealamh do Bhotháin na bhFear, Grúpaí Daoine Scothaosta, Grúpaí Óige, Grúpaí Pobail i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste. Bronnadh 51 deontas ar luach €138,316 san iomlán os cionn €1,000.

Léirigh na hiarratais rathúla na tosaíochtaí a comhaontaíodh leis an CFPÁ agus chomhlíon siad na critéir seo a leanas;

- trealamh a sholáthar lena úsáid ag an bpobal i gcoitinne
- rochtain níos fearr a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas / daoine scothaosta
- rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí pobail a fheabhsú do ghrúpaí agus do cheantair atá imeallaithe agus faoi mhíbhuntáiste
- chun éifeachtúlacht fuinnimh na saoráidí pobail seo a fheabhsú chun costais leanúnacha a laghdú trí oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh nó deisiúcháin/feabhsuithe




Halla Bhaile Mhic an Bhaird– Péinteáil



Ionad Pobail agus Páirc Liatroma Bhéal Átha Dúgáin – fuinneoga nua





Coiste Pobail Ros a Mhíl - Aonaid chistine a sholáthar agus a fheistiú	*Cumann Paróiste Mainistir Chnoc Muaidhe CLG*
 *Feabhsuithe ar Amharclann Halla an Bhaile i mBéal Átha na Sluaighe – doirse nua isteach san fhorhalla*	 *Céadfhreagróirí Pobail Órán Mór – dífhibrileoir suiteáilte lasmuigh de Stáisiún Gardaí Órán Mór*

Clár um Chumhachtú Pobal 2025

Is clár píolótach náisiúnta €2m é an **Clár um Chumhachtú Pobail** (CCP) a dhíríonn ar 14 cheantar bheaga a bhfuil an leibhéal díothachta socheacnamaíche is airde acu (arna thomhas ag Innéacs Díothachta Pobal HP). Baineann an clár seo úsáid as prionsabail forbartha pobail chun dul i ngleic le heisiamh sóisialta agus díothacht. Trí theagmháil a dhéanamh leis na spriocphobail, caidrimh a fhorbairt le páirtithe leasmhara agus grúpaí pobail, comhoibriú le gníomhaireachtaí reachtúla agus struchtúir eile mar aon le cur chuige ón mbun aníos a úsáid, tugtar cumhacht do phobail freagraí saincheaptha agus inbhuanaithe a cheapadh ar dhúshláin a shainaithnítear. Go háirithe, oibríonn an ECP go dlúth le tionscnaimh eile a fuair maoiniú ón rialtas, amhail na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail, an Clár Gníomhachtaithe Pobail um Ionchuimsiú Sóisialta, Ceartas i leith an Aois Óig, Gardaí Pobail, Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Éire Shláintiúil, etc.

Is é an limistéar atá clúdaithe ag CCP Bhéal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe an Limistéar Beag Uirbeach ina bhfuil sé eastát: Ardán Ghrealláin, Páirc Naomh Áine, Páirc Naomh Treasa (na trí eastát tosaigh), chomh maith le Páirc an Churraigh, Páirc Ó Maine agus Cúirt Dhún Leo (atá á spriocdhíriú anois freisin). Tá an clár á riaradh ag CLG Forbartha Tuaithe na Gaillimhe (GRD).

Sa bhliain 2025, bhí ceannaire foirne tionscadail agus Oibrí Rannpháirtíochta Pobail páirtaimseartha amháin ag obair don tionscadal. Tá an leithdháileadh buiséid bunaithe ar an daonra i ngach ceantar beag agus faigheann Ceantar Uirbeach Bhéal Átha na Sluaighe leithdháileadh bliantúil ar luach €140,000. I mí Iúil 2025, eisíodh Litir Ghealltanais athbhreithnithe ina leagtar amach na socruithe maoinithe idir an Roinn, Comhairle Cohntae na Gaillimhe/CFPÁ agus Cuideachta Forbartha Tuaithe na Gaillimhe a chlúdaíonn an tréimhse ón 9 Lúnasa 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025. Ghlac an Roinn an cinneadh litreacha gealltanais don Chlár um Chumhachtú Pobail a reáchtáil ar bhonn bliana féilire. Cuireadh maoiniú breise de €55,616 ar fáil chun léiriú a dhéanamh ar an litir ghealltanais athbhreithnithe chun an tréimhse ón 9 Lúnasa 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025 a chlúdach. Ina theannta sin, i mí Iúil 2025, cuireadh maoiniú breise ar fáil mar bheart aonuaire chun tacú le tograí tionscadail shonracha a d'fhéadfadh tacú leis na limistéir reatha CCPP. Próiseas iomaíoch a bhí ann agus leithdháileadh uasta €30,000 ar na CCPPanna rathúla. Ullmhaíodh achoimre ina leagadh amach an togra tionscadail agus deonaíodh €5,735.

Tá roinnt de na tionscadail a rinneadh le linn 2025 thíos:

- Oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil do chónaitheoirí i gceantar Cumhachtú Pobal ionas go gcuirfear ar a gcumas chun dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara reachtúla amhail Comhairle Chontae na Gaillimhe, an Garda Síochána, ionadaithe tofa áitiúla, Tusla agus Seirbhísí Sóisialta agus cruinnithe a reáchtáil leo ar bhealach struchtúrtha agus bríoch ina bhféadfaidh siad a dtuairimí agus a riachtanais a chur in iúl gan coimhlint a bheith ann agus caidrimh a bhriseadh síos mar a bhí ag tarlú roimhe seo.
- Ag déanamh abhcóideachta thar ceann an phobail sna ceantair spriocdhírithe chun cabhrú le feasacht a mhúscailt faoi na saincheisteanna leanúnacha atá rompu. Le béim ar leith ar iompar frithshóisialta agus saincheisteanna bainistíochta eastáit.
- Cúrsaí amhail Déanamh Seodra / Oiliúint AED / Cúrsaí socraithe agus ceardaíochta bláthanna / DIY

- Tacaíochtaí don scoilbhliain nua do theaghlaigh atá i ngátar i gcomhar le hIonad Acmhainní Teaghlaigh Bhéal Átha na Sluaighe
- Oiliúint feasachta comhshaoil i gcomhar le hOifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide CCSGP.
- Tacaíodh le himeachtaí amhail turais samhraidh do dhaoine óga, glantacháin phobail, imeachtaí dírithe ar shaoránaigh shinsearacha, cónaitheoirí ar a n-oilithreacht bhliantúil go dtí an Cnoc, ceiliúradh Aifrinn 50 bliain agus rannpháirtíocht agus gníomhaíochtaí do dhaoine óga Oíche Shamhna.



Ullmhú boscaí fuinneoige do chónaitheoirí Pháirc Naomh Áine, Pháirc Naomh Treasa agus Ardán Ghrealláin



Cúrsa socraithe bláthanna do chónaitheoirí Pháirc Naomh Áine, Pháirc Naomh Treasa, Ardán Ghrealláin, Pháirc Ó Maine agus Pháirc an Churraigh



Cúrsa DIY ardleibhéil do chónaitheoirí Pháirc Naomh Áine, Pháirc Naomh Treasa, Ardán Ghrealláin, Pháirc Ó Maine agus Pháirc an Churraigh



Imeacht pobail ar fhaiche Ghrealláin i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe agus Seirbhís Óige Involve

Leis an tionscadal, rinneadh teagmháil agus idirghníomhú le gach teaghlach sna sprioceastáit ar go leor ócáidí in 2025 trí rannpháirtíocht ó dhoras go doras, suirbhéanna agus soláthar faisnéise. Ina theannta sin, tá feasacht mhéadaithe ar CCP i measc páirtithe leasmhara, tacaíochtaí agus eagraíochtaí ar fud cheantar bardasach Bhéal Átha na Sluaighe toisc go bhfuil an tionscadal dírithe ar fheasacht a mhéadú ar an gclár i mBéal Átha na Sluaighe agus ar sheirbhísí agus tacaí atá ar fáil i gceantar Bhéal Átha na Sluaighe a chur chun cinn do chónaitheoirí na sprioceastát.

Bhí an tionchar dearfach agus an tairbhe don sprioclimistéar suntasach. Léirigh aiseolas ó chónaitheoirí, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Ionad Acmhainní Teaghlaigh Bhéal Átha na Sluaighe agus eastáit Pháirc Naomh Treasa, Pháirc Naomh Áine agus Ardán Ghrealláin agus Cumann Áitritheoirí Pháirc Ó Maine agus Pháirc an Churraigh an tionchar dearfach atá ag an tionscadal.

Gaillimh Shláintiúil

Leanann **Contae na Gaillimhe Sláintiúil** aidhmeanna Chreat náisiúnta Éire Shláintiúil a chur chun cinn ar feadh 2025 trí réimse tionscnamh sláinte agus folláine a chur ar fáil ar fud an chontae. Tá an clár dírithe i gcónaí ar shláinte a fheabhsú, neamhionannas a laghdú, agus tacaíochtaí do thionscnaimh phobail a neartú.

Is tosaíocht lárnach í rannpháirtíocht shóisialta agus fóillíochta sheachtainiúil a mhéadú i measc daoine fásta atá 50 bliain d'aois nó níos sine, i gcomhréir le cuspóir an chláir 2022–2025. Tacaítear le seachadadh an chláir trí chomhoibriú idir gníomhaireachtaí reachtúla, eagraíochtaí pobail, agus an earnáil dheonach, rud a chinntíonn cur chuige comhordaithe atá bunaithe ar fhianaise. Faigheann Comhairle na Gaillimhe leithdháileadh bliantúil €75,000 ó Éire Shláintiúil agus déanann Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe (CFPÁ) agus Fochoiste na Gaillimhe Sláintiúla maoirseacht ar an maoiniú seo, a threoraíonn rialachas, caiteachas agus cur i bhfeidhm gníomhartha maoinithe an chláir.

I rith 2025, tharla forbairtí suntasacha ar fud phríomhréimsí tosaíochta an chláir. Lean **Líonra Caiféanna Néaltraithe** de bheith ag fás i gConamara, le caiféanna i gCloch na Rón, Leitir Fraic, Uachtar Ard, an Cheathrú Rua, agus an Clochán ag tairiscint deiseanna rialta le haghaidh nasc sóisialta bríoch, rochtain ar fhaisnéis, agus tacaíocht piaraí do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus dá gcúramóirí. Chuir na caiféanna seo gníomhaíochtaí struchtúrtha ar fáil, d'éascaigh siad comhráite, agus threoraigh siad daoine chuig tacaíochtaí áitiúla, rud a chabhraigh le haonrú a laghdú

agus rannpháirtíocht néaltrú bunaithe sa phobal a normalú. Ag tosú in 2025, neartaíodh an clár tuilleadh trí phacáistí gníomhaíochta maoinithe, seisiúin faoi stiúir éascaitheoirí, agus rannpháirtíocht ceoil agus ealaíon a thabhairt isteach. Chuir na breiseanna seo feabhas ar an idirghníomhaíocht shóisialta laistigh de na caiféanna agus thacaigh siad le rannpháirtíocht mhéadaithe ó chúramóirí, rud a chruthaigh timpeallacht níos cuimsithí agus níos tarraingtí do na daoine uile a bhí páirteach ann.



Cuireadh tús leis an g**Clár Sláinte na mBan** in 2025 le rolladh amach sceideal cuimsitheach cainteanna bunaithe ar shaineolaithe pobail, mar chuid de chreat hibrideach a seachadadh i roinnt ionaid, agus a raibh sé mar aidhm aige feasacht a fheabhsú trí oideachas, tacaíochtaí sos míostraithe, seirbhísí meabhairshláinte, agus cleachtais stíl mhaireachtála shláintiúla. Ní hamháin gur dhírigh an clár ar mhná a chur ar an eolas ach iad a chumhachtú freisin trí oideachas sláinte inrochtana a sholáthar agus stiogma a bhaineann le sos míostraithe, sláinte ghnéis agus folláine mheabhrach a laghdú.

Leis na tionscnaimh sin, cuireadh ar chumas na mban, go háirithe iad siúd i bpobail thuaithe agus oileáin, rochtain a fháil ar fhaisnéis iontaofa, íogair ó thaobh cultúir de go háitiúil, rud a laghdaigh bacainní ar rannpháirtíocht agus a thacaigh le príomhthosaíochtaí Éire Shláintiúil. Bhí rannpháirtíocht láidir agus bhí láithreacht ann i ngach seisiún, agus tacaíodh leis sin le comhpháirtíochtaí láidre le Fóram Chonamara, Comhar na nOileán, FSS, Ionaid Acmhainní Teaghlaigh Solas agus Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe.

Forbraíodh **Clár Sláinte Feirmeoirí Taking Stock** in 2025 freisin i gcomhpháirtíocht le FSS, Éire Shláintiúil agus comhordaitheoirí Éire Shláintiúil do Ros Comáin agus Maigh Eo. Seiceálacha sláinte láithreáin agus scagthástáil cardashoithíoch i margaí agus in ionaid thuaithe, ag soláthar seiceálacha sláinte láithreáin agus scagthástáil cardashoithíoch inrochtana d'fheirmeoirí i margaí agus in ionaid thuaithe, ag soláthar seiceálacha sláinte láithreáin agus scagthástáil cardashoithíoch inrochtana d'fheirmeoirí i margaí agus in ionaid thuaithe, ag soláthar deiseanna luathidirghabhála inrochtana d'fheirmeoirí seiceálacha sláinte láithreáin agus scagthástáil cardashoithíoch i margaí agus in ionaid thuaithe, ag soláthar deiseanna luathidirghabhála inrochtana d'fheirmeoirí chun nósanna stíl mhaireachtála agus iompraíochtaí nua a ghlacadh agus tacaíochtaí bainistíochta. Admhaíodh ann freisin na brúnna uathúla atá roimh fhir thuaithe, lena n-áirítear uaireanta fada oibre, aonrú, agus rochtain theoranta ar thacaíochtaí bainistíochta. Admhaíodh ann freisin na brúnna uathúla atá roimh fhir thuaithe, lena n-áirítear uaireanta fada oibre, aonrú, agus rochtain theoranta ar sheirbhísí. Cuireadh tús leis an tionscnamh le sraith craoltaí raidió a chuir faisnéis phraiticiúil, inrochtana ar fáil d'fheirmeoirí maidir le sláinte agus folláine. Tacaíodh leis seo le hailt nuachtáin agus bileoga a dáileadh go háitiúil chun na teachtaireachtaí a threisiú. Dhírigh an clár ar théamaí tábhachtacha amhail sláinte chardashoithíoch, meabhairshláinte, agus tacaíochtaí chun strus a bhainistiú. D'infheistigh Contae Sláintiúil na Gaillimhe freisin i bhfeabhsú timpeallachtaí áitiúla a thacaíonn le maireachtáil níos sláintiúla. Bhain scoileanna agus clubanna leas as an gclár Marcálacha Clós Súgartha, rud a chuir ar a gcumas spásanna súgartha gníomhacha a chruthú ar chostas íosta. I gcomhpháirtíocht le GSP agus FSS maidir le feasacht féinmharaithe, dáileadh na Boird Sláinte agus Folláine a bhí fágtha ó chlár 2024 ar láithreacha pobail chun rochtain ar fhaisnéis agus ar chomharthaíocht iontaofa maidir le meabhairshláinte a fheabhsú.

Leanadh ar aghaidh ag tacú le **Gairdíní Pobail** freisin chun cabhrú le grúpaí áitiúla spásanna gairdín comhroinnte a fhorbairt a spreagann cuimsiú sóisialta, a thacaíonn le bithéagsúlacht, agus a chuireann folláine mheabhrach agus fhisiciúil dhearfach chun cinn. Chuir cláir spriocdhírithe bhreise leis an raon gníomhaíochtaí a bhí ar siúl in 2025. Thug an tionscnamh ealaíon Mending Hearts, a seachadadh faoin gciste comhoibríoch Éire Ildánach/Éire Shláintiúil, athshlánú cruthaitheach i bhfoirm ceardlann ealaíne chuig ospidéil agus suíomhanna pobail agus taispeántas chun an saothar seo a thaispeáint i leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe dóibh siúd atá ag téarnamh ó ghalar croí nó stróc.



Leanadh le himeachtaí Sláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm in 2025, lena n-áirítear **Seachtain Sláinte na bhFear**, agus comhoibrithe ilghníomhaireachta eile chun tacú le rannpháirtíocht leanúnach phobail, cur chun cinn sláinte agus ardú feasachta ar fud Chontae na Gaillimhe.

Cé gur cuireadh moill ar chur i bhfeidhm na Mol Digiteach Sóisialta in 2025, leanfar leis an gcur i bhfeidhm in 2026 agus beidh leabharlanna áitiúla i gceannas ar an gcur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le hAoisbhá na Gaillimhe agus

Contae na Gaillimhe Sláintiúil. Cuirfidh na moil seo oiliúint scileanna digiteacha ar fáil do dhaoine fásta atá 50 bliain d'aois agus os a chionn, ag tacú le cuspóir na Gaillimhe Sláintiúla maidir le rannpháirtíocht shóisialta a mhéadú agus litearthacht dhigiteach a fheabhsú i measc daoine scothaosta. -rinneadh tionscadail a stiúradh faoin gclár Gaillimh Shláintiúil, rud a chuir ar chumas grúpaí ar fud an chontae rannpháirtíocht shóisialta a neartú, scileanna nua a fhorbairt agus tacú le torthaí dearfacha sláinte fisiciúla agus meabhairshláinte.



Uirlis chumarsáide agus rannpháirtíochta ríthábhachtach in 2025 ab ea *Nuachtlitir Chontae na Gaillimhe Sláintiúil*, a thug nuashonruithe rialta ar ghníomhaíochtaí cur chun cinn sláinte, forbairtí clár, agus tionscnaimh phobail a dtacaítear leo faoin gclár Chontae na Gaillimhe Sláintiúil agus i measc gníomhaireachtaí comhpháirtíochta. Dáileadh an nuachtlitir ar eagraíochtaí pobail, leabharlanna, comhpháirtithe FSS, grúpaí deonacha, agus páirtithe leasmhara áitiúla, rud a chinntigh rochtain chomhsheasmhach ar fhaisnéis shoiléir agus inrochtana faoi thionscnaimh shláinte atá ag teacht chun cinn, sceidil imeachtaí, agus deiseanna áitiúla le haghaidh rannpháirtíochta. Tá cláir nuashonraithe faoi stiúir Chontae na Gaillimhe Sláintiúil sa nuachtlitir chomh maith le gníomhaíochtaí Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe, cláir phobail chomh maith le faisnéis faoi leithdháiltí maoinithe agus obair chomhoibríoch le comhpháirtithe reachtúla agus deonacha.

Scéimeanna Tuaithe

Sa bhliain 2025, dhírigh obair na Foirne Tuaithe ar dhul i ngleic le folúntais agus dearóiliú, tionscadail feabhsúcháin sráide agus athnuachana sráidbhailte a chur chun cinn, agus uasghráduithe a dhéanamh ar áiseanna agus taitneamhachtaí pobail thábhachtacha, agus é mar aidhm acu pobail thuaithe athléimneacha agus inbhuanaithe a chothú. Bunaíodh an Fhoireann Seachadta Caipitil in 2025 freisin chun tacú le cur i bhfeidhm scéimeanna caipitil i gcomhar leis na foirne tuaithe, forbartha áineasa agus riaracháin.

Scéim Athnuac hana Bailte agus Sráidbhailte (SABS)

Infheistíodh breis is €729,000 faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in sé thionscadal sa bhliain 2025. I Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta an Ghoirt (ACA), fuair 72 mhaoin i lár an bhaile beagán faoi bhun €200,000 i gcúnamh deontais trí Scéim Péinteála Sráide agus Deisiúcháin Aghaidh Siopaí an Ghoirt, arna maoiniú faoi SABS. D'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe go dlúth le Foireann Bhaile an Ghoirt chun an tionscnamh seo a chur i gcrích, ar gníomh de chuid Lár an Bhaile ar dTús, an Gort é. Tugadh aitheantas forleathan don tionchar dearfach a bhí ag an scéim ar chónaitheoirí agus ar ghnólachtaí áitiúla, agus ba é físeán réamh-Nollag na Comhairle a léirigh beocht athnuaite an bhaile an phostáil ba mhó amharc ar ár gcainéil ar na meáin shóisialta.



Íomhánna: Comhairle Chontae na Gaillimhe. Sampla de na Scéimeanna Péinteála Críochnaithe ag Cearnóg an Mhargaidh.

Rinneadh athchóiriú suntasach €250,000 ar Halla an Bhaile i nDún Mór atá 100 bliain d'aois, lena n-áirítear athsholáthar an dín, uasghráduithe ar an halla inmheánach agus ar spásanna don aos óg, agus suiteáil cosáin iontrála inrochtana tar éis dul i gcomhairle le cónaitheoirí níos sine. Ar an gcaoi chéanna, dhaingnigh Ionad Pobail Mheáraí a sheasamh mar shócmhainn ríthábhachtach pobail trí athsholáthar an dín a bhí de dhíth go géar ar €250,000 a chur i gcrích. Maoiníodh an dá thionscadal faoin Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile, agus chuir gach pobal 5–10% ar a laghad i maoiniú meaitseála áitiúil leis. D'éirigh le grúpaí pobail dul i ngleic le tacaíocht chasta ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.



Ó chlé go deas, Ronan Mannion, Foireann Seachadta Caipitil, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Marie Howley, Cathaoirleach, Comhairle Pobail Dhún Mór, Eímear Dolan, Comhordaitheoir Baile agus Sráidbhaile, Foireann Tuaithe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Peter Nicklin, Cisteoir, Comhairle Pobail Dhún Mór. Samhain 2025



Sa bhliain 2025, tháinig Bearta Forbartha Tionscadail – Lár an Bhaile ar dtús 2024 i gcrích, rud a d'eascair as comhairliúcháin phobail agus tuarascálacha teicniúla agus comhshaoil agus lenar tugadh ceadanna pleanála do 3 shaoráid agus áis phobail mar seo a leanas;

- Fuarthas Cead Pleanála do pháirc agus clós súgartha nua i nDún an Uchta ar thailte Pobail;
- Fuarthas Cead Pleanála le haghaidh athchóiriú Ionad Pobail na Fairche sa phobal seo atá ainmnithe mar Gheo-Pháirc UNESCO;
- Fuarthas Cead Pleanála chun Ionad Pobail nua a thógáil in Áth Eascrach, ar shuíomh Halla tréigthe, maoin a bhí ar Chlár na Láithreán Tréigthe de chuid na Comhairle Contae le blianta fada. Leagadh an foirgneamh, agus tá ré nua i ndán dúinn!

Leithdháileadh breise €1.67M bainte amach in 2025 le haghaidh Athnuachan Sráidbhaile

Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe an leithdháileadh SABS is mó sa tír i mí na Nollag 2025, arbh ionann é agus €1.67 milliún ar fud seacht dtionscadal. Beidh an Chomhairle ag obair le comhpháirtithe pobail agus deonacha, gnó, forbartha áitiúla agus stáit ar chur i bhfeidhm in 2026-2027.

Príomhthionscadail Mhaoinithe

- Cora Finne – Feabhsuithe ar Pháirc an Phobail
  Infheistíocht chun feabhsuithe ar áiseanna áineasa áitiúla a chur chun cinn.
- Baile Átha an Rí – Athchóiriú Halla Canton
  Maoiniú chun pleananna mionsonraithe a fhorbairt le haghaidh athchóiriú Halla Canton atá leathfholamh, gníomh i bhFoireann an Bhaile, Baile Átha an Rí – Plean.
- Leitir Móir – Uasghrádú ar an bPáirc Spraoi
  Maoiniú suas le €300,000 le haghaidh feabhsuithe ar áiseanna súgartha agus áineasa.
- An Fhairce – Athchóiriú Ionad an Phobail
  Fuarthas €300,000 chun an tsaoráid phobail ríthábhachtach seo sa limistéar Geo-Pháirc UNESCO a nuachóiriú
- Port Omna – Athfhorbairt ar Halla an Bhaile
  Bronnadh €500,000 le haghaidh athchóiriú Halla Baile Phort Omna, rud a chuirfidh le campas atá ag teacht chun cinn d'áiseanna pobail agus poiblí taobh leis an gCúirt a athchóiríodh le déanaí.

Maoiniú Feabhsúcháin Sráid-dreacha

Cill Íomair agus Áth Eascrach – Os cionn €400,000 faighte chun dhá Scéim Feabhsúcháin Sráid-Dreachaa chur i gcrích atá dírithe ar bheocht amhairc agus eacnamaíoch an dá shráidbhaile a fheabhsú.

CLÁR (Ceantair Laga Árd-Riachtanais)

Is clár infheistíochta caipitil spriocdhírithe é CLÁR do thionscadail chaipitil ar scála beag i gceantair thuaithe ainmnithe a bhfuil meath daonra fadtéarmach, míbhuntáiste socheacnamaíoch agus aonrú geografach orthu. Riarann Comhairle Chontae na Gaillimhe tacaíocht Bheart 1, Saoráidí agus Áiseanna Pobail, agus riarann an Roinn Forbartha Pobail, Tuaithe agus na Gaeltachta Beart 2, Tacaíocht d'Iompar le haghaidh Cúram Ailse agus Seirbhísí eile agus Beart 3, Ár nOileáin Bheo.

Seachadadh Infheistíocht CLÁR in 2025

I mí Dheireadh Fómhair 2024, cheadaigh an Roinn maoiniú iomlán de €724,755 faoi Bheart 1 CLÁR 2025 chun tacú le 15 tionscadal i gCo. na Gaillimhe. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar na tionscadail seo in 2025, seachas tionscadal amháin, a ndearnadh damáiste dó le Stoirm Eyown agus a chosnóidh níos mó ná mar a d'fhéadfadh leithdháileadh

CLÁR a chothú. I measc na dtionscadal a críochnaíodh in 2025 faoi chlár 2024 tá Áis Áineasa Chill Chonla, uasghráduithe ar Ionad Pobail na hEascrach agus ar Shiúlóid Abhainn Dhún Mór, Siúlóid Bhaile Liam, agus uasghráduithe ar Chlós Súgartha Mhaigh Locha. Is é Bealtaine 2026 an spriocdháta chun na tionscadail atá fágtha a chríochnú.

- D'éirigh le **Grúpa Áineasa Pobail Chill Chonla** a chuid áiseanna áineasa áitiúla a leathnú trí chúirt leadóige agus cúirt cispheile nua a sholáthar, rud a léiríonn infheistíocht iomlán de €57,885. (deontas 50k) Cuireann an fhorbairt seo feabhas breise ar an mbraisle áiseanna pobail atá ann cheana féin i gCill Chonla. Léiríonn comhshuíomh straitéiseach na saoráidí—lena n-áirítear anois cúirteanna leadóige, cúirteanna cispheile, páirceanna sacair agus CLG, clós súgartha, agus limistéar aclaíochta lasmuigh do dhaoine fásta—éifeachtúlacht na pleanála comhordaithe chun tionchar tionscadal atá faoi thacaíocht CLÁR a uasmhéadú.
- Chuir **Siúlóid Abhann Dhún Mór** feabhas ar thimpeallacht lár an bhaile, agus soláthraítear léi áis áineasa dea-shoilsithe a théann go maith le tailte an chlub rugbaí agus sacair in aice láimhe. Is ionann an tionscadal, a chuir Oifig Réigiúnach Thuama Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Bailte Slachtmhara Dhún Mór I gcrích i gcomhpháirt, agus infheistíocht de thart ar €50,000. Is sócmhainn phobail a bhfuil úsáid agus meas mór uirthi anois an Siúlóid Abhann.
- Rinneadh athbheochan ar **Ionad Pobail na hEascrach**, foirgneamh stairiúil a théann siar go dtí 1857, trí infheistíocht de €53,974.92. (deontas 48k) Chinntigh na hoibreacha go bhfuil an foirgneamh te, tirim agus slán anois, rud a thugann athbheochan dó mar áis phobail nua-aimseartha. Tá réimse leathan gníomhaíochtaí ar fáil anois san ionad uasghrádaithe, lena n-áirítearióga cathaoireach, ranganna pilates d'fhir agus i gcoitinne, cruinnithe grúpa scéime uisce, agus cur i láthair drámaíochta agus staire.
- Chuir an fhorbairt ar an **Siúlbhealach agus Gairdín Chéadfach i bPáirc an Phobail Bhaile Liam,** arna maoiniú ag CLÁR, feabhas suntasach ar na háiseanna áineasa atá ann cheana féin, atá an-áisiúil leis an bpáirc imeartha agus clós súgartha CLG atá in aice láimhe. Tá an cosán nua lán-inrochtana, ceaptha chun freastal ar úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus pramanna, agus úsáideann an pobal go forleathan é anois. B'ionann infheistíocht iomlán an tionscadail agus €60,928.54.



Ó Chlé go Deas: Grúpa Áineasa Chill Chonla James Greaney, Majella Moylan Clár Comhairle Chontae na Gaillimhe, Sean Dunleavy, agus Gabriel McHugh, Samhain 2025.

Fuarthas tuilleadh infheistíochta CLÁR in 2025

Mhéadaigh an Roinn an leibhéal uasta deontais atá ar fáil faoin gClár CLÁR, rud a d'ardaigh an uasteorainn chaighdeánach tionscadail ó €50,000 go €65,000 agus a cheadaigh do suas le dhá thionscadal maoiniú €100,000 a fháil. D'fhan an ráta maoinithe meaitseála riachtanach ag 10%.

Cuireadh 53 léiriú spéise isteach san iomlán in 2025, agus cuireadh 16 tionscadal ar ghearrliosta astu. Tar éis measúnaithe, cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta 10 dtionscadal faoi Scéim CLÁR 2025, Bearta 1, le leithdháileadh maoinithe iomlán de €634,922 le haghaidh clós súgartha nua, cosáin taitneamhachta agus go leor eile le cur i bhfeidhm idir 2026 agus 2027.

Comhtháthú

Chríochnaíomar ár gcéad bhliain iomlán de Ghníomhaíochtaí Comhtháthaithe sa Chontae in 2025. Thugamar tacaíocht do bhreis is 400 Iarratasóir ar Chosaint idirnáisiúnta thar 8 n-ionad cóiríochta; breis is 1,000 Tairbhí de Chosaint Shealadach i 33 ionad cóiríochta agus sa phobal, agus Daoine a bhfuil Stádas acu. Chuireamar clinicí faisnéise ar fáil a dhírigh ar riachtanais oideachais agus oiliúna, iarrataí ar fhaisnéis faoi thacaíocht dhlíthiúil agus conas rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair.

Bhuail an Fóram um Chomhtháthú Pobail le chéile gach mí chun breathnú ar dhúshláin agus deiseanna maidir le comhtháthú ar fud líonra soláthraithe seirbhíse.

Chuireamar imeachtaí comhtháthaithe rathúla ar siúl ar fud an Chontae, lena n-áirítear na himeachtaí seo a leanas:




Paráid Lá Fhéile Pádraig in An Cheathrú Rua:

D'oibrigh teaghlaigh ó ionad IPA ar an gCeathrú Rua leis an bhFoireann Chomhtháthaithe chun saothar ealaíne a chruthú don pharáid inar ghlac siad páirt.



Lá na hAfraice 2025 i dTuaim:

Bhí an-rath ar ár gcéad imeacht mór Contae a tionóladh i nGairdíní an Pháláis, agus ghlac go leor daoine páirt agus gcuid éadaí traidisiúnta á gcaitheamh acu.



Seachtain Dhomhanda na nDídeanaithe:

Reáchtálamar seachtain de léamh filíochta ar leathanach tiomnaithe Instagram, 'Filíocht na hÁite', chun Seachtain Dhomhanda na nDídeanaithe a cheiliúradh. Bhí réimse teangacha san áireamh, le dánta ó gach cearn den domhan. Bhí baint ag na léitheoirí go léir le Gaillimh. Seo roinnt próifílí daoine a léigh dán:

An Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil

Thionóil comhlacht reachtúil nua atá dírithe ar shábháilteacht phobail a fheabhsú i gContae na Gaillimhe a chéad chruinniú in Áras an Chontae inniu, rud a chomóir deireadh foirmiúil mhúnla an Chomhchoiste Póilíneachta (CCP).

Bunaíodh Comhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe (CSPÁ) faoin Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail 2024 mar chuid d'aistriú náisiúnta i dtreo pleanála níos leithne agus níos cuimsithí. I measc a bhaill tá suas le 30 duine ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ón nGarda Síochána, ó FSS, ó Tusla agus ó eagraíochtaí áitiúla a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí óige, cuimsithe sóisialta, oideachais, gnó agus pobail.

Thar na trí bliana atá romhainn, ullmhóidh an Chomhpháirtíocht plean sábháilteachta don chontae, comhordóidh sí tionscnaimh nua, beidh sí i dteagmháil le cónaitheoirí agus cuirfidh sí le hobair na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail. Cuirfidh an Oifig Náisiúnta oiliúint agus tacaíocht ar fáil agus déanfaidh sí maoirseacht ar an gCiste Sábháilteachta Pobail, a úsáideann fáltais ó choireacht chun tacú le tionscadail áitiúla.

Le linn an chéad chruinnithe, toghadh an Comhairleoir Andrew Reddington ina Chathaoirleach ar feadh téarma trí bliana, agus roghnaíodh Aodán McDonogh mar Leaschathaoirleach. Dúirt An Clr Reddington, "Tá a chuid saincheisteanna sábháilteachta agus pobail féin ag gach ceantar i gContae na Gaillimhe nach féidir le haon eagraíocht amháin a réiteach ina haonar. Braitheann an fíordhul chun cinn ar ghníomhaireachtaí éagsúla ag obair le chéile, ó phóilíneacht go rialtas áitiúil agus seirbhísí sláinte, chomh maith le grúpaí pobail. Tá sé mar aidhm againn na dearcthaí seo a aontú ionas gur féidir le muintir na háite cabhrú le treoir a thabhairt maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht i gContae na Gaillimhe." Chuir an Leaschathaoirleach Aodán McDonogh béim ar an tábhacht a bhaineann leis an gcomhpháirtíocht don chomhoibriú agus go gcuirtear guthanna áitiúla i gcroílár na cinnteoireachta léi.

Deimhníodh ballraíocht ón earnáil phobail agus dheonach trí phróiseas ainmniúcháin faoi stiúir Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Rinne an Oifig Náisiúnta athbhreithniú air seo agus cheadaigh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce, Jim O'Callaghan TD, é. Agus fáilte á cur aige roimh na baill chuig an gcéad chruinniú den CSPÁ, dúirt an Príomhfheidhmeannach Liam Conneally go dtagann an Chomhpháirtíocht in ionad mhúnla an Chomhchoiste Póilíneachta (CCP) agus go léiríonn sí cur chuige nua i leith sábháilteachta an phobail áitiúil.

"Tugann an CSPÁ na príomhghníomhaireachtaí go léir le chéile chun breathnú ar na saincheisteanna sábháilteachta a théann i bhfeidhm ar ár bpobail agus chun gníomhartha praiticiúla a chomhaontú chun aghaidh a thabhairt orthu," a dúirt sé. "Tugann sé guth níos láidre do mhuintir na háite maidir le tosaíochtaí a aithint agus cuidíonn sé lena chinntiú go n-oibríonn seirbhísí ar bhealach níos comhtháite. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tnúth le bheith ag obair le

gníomhaireachtaí eile chun Plean Sábháilteachta Pobail nua a fhorbairt agus a mhaoirsiú don chontae, a dhíreoidh ar chosc coireachta, comhoibriú agus feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do gach duine a chónaíonn anseo."

Tiocfaidh an Chomhpháirtíocht le chéile sé huaire sa bhliain ar a laghad. Beidh ceann de na cruinnithe oscailte don phobal, agus beidh ceann eile ann d'ionadaithe tofa ón Oireachtas agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Comhoibreoidh sé freisin le comhpháirtíochtaí comharsanacha agus le struchtúir áitiúla atá ann cheana féin, lena n-áirítear an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Chontae na Gaillimhe, agus grúpaí óige amhail Comhairle na nÓg agus an Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga. Ní phléifidh an CSPÁ imscrúduithe coiriúla aonair, cúrsaí slándála Stáit, ná oibríochtaí rúnda Garda.



Comhaltaí de Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe (CSPÁ) atá nuabhunaithe ag a gcruinniú tionscnaimh in Áras an Chontae.

Bhí an dara cruinniú de Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe (CSPÁ) ar siúl in Áras an Chontae, agus an obair ar siúl ar chur chuige nua i leith sábháilteachta pobail ar fud an chontae.

Tugadh eolas do na baill faoin dréacht-Straitéis Iompar Frithshóisialta 2025-2030 de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ina leagtar amach cur chuige níos réamhghníomhaí chun iompar frithshóisialta a chosc agus a bhainistiú i maoin agus in eastáit na Comhairle. Táthar ag súil go gcuirfear an straitéis i láthair ag cruinniú iomlánach de Chomhairle Chontae na Gaillimhe sna míonna amach romhainn.

Áiríodh sa chruinniú achoimre ar struchtúr agus róil fhoghrúpaí an CSPÁ, a chlúdaíonn rannpháirtíocht na hóige, oideachas agus cosc drugaí agus tacaíocht le haghaidh mí-úsáid substaintí.

Tá grúpa oibre bunaithe freisin chun Plean Sábháilteachta Pobail Áitiúil Chontae na Gaillimhe a ullmhú, straitéis trí bliana a thabharfaidh aghaidh ar imní sábháilteachta thar an bpóilíneacht, lena n-áirítear iompar frithshóisialta, saincheisteanna comhshaoil agus folláine an phobail. Mar chuid d'fhorbairt an phlean, táthar ag spreagadh an phobail chun ceistneoir na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail a chomhlánú, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag galway.ie. Cuirfidh na freagraí eolas ar fáil don Phlean Sábháilteachta Pobail náisiúnta agus do phlean Chontae na Gaillimhe féin.

Ghabh Cathaoirleach CSPÁ, an Comhairleoir Andrew Reddington, buíochas le comhaltaí agus le gníomhaireachtaí as a rannpháirtíocht leanúnach. Dúirt Comhordaitheoir CSPÁ, Marie Nicholson, gur céim shuntasach a bhí i gcruthú na bhfoghrúpaí.

Thar na trí bliana atá romhainn, ullmhóidh an Chomhpháirtíocht plean sábháilteachta don chontae, comhordóidh sí tionscnaimh nua, rachaidh sí i mbun oibre le cónaitheoirí agus cuirfidh sí le hobair na hOifige Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail. Cuirfidh an Oifig Náisiúnta oiliúint agus tacaíocht ar fáil agus déanfaidh sí maoirseacht ar an gCiste Sábháilteachta Pobail, a úsáideann fáltais ó choireacht chun tacú le tionscadail áitiúla.

Stiúrthóireacht: Bonneagar Fisiciúil, Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála, Gníomhú ar Son na hAeráide

Bonneagar Iompair agus Uisce a Neartú

Leanadh le dul chun cinn suntasach ar thosaíochtaí eile iompair agus bonneagair, lena n-áirítear Glasbhealach Chonamara (le tacaíocht €3.5 milliún i maoiniú náisiúnta taistil ghníomhaigh), scéimeanna móra bóithre, feabhsuithe ar uisce tuaithe arb ionann iad agus €6.8 milliún ar fud 70 tionscadal, agus comhairliúchán poiblí ar thograí nuashonraithe Churabhóthar Chathair na Gaillimhe.

Uisce Tuaithe

Leanann an Rannóg Uisce Tuaithe ag obair le scéimeanna uisce grúpa chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cáilíochta uisce agus chun uisce óil glan a chinntiú, a chomhlíonann caighdeán Rialacháin Uisce Óil an Aontais Eorpaigh. Tá Uisce Tuaithe ag déanamh oibreacha suntasacha i roinnt scéimeanna tríd an gClár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe agus in 2025, thug siad cúig scéim uisce grúpa ag GWS Knockdoe, GWS Anbhaile agus Chor an Droma, GWS Chathair Mhuiris an Ghleanna Riabhaigh, GWS Chinn Uisce, agus GWS Iorras Beag go dtí an caighdeán a theastaíonn chun go bhféadfadh Uisce Éireann na scéimeanna a ghlacadh i gcúram go rathúil.

Staidéar ar Iompar Phobal Chinn Mhara (CTS)

Seo an chéad CTS atá forbartha go náisiúnta agus tá sé ailínithe le Staidéar ar Iompar agus ar Phleanáil níos leithne Chontae na Gaillimhe (GCTPS) agus le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028. Is doiciméad neamhreachtúil é an Staidéar seo ar Iompar Pobail (SIP) a bhfuiltear ag súil leis na príomh-shaincheisteanna iompair i gCinn Mara a aithint agus moltaí a sholáthar i gcomhair bearta taistil ghníomhacha a d'fhéadfadh roinnt de na dúshláin iompair a réiteach ar mhaithe leis an bpobal. Soláthraítear leis an staidéar seo liosta táscach de mholtaí a fhéadtar a thabhairt ar aghaidh le meas, le pleanáil agus le seachadadh tuilleadh.



Bóthar Faoisimh Thuaidh Bhaile Átha an Rí



Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh thart ar 940m de charrbhealach 10.5m ar leithead, timpeallán, cosáin, bealach rothaíochta, draenáil uisce dromchla, locháin, soilsiú sráide, oileáin mhaolaithe trách ta, fálta, comharthaíocht, marcáil líne agus oibreacha cóiríochta gaolmhara i mBóthar Faoisimh Thuaidh Bhaile Átha an Rí – an Chuid Thiar. Beidh na hoibreacha ar siúl ar láithreán úrnua, agus iad ag ceangal leis an ngréasán bóithre atá ann cheana féin ag Baile an Gharráin Theas, ag an timpeallán atá ann cheana féin (ag Coláiste na Toirbhirte, Baile Átha an Rí) agus ag acomhal an L3103 agus Bhóthar Faoisimh Thuaidh Bhaile Átha an Rí – an Rannóg Láir ag Baile an Gharráin Theas. Bronnadh an conradh ar Tower Civil i R2 2025 agus cuireadh tús leis na hoibreacha ar an láthair i R3 2025. Tá sé beartaithe faoi láthair go mbeidh an tionscadal críochnaithe faoi R3 2026.

Stoirm Eowyn

Bhuail Stoirm Éowyn, ceann de na stoirmeacha is cumhachtaí i stair na hÉireann, an 24 Eanáir 2025, agus rinne sí scrios suntasach ar fud na hÉireann. Tháinig séideáin ghaoithe níos mó ná riamh de 184 km/u agus airde tonnta 10.4m léi, rud a d'fhág na céadta mílte duine gan chumhacht, uisce, teileachumarsáid agus seirbhísí iompair go céimeanna éagsúla ar feadh laethanta i ndiaidh a chéile. Ba ghéar na tionchair seo i nGaillimh. B'ionann costas iomlán stoirm Eowyn agus €2.1m do Chomhairle Chontae na Gaillimhe, agus bhí €1.7m den méid sin ag teastáil le haghaidh glanadh na mbóithre. Tionóladh ocht gcruinniú den Fhoireann Bainistíochta Géarchéime chun an eachtra a bhainistiú agus an glanadh suas a chomhordú. Tharla damáiste ar fud an chontae, agus cuireadh na criúnna CB go léir ar an bhfód mar chuid den ghlanadh suas.



Tionscadal Athfhorbartha Ché Inis Oírr



Bronnadh an conradh chun na hoibreacha a bhaineann le Tionscadal Athfhorbartha Cé Inis Oírr a dhéanamh i mí Lúnasa 2025, rud a léiríonn cloch mhíle shuntasach i saolré forbartha a rabhthas ag súil leis le fada. Tharla sé sin tar éis faomhadh an Cháis Ghnó Deiridh a fháil ón údarás formheasa agus maoinithe, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus na Gaeltachta – is é €35.75M an tsuim iomlán a faomhadh.

Áirítear leis na hoibreacha atá beartaithe tógáil tonnchoisc mar aon le síneadh 90m ar fhad. Cuirfidh sé seo cosaint i bhfad níos fearr ar fáil do shoithí sa chuan ná mar atá ar fáil faoi láthair agus mar thoradh air sin, beidh fad iomlán de 135m de bheartlann bhreise ann. Cuireadh tús leis an obair ar an tionscadal ag deireadh na bliana 2025 ag díriú ar an dearadh mionsonraithe agus ar thógáil agus tástáil an mhúnla fhisiciúil. Déanfar oibreacha ar an talamh i séasúir an tsamhraidh (Aibreán go Deireadh Fómhair) 2026 agus 2027, agus táthar ag súil go gcríochnófar iad roimh dheireadh 2027.

Bainistíocht Móréigeandálaí

Lean an Coiste Forbartha Móréigeandála a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Náisiúnta Nua um Bainistíocht Móréigeandála lena chuid oibre in 2025. Imlíníonn Plean Móréigeandála CCG na nósanna imeachta agus na struchtúir atá i bhfeidhm chun móréigeandálaí sa chontae a bhainistiú. Sonraíonn sé róil agus freagrachtaí an phríomhphearsanra, prótacail ghníomhachtaithe, meicníochtaí comhordaithe agus comhtháthú gníomhaireachtaí éagsúla le linn staideanna éigeandála.



Bhí roinnt cruinnithe ag an gCoiste Forbartha Móréigeandála in 2025 ag díriú ar ullmhacht agus cumais freagartha Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn. I measc na bpríomhfhorbairtí bhí obair leanúnach ar shocruithe cumhachta cúltaca ag an Lárionad Comhordaithe Áitiúil.

Bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe réamhghníomhach agus comhordaithe ar fhreagraí ar roinnt imeachtaí aimsire crua lena n-áirítear Stoirm Eowyn. Ag baint úsáid as an gcóras SWEMS, rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe taifead éifeachtach ar eachtraí amhail bóithre blocáilte, tuilte agus chuireamar in iúl don phobal agus do ghníomhaireachtaí freagartha eile amhail na Gardaí agus Seirbhís Otharchairr FSS. Bhí Comhairle Chontae na Gaillimhe I gceannas ar Chomhordú Áitiúil i ndiaidh Stoirm Eowyn, ag obair leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha eile, an BSL agus Uisce Éireann chun freagairt éifeachtach agus chomhordaithe a bhainistiú i ndiaidh na stoirme, i ndálaí thar a bheith dúshlánacha.

Leathnaíodh feidhmiúlacht chóras SWEMS tuilleadh agus rinneadh í a chomhtháthú le fothaí beo ó ghníomhaireachtaí eile lena n-áirítear Líonraí BSL agus Uisce Éireann. Leag miontuairisc ar Stoirm Eowyn béim níos láidre ar an tábhacht a bhaineann le seasmhacht Cumhachta agus Cumarsáide, chomh maith le gabháil sonraí le linn imeachtaí drochaimsire. Rinneadh cleachtadh náisiúnta stoirme, faoi stiúir Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ag an Ionad Náisiúnta Comhordúcháin Éigeandála i mí na Bealtaine 2025.


Bhí an oiliúint fós ina tosaíocht, agus rinneadh oiliúint ar Bhainistíocht Móréigeandála Réigiúnach le baill foirne agus le páirtithe leasmhara seachtracha. Rinneadh cleachtaí iomadúla i gcomhar leis na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha uile freisin, amhail Plean Éigeandála Seachtrach Circle K (athbhreithnithe agus cleachtaithe in 2025), chomh maith le hinsamhaltaí Freagartha Oileáin atá bunaithe in aerfoirt. Rinneadh dul chun cinn ar phleanáil éigeandála le haghaidh áiseanna ardriosca. Rinneadh dul chun cinn freisin i réimse na cumhachta cúltaca do bhonneagar ríthábhachtach na Seirbhísí Éigeandála laistigh den Chontae. Thosaigh coiste MEDC ag athbhreithniú

roghanna cumarsáide cúltaca do Tetra agus don Chóras Domhanda do Líonraí Cumarsáide Soghluaiste freisin, agus suiteáileadh cumarsáid chúltaca satailíte do na hoileáin amach ón gcósta. Tugadh aitheantas réigiúnach agus náisiúnta do cheannaireacht na Gaillimhe i gcórais éigeandála digiteacha agus i gcur chuige comhoibríoch, agus tá ailíniú méadaithe idir pleanáil agus oibríochtaí éigeandála na Cathrach agus an Chontae ag athrú i gcónaí. Ina theannta sin, glacadh leis an gCóras Bainistíochta Faisnéise Leictreonaí arna fhorbairt ag Comhairle Chontae na Gaillimhe go náisiúnta agus tá sé á leathadh amach chuig gach Údarás Áitiúil eile in Éirinn.

Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta

Sa bhliain 2025, thacaigh agus neartaigh Roinn Sláinte agus Sábháilteachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe le cultúr dearfach sábháilteachta, comhlíontachta agus folláine ar fud na réimsí seirbhíse go léir. I rith na bliana, chuir an roinn clár leathan tionscnamh chun cinn, lena n-áirítear cigireachtaí láithreáin, iniúchtaí sábháilteachta, rannpháirtíocht foirne agus oiliúint sláinte agus sábháilteachta spriocdhírithe a cuireadh in oiriúint do riachtanais oibríochtúla agus réimsí riosca.

Príomhfhócas i rith na bliana ab ea cur i bhfeidhm agus feabhsú leanúnach Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Comhairle, agus forbairt bhreise ar nósanna imeachta agus ar mheasúnuithe riosca gníomhaíochta. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú freisin ar an Ráiteas Sábháilteachta Corparáideach agus ar an mBeartas Sláinte agus Sábháilteachta chun léiriú a thabhairt ar an reachtaíocht reatha, athruithe eagraíochtúla agus cleachtais oibríochtúla.



Lean an Chomhairle lena hailíniú leanúnach le ISO45001, an caighdeán idirnáisiúnta do chórais Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde. Léirigh sé seo tiomantas Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le feabhsú leanúnach, comhlíonadh dlíthiúil, agus cur chun cinn córas oibre sábháilte ar fud na roinne agus na réimsí seirbhíse uile.

Lean rannpháirtíocht chomhoibríoch le ranna lena n-áirítear Bóithre, Tithíocht agus Comhshaol agus an tSeirbhís Dóiteáin ag tacú le réimsí oibríochta ardriosca, agus cuireadh béim ar leith ar rialú riosca, bainistíocht conraitheoirí, monatóireacht agus feabhsú leanúnach.

Bhí feasacht foirne ina fócas tábhachtach i rith na bliana, agus tacaíocht á fáil ó thionscnaimh agus cumarsáid a chlúdaigh réimsí amhail seiceálacha réamhoibre, pleanáil bainistíochta trách ta, sábháilteacht san ionad oibre agus cleachtais oibre shábháilte i ngar do sheirbhísí faoi thalamh.

Léirigh treochtaí tuairiscithe in 2025 méadú beag ar theagmhais intuairiscithe i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus tionchar ag imeacht suntasach ar leith air sin. Neartaíonn sé seo an bhéim leanúnach a chuireann an Chomhairle ar bhainistíocht riosca, cosc teagmhas agus cleachtais tuairiscithe a neartú ar fud na réimsí seirbhíse uile, agus ag an am céanna, neartaíonn sé an gá atá le tuairisciú réamhghníomhach ar ghuaiseacha agus neasteagmhais a spreagadh.

Stiúrthóireacht: Acmhainní Daonna, Leabharlanna Cathrach agus Contae agus an Comhshaol

Acmhainní Daonna

Bainistíocht/Earcaíocht Fórsa Saothair

Tá an Roinn Acmhainní Daonna freagrach as lucht oibre na Comhairle a bhainistiú trí shannadh foirne a éascú ar fud na heagraíochta. Is é an príomhchuspóir ná an seachadadh seirbhíse is éifeachtaí agus is éifeachtúla a chumasú leis

na hacmhainní foirne atá ar fáil. Reáchtálann an Roinn Acmhainní Daonna comórtais earcaíochta chun poist fholmha agus poist nua a líonadh agus chun a chinntiú go bhfuil na daoine cearta a bhfuil na scileanna cearta acu ag an eagraíocht chun freastal ar riachtanais seachadta seirbhíse. Oibríonn foireann acmhainní daonna go dlúth le bainisteoirí ar fud na Comhairle chun riachtanais acmhainní foirne agus riachtanais um oiliúint agus um fhorbairt foirne a aithint.

Cuireann an Roinn Acmhainní Daonna comhionannas agus éagsúlacht chun cinn san ionad oibre agus cinntíonn sí go mbíonn próisis earcaíochta na Comhairle cothrom, trédhearcach, agus go gcomhlíonann siad an reachtaíocht ábhartha. Tá an Rannóg Acmhainní Daonna freagrach as plean fórsa saothair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais soláthair seirbhíse na comhairle faoi láthair agus amach anseo. Tá ról ríthábhachtach ag an Rannóg Acmhainní Daonna maidir lena chinntiú go bhfuil na daoine cearta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe sna róil chearta chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar don phobal.

Bhí Líon na bhFostaithe i gComhairle Chontae na Gaillimhe ag deireadh Ráithe 4 2025 mar seo a leanas:

Catagóir	Líon na nDaoine
An Bhunfhoireann	868
Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht	121
Neamh-RTRÁO	67

Reáchtáil an Rannóg Acmhainní Daonna 51 comórtas earcaíochta suas go dtí deireadh Ráithe 4, 2025.
Bíonn foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag athrú go minic mar gheall ar mhargadh láidir na bhfostaithe agus éileamh ard ar oibrithe oilte. Le linn 2025, líon an roinn Acmhainní Daonna 237 post nua nó folamh *lena n-áirítear 55 Garda Tarrthála Trá. Fágadh 71 post agus chuaigh 24 ball foirne ar scor.

Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe ag éascú Socrúcháin Scéim Fostaíochta Pobail agus socrúcháin taithí oibre ó Institiúidí Tríú Leibhéal.


Pinsin

Claochlú Gnó trí Sheirbhís Fheabhsaithe do Chustaiméirí	An Clár Infheistíochta Bóithre ilbhliantúil a ullmhú agus a chur i bhfeidhm don ghréasán bóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta.	Clár cothabhála agus athdhromchlaithe a dhéanamh agus a chur i gcrích do bhealaí náisiúnta agus neamhnáisiúnta, agus bealaí áitiúla, ag ionchorprú gnáthchothabháil (bearradh ciumhaiseanna, draenáil agus soláthar/athnuachan comharthaíochta), cothabháil droichid, cothabháil geimhridh agus cothabháil soilsiú bealaigh laistigh de theorainneacha an mhaoinithe atá ar fáil agus mar a comhaontaíodh le Bonneagar Iompair Éireann/An Roinn Iompair. Scéimeanna Straitéiseacha Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla: ü Cuarbhóthar Bhaile Átha an Rí Codanna 3 agus 5 ü R332 Cill Bheanáin ü R374 Cabhsaí agus Droichid ü R339 Belville ü L52214 Cuan na Loinge	R3/4 2025	R1, R2, P1	9	An Clár Bliantúil Bóithre a thabhairt chun críche faoi mhí na Samhna 2025 de réir TII - Inmhuirearaithe Caiteachais ar Dheontais Bóithre Náisiúnta (CAP-QAW-0100-1) agus Ciorclán RW 02 RITAS, 2025 le TII agus Leithdháiltí Cistiúcháin na Roinne Iompair 2025. S3-5, tógáil le tosú 2025 Tairiscintí a chríochnú, iarratas a dhéanamh ar cheadú ón Roinn Iompair. R4 2025 R4 2025 R4 2025 R4 2025	**Críochnaithe**
Claochlú Gnó trí Sheirbhís Fheabhsaithe do Chustaiméirí	Léarscáil straitéiseach Torainn/Plean Gníomhaíochta Torainn a sheachadadh don Chontae agus na gníomhartha sa phlean a chur i bhfeidhm.	Gach gníomh a theastaíonn laistigh den Phlean Gníomhaíochta Torainn a sheachadadh.	2025	N/B	3	R4 2025	**Idir lámha**

Claochlú Gnó trí Sheirbhís Fheabhsaithe do Chustaiméirí	Athbhreithniú a dhéanamh agus a sheachadadh ar na luasteorainneacha trasna an ghréasáin bóithre	Gach dualgas reachtúil a bhaineann le Luasteorainneacha a chomhlíonadh. Athruithe atá sainordaithe go náisiúnta a eascraíonn ón Athbhreithniú ar Theorainneacha Náisiúnta 2023 a chur i bhfeidhm.	2025	N/B	3	R4 2025	**Críochnaithe**
Gaillimh Inbhuanaithe	Athbhreithniú agus feidhmiú ar athbhreithniú ar fud an chontae ar luasteorainneacha faoi Athbhreithniú Luasteorainneacha na Roinne Iompair	Athbhreithniú agus feidhmiú teorainneacha luais 30 ciliméadar/u i mbailte agus i sráidbhailte	R4 2025	N/B	3	R4 2025	**Idir lámha**
Gaillimh Inbhuanaithe	Oibriú leis an ÚNI chun Straitéis Iompair na Gaillimhe a nuashonrú agus Straitéis Iompair Mhórcheantar na Gaillimhe (GMATS) a fhoilsiú.	Dréacht chuig comhairliúchán poiblí	2025	R1, R2, R3, P1	11	R4 2025	**Idir lámha**
Gaillimh Inbhuanaithe	Tacú le seachadadh agus cur i bhfeidhm pleananna Iompair Áitiúil, Pleananna Iompar Pobalbhunaithe, pleananna iompair ceantarbhunaithe ag féachaint do thiomantas na Comhairle do phrionsabail dearaidh uilíoch agus trí bhearta a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar shainriachtanais na ngrúpaí aitheanta.	Measúnú ar Shamhail Iompair Chontae Pleananna Iompair Áitiúla do Thuaim, Baile Átha an Rí, Baile Locha Riach agus an Gort Thoir Bruachbhailte Chathair na Gaillimhe Plean Iompair Áitiúil lena n-áirítear Staidéir Iompair Pobail Órán Mór do 6 bhaile - Áth Cinn Mhara, Cinn Mhara, Port Omna, Uachtar Ard, Maigh Cuilinn agus an Clochán Comhoibriú le foirne Oifig Thionscadail Rothar Náisiúnta an ÚNI chun Líonra Rothar Náisiúnta a fhorbairt - straitéis Cycle Connects atá á forbairt faoi láthair ag an ÚNI	Idir lámha	R1, R2, R3, P1	11	R4 2025	**Idir lámha**
Gaillimh Inbhuanaithe	Leanúint ar aghaidh le hullmhú agus le seachadadh pleananna soghluaisteachta a ionchorpraíonn cláir amhail bearta Taisteal Gníomhach, Bealaí Sábháilte chun na Scoile agus scéimeanna sábháilteachta ar chostas íseal etc.	Tionscadail Taisteal Gníomhach atá maoinithe ag an NTA a chur chun cinn agus a bhainistiú ar fud an chontae. Tosaíocht a thabhairt do sheachadadh an Chláir Taisteal	Idir lámha	R1, R2, R3, P1	11	Dearadh, Pleanáil agus Tógáil a chríochnú faoi Ráithe 4 2025 go Ráithe 1 2026 Dearadh, Pleanáil agus Tógáil	**Idir lámha**

	ag féachaint do thiomantas na Comhairle do phrionsabail um dhearadh uilíoch	Gníomhach/Bealaí Sábháilte chun na Scoile (SRTS)				a chríochnú faoi Ráithe 4 2025 go Ráithe 1 2026	
Gaillimh Inbhuanaithe	Feabhas a chur ar Shábháilteacht ar Bhóithre i gContae na Gaillimhe	An Plean Comhpháirteach um Shábháilteacht ar Bhóithre a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, TII, Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána Leanúint leis an Tionscnaimh um Shábháilteacht ar Bhóithre a fhorbairt, lena n-áirítear Scéimeanna um Shábháilteacht ar Bhóithre Measúnú a dhéanamh ar shuíomh timpistí marfacha agus timpistí tromchúiseacha i gcomhpháirt le AGS	R1 2025 Ar siúl	R1, R2, R3, P1	3, 11	R1 2025	**Idir lámha**
Gaillimh Inbhuanaithe	Sábháilteacht ar Bhóithre a Chur Chun Cinn	Cruinnithe Líonra Réigiúnach um Shábháilteacht ar Bhóithre Seachtain Bhliantúil um Shábháilteacht ar Bhóithre – Feachtas Feasachta	Ar leanúint an 6 go dtí an 13 Deireadh Fómhair 2025	N/B	3, 11	3 chruinniú in aghaidh na bliana Deireadh Fómhair 2025	**Críochnaithe**
Claochlú Gnó trí Sheirbhís Fheabhsaithe do Chustaiméirí	Feabhas a chur ar chumas Oifig Cheantair Bhardasacha na Comhairle chun an oiread seirbhísí agus is féidir a sholáthar is gaire dár saoránaigh le plean gnó saincheaptha a bheith ag gach ceantar ailínithe leis an bPlean Corparáideach agus aird iomlán á tabhairt ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.	Na Struchtúir CB a neartú ag teacht le cuspóirí an Phlean Fórsa Saothair	Idir lámha	N/B	11	R4	**Idir lámha**
Feidhmíocht, Trédhearcacht, Comhionannas, Cearta Daonna agus Freagracht	Inrochtaineacht agus compord stadanna bus i gceantair Ghaeltachta a fheabhsú	Measúnú riachtanas a dhéanamh ar fud na nGaeltachtaí agus tús áite a thabhairt dó prionsabail dearaidh uilíoch a ionchorprú chun a chinntiú go bhfuil	R1 2025 Leanúnach agus Idir Lámha	N/B	9	R1 2025	**Críochnaithe**

		stadanna bus inrochtana do chách Foscadh a eagrú chun úsáideoirí a chosaint ar na dálaí aimsire atá i réim Deiseanna maoinithe a chinntiú agus Comhaontú Seirbhíse a dhéanamh le hÚdarás na Gaeltachta le haghaidh tacaíochta maoinithe.					
Feidhmíocht, Trédhearcacht, Comhionannas, Cearta Daonna agus Freagracht	Rannpháirtíocht an phobail i bpleanáil iompair a fheabhsú	Comhairliúchán poiblí a dhéanamh lena n-áirítear comhairliúchán neamhreachtúil ar thionscadail iompair agus a chinntiú go bhfuil siad inrochtana go hiomlán e.g rannpháirtíocht ar líne.	2025	N/B	9	6 in aghaidh na bliana	**Críochnaithe**
Feidhmíocht, Trédhearcacht, Comhionannas, Cearta Daonna agus Freagracht	Comhionannas agus Cearta Daonna a Leabú i mBonneagar agus Seirbhísí Iompair	Iniúchtaí inrochtaineachta a dhéanamh ar bhonneagar iompair atá ann cheana féin (lena n-áirítear stadanna bus, trasrianta coisithe, cosáin, bealaí rothaíochta etc.) Prionsabail an dearaidh uilíoch a chur i bhfeidhm i ngach tionscadal iompair nua agus comhlíonadh an Achta um Míchumas 2005 agus an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Míchumais a chinntiú A chinntiú go bhfuil bealaí sábháilte atá inrochtana do choisithe agus do chathaoireacha rothaí i mbailte agus i sráidbhailte, agus tosaíocht á tabhairt do cheantair a bhfuil líon ard daoine iontu Feabhsú a dhéanamh ar inrochtaineacht iompair thuaithe i gcomhpháirtíocht leis an	2025	N/B	9	Clár CBS	**Idir lámha**

		Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Nasc Áitiúil a chinntiú go bhfreastalaíonn na bealaí ar phobail faoi mhíbhuntáiste agus iargúlta					
Seirbhísí Dóiteáin/Cosaint Shibhialta							
Sprioc Straitéiseach	**Ag Tacú le Gníomh**	**Gníomh Plean Seirbhíse**	**Amlíne**	**Táscaire Feidhmíochta CNMI**	**Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SDGanna)**	**Sprioc PTF Áitiúil**	**Stádas Gníomhaíocht a ag Deireadh na Bliana**
Feidhmíocht, Trédhearcacht, Comhionannas, Cearta Daonna agus Freagracht	Feabhas a chur ar bhonneagar Stáisiúin Dóiteáin ar fud an chontae chun amanna freagartha éigeandála a fheabhsú, na háiseanna a nuachóiriú agus a chinntiú gur féidir leis an tseirbhís dóiteáin freastal go héifeachtach ar riachtanais na bpobal áitiúil	Oibriú leis an RTRÁO chun maoiniú a fháil chun Stáisiún Dóiteáin agus Ceanncheathrú Chathair na Gaillimhe nua a thógáil. Dul chun cinn a dhéanamh ar thógáil Stáisiún Dóiteáin Nua i mBaile Locha Riach Pleananna a chur chun cinn le haghaidh uasghrádú Stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe i dtéarmaí líníochtaí dearaidh agus a bheith san áireamh sa phlean caipitil náisiúnta le haghaidh maoinithe	Idir lámha	P1, F1, F2, F3	3	Stáisiún na Cathrach, suíomh a aithint R2, 2025 Baile Locha Riach, tógail mhionsonraithe deartha agus tairisceana R3, 2025	**Idir lámha**
Feidhmíocht, Trédhearcacht, Comhionannas, Cearta Daonna agus Freagracht	Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála a neartú chun sábháilteacht phoiblí a fheabhsú A chinntiú go leanann seirbhísí dóiteáin agus bainistíocht móréigeandála ar aghaidh ag seachadadh seirbhísí ar ardchaighdeán le bearta chun aghaidh a thabhairt ar shainriachtanais na ngrúpaí aitheanta agus a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm pleanáil fórsa saothair agus moltaí an WRC maidir le comhraiceoirí dóiteán ar	Amanna freagartha a chothabháil agus a fheabhsú ar fud na stáisiún dóiteáin uile i gContae na Gaillimhe. Leanúint ar aghaidh ag infheistiú i dtrealamh agus i bhfeithiclí nua-aimseartha comhrac dóiteáin. Leanúint ar aghaidh le Cigireachtaí Dóiteáin agus le feachtais sábháilteachta dóiteáin. Sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn i scoileanna Measúnú a dhéanamh ar	Idir lámha	P1, F1, F2, F3	3	15 go 20 nóiméad ón nglao amach i gcás 80% de na teagmhais R4, 2025 seachadadh tairiscintí dóiteáin nua ó Albain Leanúnach agus ar siúl R2, 2025	**Idir lámha**

	áirithíocht agus feidhmiú na seirbhíse.	shábháilteacht dóiteáin i gceantair phobail leochaileacha Feabhas a chur ar earcaíocht agus ar choinneáil i seirbhísí dóiteáin. Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí na tuarascála "Athbhreithniú ar Earcaíocht agus Coinneáil agus ar Inbhuanaitheacht Seachadadh Seirbhíse sa Todhchaí" d'fhonn earcaíocht agus coinneáil níos fearr a chinntiú do phearsanra na seirbhíse dóiteáin ar áirithíocht					

Athrú Aeráide

Sprioc Straitéiseach	Ag Tacú le Gníomh	Gníomh Plean Seirbhíse	Amlíne	Táscaire Feidhmíochta CNMI	Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SDGanna)	Sprioc PTF Áitiúil	Stádas Gníomhaíochta ag Deireadh na Bliana
Gaillimh Inbhuanaithe	ean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm ar bhonn eagraíochta uile trí na struchtúir rialachais chomhaontaithe agus tuairisciú ar dhul chun cinn don Fhoireann Bhainistíochta, le bearta chun aghaidh a thabhairt ar shainriachtanais na ngrúpaí sainaitheanta de Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.	Feabhas a chur ar Athléimneacht agus Oiriúnú Aeráide trí réitigh Bainistíochta Riosca Tuilte a sheachadadh i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí. Bearta oiriúnaithe aeráide ailínithe le spriocanna straitéiseacha Phlean Gníomhaíochta Aeráide Chomhairle Chontae na Gaillimhe.	Idir lámha	E7	13	Ísealchríocha an Ghort – dul isteach sa phleanáil R3, 2025 An Clochán – Comhairliúchán R2, 2025 Béal Átha na Sluaighe - dul isteach sa phleanáil R3, 2025	**Idir lámha**
Gaillimh Inbhuanaithe	ean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm ar bhonn eagraíochta uile trí na struchtúir rialachais chomhaontaithe agus tuairisciú ar dhul chun cinn don Fhoireann Bhainistíochta, le bearta	Maoiniú a fháil agus iarfheistiú an líonra Soilsithe Poiblí le crainn solais LED a chríochnú.	Idir lámha	N/B	13	100% LED faoi dheireadh 2026	**Críochnaithe**

	chun aghaidh a thabhairt ar shainriachtanais na ngrúpaí sainaitheanta de Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.						
Gaillimh Inbhuanaithe	Tacú leis an gCrios Dícharbónaithe i gContae na Gaillimhe agus é a chur ar aghaidh	Oibriú i gcomhpháirtíocht le Grúpa Geallsealbhóirí an Chrios Dícharbónaithe (DZ) chun pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Deiseanna maoinithe tiomnaithe DZ a rolladh amach	Go ráithiúil	N/B	13	4 chruinniú	**Críochnaithe**
Gaillimh Inbhuanaithe	Ciste an Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme, ag féachaint do shainriachtanais na ngrúpaí sainaitheanta	Ciste 2024 a riaradh Ciste 2025 a thionscnamh	2025	E7	13	R4 2025	**Críochnaithe**
Gaillimh Inbhuanaithe	Clár um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Laghdú Carbóin Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm chun spriocanna náisiúnta 2030 a bhaint amach	Tacú le Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe an SEAI	2025	N/B	13	Tacú le 4 phobal chun Máistirphleanan na Fuinnimh a fhorbairt	**Críochnaithe**
Gaillimh Inbhuanaithe	Clár um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Laghdú Carbóin Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm chun spriocanna náisiúnta 2030 a bhaint amach	Tionscadail fuinnimh a chur chun cinn chun laghduithe astuithe agus spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach ar fud fhoirgnimh na Comhairle. Dearadh le haghaidh uasghrádú fuinnimh a sheachadadh	2025	N/B	13	3 fhoirgneamh Leabharlann an Taoibh Thiar Oifig Cheantar Bhéal Átha na Sluaighe Oifig Cheantar Thuama	**Idir lámha**
Gaillimh Inbhuanaithe	Clár um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Laghdú Carbóin Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i bhfeidhm chun spriocanna náisiúnta 2030 a bhaint amach	Iarratas a dhéanamh ar ISO 50001 do Bhainistíocht Fuinnimh maidir le Cabhlach, Soilsiú Poiblí, 6 Fhoirgneamh de chuid na Comhairle	R3 2025	N/B	13	R4 2025	**Idir lámha**

Coistí um Beartais Straitéiseacha & Tuarascálacha na gCeantar Bardasach

Cuireann struchtúr an CBS creat agus deis ar fáil d'ionadaithe tofa chun a ról mar lucht déanta beartas foriomlán a chomhlíonadh agus, ina theannta sin, cuireann sé deiseanna ar fáil do chomhpháirtíochtaí a bhfuil leasanna áitiúla acu agus d'ionadaithe pobail. Cuireann CBSanna fóram ar fáil chun ár gcumas a fheabhsú i dtaca le ról a imirt maidir le ceapadh, athbhreithniú agus luacháil beartas, le cabhair ionsuite ó leasanna earnála ábhartha agus le tacaíocht ón Stiúrthóir Seirbhísí.
Le linn na tréimhse 2025- 2029, bhunaigh an Chomhairle sé Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBSanna) comhdhéanta de Chomhairleoirí agus d'Ionadaithe Earnálacha. Tá comhdhéanamh na gcoistí seo leagtha amach sa tábla thíos:

Tuarascáil na gCoistí um Beartais Straitéiseacha

Cuireann struchtúr an CBS creat agus deis ar fáil d'ionadaithe tofa chun a ról mar lucht déanta beartas foriomlán a chomhlíonadh agus, ina theannta sin, cuireann sé deiseanna ar fáil do chomhpháirtíochtaí a bhfuil leasanna áitiúla acu agus d'ionadaithe pobail. Cuireann CBSanna fóram ar fáil chun ár gcumas a fheabhsú i dtaca le ról a imirt maidir le ceapadh, athbhreithniú agus luacháil beartas, le cabhair ionsuite ó leasanna earnála ábhartha agus le tacaíocht ón Stiúrthóir Seirbhísí.

An Scéim um Beartas Straitéiseach don tréimhse 2025-2029

Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe Scéim nua de chuid an Choiste um Beartas Straitéiseach (CBS) don tréimhse 2025–2029. Le linn 2025, lean na CBSanna nua lena gcuid oibre faoin scéim seo, ag bualadh le chéile go rialta chun forbairt beartais a chur chun cinn ina réimsí faoi seach.

Tithíocht

Ballraíocht

Teideal agus Ainm	Earnáil
An Clr Michael Maher, Cathaoirleach	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Peter Keaveney	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Eileen Mannion	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Shaun Cunniffe	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Jimmy McClearn	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Gerry Finnerty	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Declan Kelly	Comhairle Chontae na Gaillimhe
Rachael Stewart	Gnó/Tráchtáil
AJ Dean	Forbairt/Foirgníocht
Helen Jennings	Cuimsiú Sóisialta
Seamus Duffy	Pobal/Deonach

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

Bhí cur i láthair ag cruinnithe Tithíochta an CPS a tionóladh i mí Feabhra, mí an Mheithimh, agus i mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2025 a dhírigh ar réimsí straitéiseacha tábhachtacha lena n-áirítear Safe Home Ireland, easpa dídine, tacaíochtaí atá cairdiúil do dhaoine scothaosta, iompar frithshóisialta, cothabháil tithíochta, seachadadh talún criosaithe, cur i bhfeidhm Chuid V, an Plean Gníomhaíochta um Thithe Folmha, nuashonrú ar Thithíocht Inacmhainne agus Maitrís Seiceála na nGardaí ón gComhairle le haghaidh leithdháiltí agus bainistíocht eastáit. I mí Feabhra, fuair an coiste eolas mionsonraithe ó Safe Home Ireland maidir le tacaíochtaí d'eisimircigh Éireannacha atá ag filleadh, agus ina dhiaidh sin rinneadh cur i láthair mionsonraithe ar Dhréachtphlean Gníomhaíochta do Dhaoine Gan Dídean Réigiún an Iarthair 2025-2027, ina raibh cuntas ar bhrúnna cóiríochta éigeandála, conairí Tithíocht ar dTús, agus staitisticí gan dídean

náisiúnta agus réigiúnacha. Tugadh nuashonruithe breise maidir leis an Straitéis Iompar Frithshóisialta, scéimeanna tithíochta inacmhainne, agus dul chun cinn maidir le gníomhachtú CPO agus seachadadh tithíochta. I mí an Mheithimh, fuair an CPS anailís chuimsitheach ar Thithe Sábháilte Éireann agus ar thionchair leithdháilte tithíochta, forbhreathnú iomlán ar an gClár um Thithe Sláintiúla Aoisbháúla, nuashonrú ar an bPlean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean, agus tuarascáil mhionsonraithe ar Chothabháil Tithíochta Pleanáilte, a chlúdaigh tithe folmha, aonaid thréigthe, iarfheistithe fuinnimh, agus comhoibriú idir foirne Tithíochta agus TEM.

Faoi Mheán Fómhair 2025, bhí an fócas aistrithe chuig creatlacha oibríochtúla agus seachadta, ag tosú le cur i láthair iomlán ar an Straitéis Iompar Frithshóisialta 2025–2030 nuashonraithe, ina raibh sonraí faoi chreataí dlíthiúla, próisis láimhseála gearán, struchtúir foirne, agus sásraí forfheidhmithe. Ina dhiaidh sin, tugadh eolas teicniúil ar sheachadadh Chuid V, lena n-áirítear dúshláin, socruithe idirthréimhseacha, agus cásstaidéir, chomh maith le nuashonrú fairsing ar Thuarascáil Talún Criosaithe Cónaithe na Gaillimhe, ina ndearnadh anailís ar easnaimh bhonneagair, ar infhaighteacht talún criosaithe, agus ar idirghabhálacha costasaithe a bhí riachtanach chun rochtain a fháil ar acmhainneacht forbartha. Fuair an CBS nuashonruithe mionsonraithe freisin ar Chlár na nDeontas Tithíochta, lena n-áirítear tairseacha agus méideanna próiseála nua, agus taispeántas ar an bPainéal Soláthair agus Éilimh Tithíochta, lena rianaítear riachtanas tithíochta sóisialta i bhfíor-am de réir ceantair, cineál maoine, aoisghrúpa agus catagóir éilimh. I mí na Nollag rinneadh cur i láthair substaintiúil ar an bPlean Gníomhaíochta um Thithe Folmha, agus fuair an CPS nuashonrú mionsonraithe ar Thithíocht Inacmhainne maidir le scéimeanna i mBaile Chláir, i gCinn Mhara, i mBaile Átha an Rí, agus i mBaile Locha Riach, agus tacaíodh leis sin le torthaí ón Suirbhé um Léirithe Suime i dTithíocht Inacmhainne ar fud an chontae. Rinne an CBS athbhreithniú breise ar Mhaitrís Seiceála na nGardaí atá ag an gComhairle maidir le leithdháiltí agus bainistíocht eastáit.

Forbairt Gheilleagrach & Fiontar & Pleanáil

Ballraíocht

Teideal agus Ainm	Earnáil
An Comhairleoir Donagh Killilea	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Gerry King	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Thomas Welby	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Mary Hoade	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Declan Geraghty	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr David Collins	Comhairle Chontae na Gaillimhe
Lyn Donnelly	Pobal/Deonach
Deborah Reynolds	Ceardchumann
Paul Carey	Forbairt/Foirgníocht
Helena McElmeel	Gnó/Tráchtáil

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

Bhuail an CBS um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Fiontar agus Pleanáil le chéile trí huaire agus bhí cruinniú comhpháirteach amháin acu le CBS Pleanála Chathair na Gaillimhe, agus rinne sé obair shuntasach ar roinnt réimsí agus d'éist sé le cur i láthair agus nuashonruithe ar réimsí éagsúla oibre. Áiríodh an méid seo a leanas ann:

- Cáin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe
- Tionscadail CAFU
- Pleananna Lár an Bhaile
- Dréachtstraitéis chomhpháirteach miondíola
- Athrú uimh. 1 ar Phlean Forbartha an Chontae
- Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt
- Cláir OFÁ
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2024

Forbairt Fhisiciúil, Iompar agus Seirbhísí Éigeandála

Ballraíocht

Teideal agus Ainm	Earnáil
An Cathaoirleach Pádraig Mac An Iomaire	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Peter Feeney	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Martin Mc Namara	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Seán Broderick	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Michael Connolly	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Siobhan Mc Hugh Ryan	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Tomás Ó Curraoin	Comhairle Chontae na Gaillimhe
Aodán MacDonncha	Pobal/Deonach
Mark Green	Comhshaol/Caomhnú
Colm Ryan	Forbairt/Foirgníocht
Anne Mitchell	Talmhaíocht/Feirmeoireacht

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

Ag an gCoiste um Beartas Straitéiseach um Fhorbairt Fhisiciúil, Iompar agus Seirbhísí Éigeandála, fuair na baill nuashonruithe ar roinnt réimsí tábhachtacha beartais agus oibríochtúla. Tugadh forbhreathnú ar an Athbhreithniú Náisiúnta ar an Teorainn Luas, ina leagtar amach na himpleachtaí a bhfuiltear ag súil leo do bhóithre áitiúla agus na hamlínte cur chun feidhme amach anseo. Phléigh na baill an Dréachtphlean um Shábháilteacht ar Bhóithre freisin, agus thug siad faoi deara gníomhartha tosaíochta chun sábháilteacht a fheabhsú ar fud an chontae. Tugadh nuashonrú ar chreat páirceála íoctha Chomhairle Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear oibríochtaí reatha agus próisis athbhreithnithe atá le teacht. Thug an fhoireann Taistil Ghníomhaigh eolas do bhaill faoin tionscnamh Stadanna Bus, lenar thug siad aird ar na suíomhanna atá beartaithe agus ar fheabhsuithe inrochtaineachta. Tugadh faoi deara athbhreithniú ar an mBeartas um Ghearradh Fál, agus d'ardaigh comhaltaí pointí maidir le sceidil agus freagrachtaí cothabhála.

Ina theannta sin, tugadh nuashonruithe maoinithe maidir leis an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (LIS) agus an Scéim Rannpháirtíochta Pobail (CIS) araon, lenar leagadh amach leithdháiltí, iarratais a fuarthas, agus dul chun cinn seachadta. Chomh maith leis sin, chuir GLUAS, an togra iarnróid éadrom do MASP na Gaillimhe, nuashonrú i láthair ar obair le déanaí agus ar bhreithnithe féidearthachta atá ar siúl.

Pobal, an Ghaeilge, an Ghaeltacht, Turasóireacht agus Comhtháthú

Ballraíocht

Ainm	Cathaoirleach	Pobal, an Ghaeilge, an Ghaeltacht, Turasóireacht agus Comhtháthú
An Clr Seamus Walsh	2	3
An Clr Noel Thomas		4
An Clr Alan Harney		5
An Clr Evelyn Parsons		4
An Clr Shane Curley		1
An Clr Michael Leainde	2	3
An Clr Máirtín Lee		5
An Clr Michael Regan (ionadaí Shane Curley ó Mhárta 2025)	1	3
Pobal/Deonach		
Paul Dillon		**3**

Cuimsiú Sóisialta		
Chika Onyia		**5**
An Earnáil Forbartha & Foirgníochta		
An tUasal Paul Carey		**5**
Gnó/Tráchtáil		
Colleen Baxter		**4**

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

Bhí cúig chruinniú de chuid CBS na Gaeilge, na Gaeltachta, na Turasóireachta agus na Lánpháirtíochta ar siúl in 2025. Cruinniú speisialta a bhí sa chruinniú a tionóladh i mí Iúil chun plé a dhéanamh ar an Straitéis nua Aoisbháúil 2026-2031.

Cuirfidh cuid mhór den obair a dhéanfar in 2025 le forbairt leanúnach phobail agus chomhtháthaithe na Gaillimhe agus beidh sí ina gníomhartha tosaíochta sna blianta amach romhainn. I measc na bpríomh-mhíreanna agus na saincheisteanna inar glacadh ionchuir agus cur i láthair in 2025 bhí an Fhreagairt Dhaonnúil ar Stoirm Eowyn, Logainmneacha na hÉireann, Scéimeanna Tuaithe, Straitéis Aoisbháúil, an Prótacal Brataí agus Soilsithe Speisialta, tosaíochtaí Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe 2023-2031 do 2026, Forbairt Phlean Spóirt Áitiúil do Chontae na Gaillimhe, Cruinniú Idirnáisiúnta Chathracha Scannán UNESCO Gaillimh 2026, Dréacht-Phlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí 2025 – 2029 agus gníomhaíochtaí agus tionscnaimh de chuid na Seirbhíse Leabharlainne.

Cosaint Chomhshaoil agus Talmhaíocht

Ballraíocht

Teideal agus Ainm	Earnáil
Cathaoirleach Karey McHugh Faraj	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr James Charity	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Andrew Reddington	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Geraldine Donohue	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Cillian Keane	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Dermot Connolly	Comhairle Chontae na Gaillimhe
Noel Finnegan	PPN - Pobal/Deonach
Kevin O'Crowley	PPN - An Comhshaol
Karina Finn	Earnála - Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Elaine Murphy	Earnála - Gnó/Tráchtáil

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

Tionóladh trí chruinniú den Chruinniú um Chaomhnú Comhshaoil agus Talmhaíocht in 2025. Tugadh cur i láthair mionsonraithe do na Comhaltaí ar LAWPRO (Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil) a thug an Comhordaitheoir Réigiúnach, an Dr. Bernadette White. Leagadh amach ann ról LAWPRO agus tugadh mionsonraí faoina gcuid oibre faoin bPlean Gníomhaíochta Uisce agus faoin Treoir Réime Uisce. Cuireadh na Comhaltaí ar an eolas freisin faoi scéimeanna maoinithe do thionscadail rannpháirtíochta pobail agus do thionscnaimh chomhpháirtíochta trí LAWPRO. Ag leanúint ón mír seo, phléigh an CBS mír a thug Ionadaí an PPN chun cinn maidir le cothaithigh iomarcacha in uiscebhealaí. Thug Cigire Talmhaíochta na Comhairle forbhreathnú freisin ar chigireachtaí feirme faoin NAIP (Plean Náisiúnta Cigireachta Talmhaíochta) agus ar an rannpháirtíocht leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus an IFI (Iascaigh Intíre Éireann).

Fuair an CBS athbhreithniú freisin ar ghníomhartha agus gníomhaíochtaí faoin bPlean Bainistíochta Bruscair 2023-2025 mar ullmhúchán d'fhorbairt plean nua ó 2026 agus phléigh sé bearta spriocdhírithe chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna dumpála mídhleathaí faoin Tionscnamh Frithdhumpála, agus athbhunú TCI ag bainc buidéal agus ag láithreáin a bhfuil an-chuid bruscair iontu faoi cheanglais nua. Rinneadh cur i láthair do na Comhaltaí freisin ar na 18 líonadh talún stairiúla sa Chontae agus an próiseas chun Deimhniú Údaraithe a fháil i ndiaidh oibreacha iarchúraim trí

chlár feabhsúcháin sonrach. Tugadh eolas do na Comhaltaí freisin faoi thionscnaimh nua i réimse na bainistíochta dramhaíola, lena n-áirítear forbairt an cheathrú láithreán conláiste cathartha don Chontae sa Ghort.

Gníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht & Oidhreacht

Ballraíocht

Teideal agus Ainm	Earnáil
Cathaoirleach An Clr Ivan Canning	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Paul Killilea	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Laurie Harney	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Tomas Grealish	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Martina Kinane	Comhairle Chontae na Gaillimhe
An Clr Ollie Turner	Comhairle Chontae na Gaillimhe
Stephen Canavan	Talmhaíocht / Feirmeoireacht
Justine Delaney	Gnó / Tráchtáil
Hazel Morrison	Pobal / Deonach
Peter Butler	Comhshaol / Caomhnú

Achoimre ar na míreanna a pléadh agus a cuireadh chun cinn

I rith 2025, rinne an CBS um Ghníomhú ar son na hAeráide, Bithéagsúlacht agus Oidhreacht athbhreithniú ar chur I bhfeidhm an Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta agus an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. I measc na nuashonruithe ar an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide, bhí cláir éifeachtúlachta fuinnimh agus athchóirithe, oiriúnú, forbairt an Chrios Dícharbónaithe chomh maith le saincheisteanna cáilíochta uisce agus bainistíochta dobharcheantair. Fuair an SPC nuashonruithe mionsonraithe ó na hOifigí Bithéagsúlachta agus Oidhreachta, lena n-áirítear dul chun cinn ar thionscnaimh a bhaineann le gnáthóga, speicis ionracha, caomhnú oidhreachta, seandálaíocht pobail, agus rannpháirtíocht an phobail. Cuireadh béim shuntasach ar rannpháirtíocht phobail agus ar thosaíochtaí maoinithe.

Tuarascáil Ceantar Bardasach

Ceantar Bardasach Bhaile Átha an Rí

Ceantar Bardasach	Stiúrthóir	Riarthóir Cruinnithe
Baile Átha an Rí	Liam Hanrahan	Margaret Jordan



Is éard atá i gCeantar Bardasach Bhaile Átha an Rí ná Toghcheantar Áitiúil Bhaile Átha an Rí agus Órán Mór. Toghtar Comhaltaí an Cheantair Bhardasaigh ar an gComhairle sna Toghcháin Áitiúla ar feadh téarma cúig bliana. Tháinig Comhaltaí Cheantar Bardasach Bhaile Átha an Rí le chéile deich n-uaire in 2025 chun plé a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí don Cheantar Bardasach, ábhair bheartais, saincheisteanna pobail agus ábhair imní agus ábhair a bhaineann lena ról ionadaíochta. Tionóladh na Cruinnithe in Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh agus ag Campas Nuálaithe Bia i mBaile Átha an Rí.

Síneann an ceantar ó Theorainn Thuaidh, Thoir agus Theas Chathair na Gaillimhe, agus áirítear leis príomhbhailte agus sráidbhailte Bhaile Átha an Rí, Órán Mór, Bhaile Chláir, Dhroichead an Chláirín agus Cor an Dola, chomh maith le ceantair thuaithe scaipthe a bhfuil fás leanúnach daonra iontu. Pléadh saincheisteanna a bhaineann le cothabháil bóithre, taisteal gníomhach, iarnród Órán Mór, luasteorainneacha, sábháilteacht ar bhóithre agus bearta maolaithe tráchta ag na Cruinnithe agus thug Innealtóirí an cheantair an t-eolas ba dhéanaí do na Comhaltaí.

Le linn 2025, d'fhaomh Comhaltaí an Dearbhú go ndéanfaí Bóithre Poiblí de roinnt bóithre faoi réir Alt 11 d'Acht na mBóithre 1993.

Ag Cruinniú mhí an Mhárta, cuireadh Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh, lena n-áirítear Clár na mBóithre 2025, faoi bhráid na gComhaltaí agus, tar éis dóibh breithniú agus plé a dhéanamh, d'fhaomh na Comhaltaí Sceideal na nOibreacha agus Clár na mBóithre.

Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil an 10 Meitheamh 2025 agus toghadh An Clr Kean mar Chathaoirleach, agus don tréimhse 2025-2026 toghadh An Clr Charity mar Leas-Chathaoirleach.

Tionóladh Cruinniú Buiséid an Cheantair Bardasaigh an 14 Deireadh Fómhair 2025 chun Dréachtphlean Buiséid don Cheantar Bardasach a bhreithniú (le leasú nó gan leasú). Tar éis dóibh breithniú agus plé a dhéanamh, dhiúltaigh na Comhaltaí do Dhréachtbhuiséad an Cheantair Bhardasaigh do Bhaile Átha an Rí agus Órán Mór.

Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe

Ceantar Bardasach	Stiúrthóir	Riarthóir Cruinnithe
Béal Átha na Sluaighe	Damien Mitchell	Angela Spellman



Clúdaítear Toghcheantar Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe le Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe. Toghtar Comhaltaí an Cheantair Bhardasaigh ar an gComhairle sna Toghcháin Áitiúla ar feadh téarma cúig bliana.

Sa bhliain 2025, bhuail Comhaltaí Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe le chéile trí huaire déag chun machnamh a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí laistigh den cheantar, ar chúrsaí beartais áitiúla, agus ar shaincheisteanna a ardaíodh sa phobal, agus ábhair imní agus cúrsaí a bhaineann lena ról ionadaíoch. Tionóladh na Cruinnithe in Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh agus in Oifig CB Bhéal Átha na Sluaighe.
Ó thaobh na tíreolaíochta de, áirítear sa Cheantar baile Bhéal Átha na Sluaighe agus an ceantar máguaird, mar aon le ceantair thábhachtacha amhail Béal Átha Ghártha, Béal Átha Feorainne, Baile Labhráis, Dún an Uchta, agus Cill Tormóir. Is cuid thoir de Chontae na Gaillimhe an ceantar agus áirítear ann pobail feadh Abhainn na Suca agus teorainn na Gaillimhe-Ros Comáin.

I rith 2025, phléigh na Comhaltaí réimse leathan cúrsaí oibríochtúla agus straitéiseacha. Ina measc seo bhí:

- **Cothabháil agus athdhromchlú bóithre**, agus eolas á fháil ón gClár Bóithre Trí Bliana agus ón gClár Oibreacha Bóthair Bliantúil arna gcur i láthair ag Innealtóirí an Cheantair. [
- Saincheisteanna maidir le **soilsiú poiblí**, lena n-áirítear moilleanna ar choimisiúnú oibreacha críochnaithe agus nuashonruithe ar naisc a bhaineann le BSL.
- Riachtanais feabhsúcháin ar **chosáin**, lena n-áirítear athbhreithnithe pleanáilte agus oibreacha deisiúcháin i mbaile Bhéal Átha na Sluaighe agus sna sráidbhailte máguaird.
- **Faoiseamh tuilte** agus rannpháirtíocht leis an OOP, go háirithe a bhaineann le Scéim Tuilte Bhéal Átha na Sluaighe agus comhfhreagras leantach chuig an Aire agus chuig Oifig na nOibreacha Poiblí.
- **Sábháilteacht ar na bóithre** agus tograí sábháilteachta ar chostas íseal, amhail iarratais ar fheabhsuithe ag Bóthar na gCreag, Béal Átha Ghártha.
- **Forbairtí pobail agus áiseanna**, lena n-áirítear obair indéantachta do limistéar snámha atá beartaithe ar Abhainn na Súca agus plé ar shleamhnán éigeandála.

Le linn 2025, d'fhaomh Comhaltaí an Dearbhú go ndéanfaí Bóithre Poiblí de roinnt bóithre faoi réir Alt 11 d'Acht na mBóithre 1993 do na háiteanna seo a leanas: Radharc na Foraoise, Béal Átha Ghártha; Both Mhuiniún, an Creagán; Maigh Locha Mhór; Corrán Radharc na Coille, Cluain Bheirn; Ceathrú an Tobair, Gleann na Madadh Thoir; An Gleanntán, an Chríoch, Béal Átha na Sluaighe.

Ag Cruinniú mhí an Mhárta, cuireadh Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh, lena n-áirítear Clár na mBóithre 2025, faoi bhráid na gComhaltaí agus, tar éis dóibh breithniú agus plé a dhéanamh, d'fhaomh na Comhaltaí Sceideal na nOibreacha agus Clár na mBóithre.

Tionóladh an Cruinniú Ginearálta Bliantúil ar an 11 Meitheamh 2025 agus toghadh An Clr P Keaveney mar Chathaoirleach don tréimhse 2025-2026 agus toghadh An Clr Parsons mar Leas-Chathaoirleach.


Tionóladh Cruinniú Buiséid an Cheantair Bardasaigh an 23 Deireadh Fómhair 2025 chun Dréachtphlean Buiséid don Cheantar Bardasach a bhreithniú (le leasú nó gan leasú). Tar éis dóibh breithniú agus plé a dhéanamh, cheadaigh na Comhaltaí Dréachtbhuiséad Ceantair Bardasach Cheantar Bhéal Átha na Sluaighe don bhliain 2026.

Reáchtáil comhaltaí de Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe 13 chruinniú i rith 2025, lena n-áirítear Cruinniú Buiséid, Cruinniú Ginearálta Bliantúil agus Cruinniú Speisialta chun breithniú a dhéanamh ar Sceideal Bliantúil na nOibreacha do Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe.

Dáta	**Cineál Cruinnithe**	**Príomhábhair**
Dé Céadaoin an 8 Eanáir 2025	Go míosúil	Soilsiú poiblí; Sleamhnán éigeandála; Staidéar snámha; Clár na mBóithre; Maolú luais.
Dé Céadaoin 12 Feabhra 2025	Go míosúil	Scéim Faoisimh Tuilte; Sleamhnán; cosáin; Freagairt stoirme; Tascfhórsa maidir le hIompar Frithshóisialta; Scáthláin bhus; luasteorainneacha.
Dé Céadaoin an 12 Márta 2025	Go míosúil	Cosáin; Tuilte; Taisteal Gníomhach; Iompar frithshóisialta; Athbhreithniú LAP; Dumpáil neamhdhleatach; Cuid 8 tithíocht
Dé Céadaoin an 9 Aibreán 2025	Go míosúil	Dumpáil neamhdhleatach; Tionónta in Situ; tuilte; CSPÁ; athchriosú; Páirceáil; Clár Oibreacha; Clár na mBóithre.
Dé Céadaoin an 14 Bealtaine 2025	Go míosúil	Dumpáil; Toilleadh uisce; Acomhal na Críche; Sábháilteacht scoile; TIS; Athbhreithnithe pleanála; Naomh Bríd
Dé Céadaoin an 11 Meitheamh 2025	Go míosúil	Clár na mBóithre; Sábháilteacht acomhail; trádáil; rampaí; TCI; Bóithre; Áineas uisce; CSPÁ; Gearradh fál
Dé Céadaoin an 11 Meitheamh 2025	Bliantúil	Gnó reachtúil bliantúil
Dé Céadaoin an 9 Iúil 2025	Go míosúil	seirbhísí máithreachais PUH; Clár na mBóithre; LIS/CIS; Taisteal Gníomhach; Tuilte; Aonach Dheireadh Fómhair; Criosú; Oibreacha fóillíochta.
Dé Céadaoin an 10 Meán Fómhair 2025	Go míosúil	seirbhísí máithreachais PUH; ceansú tráchta; Iompar Frithshóisialta; Áineas / Páirceanna; Staidéar snámha; An Chríoch; Plean Lár an Bhaile ar dTús.
Dé Céadaoin an 23 Deireadh Fómhair 2025	Go míosúil	Cosáin; tuilte; Taisteal Gníomhach; Iompar frithshóisialta; Plean Lár an Bhaile ar dTús, Nuashonruithe ar Ghníomhaíocht an Cheantair Bhardasaigh
Déardaoin an 23 Deireadh Fómhair 2025	Buiséad	Plé maidir leis na Buiséid
Dé Céadaoin an 12 Samhain 2025	Go míosúil	Dumpáil; Toilleadh uisce; Acomhal na Críche; Sábháilteacht scoile; TIS; Athbhreithnithe pleanála; Naomh Bríd; leithris.
Dé Céadaoin an 10 Nollaig 2025	Go míosúil	Ionad Fóillíochta; Cuid 8; Glacadh ar Láimh; Straitéis Leabharlainne; Stadanna bus; Cosáin; Soilsiú.

Ceantar Bardasach Chonamara

Ceantar Bardasach	Stiúrthóir	Riarthóir Cruinnithe
Conamara	Uinsinn Finn	Ita Martyn



Bhí deich gcruinniú ag comhaltaí Cheantar Bardasach Chonamara in 2025, lena n-áirítear Cruinniú Bliantúil agus Cruinniú Buiséid.

Ag a gcruinniú an 11 Aibreán 2025, d'fhormheas na comhaltaí Sceideal Oibreacha an Cheantair Bardasach 2025 (lena n-áirítear Clár Bóithre agus Comhshaol, Tithíocht, Caitheamh Aimsire agus Sceideal deisiúcháin agus cothabhála Conláiste) do Cheantar Bardasach Chonamara.
Tionóladh an Cruinniú Cinn Bhliana an 20 Meitheamh 2025, agus toghadh An Clr King mar Chathaoirleach agus toghadh Comh mac An Iomaire mar Leas-Chathaoirleach don bhliain 2025.

Bronnadh Slabhra Oifige CB ar an gCathaoirleach ag cruinniú CB Chonamara an 12 Meán Fómhair 2025.

De réir Acht na mBóithre, 1993, dhearbhaigh Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe go ndéanfaí bóithre poiblí de 5 bhóthar in 2025.

Bhreithnigh na Comhaltaí réimse leathan topaicí lena n-áirítear na hábhair seo a leanas:

- Clár na mBóithre 2025
- Scéim Tuilte/Cosanta Tuilte an Chlocháin
- Na bóithre a ndéanfar bóithre poiblí díobh a fhógairt
- Glacadh ar Láimh
- Oileáin
- Páirceáil Carbhán
- Dréacht-Fhodhlíthe Trá/Gardaí Tarrthála/Áiseanna Poiblí
- Tóchar
- Reiligí
- Céanna & Cuanta
- Sábháilteacht ar Bhóithre/Bearradh Fálta/Freagairt ar Aimsir Fhuar
- Sábháilteacht Scoile
- Glasbhealach Chonamara/Taisteal Gníomhach
- Athnuachan an Chlocháin
- Síneadh ar Reilig Leitir Móir

D'éist na comhaltaí le cuir i láthair maidir leis an méid seo a leanas:

- Cur i láthair ar Dhroichead Coisithe Uachtar Ard
- Nuashonrú ar Chlár Athnuachana an Chlocháin
- Cur i láthair ar Fheirm Ghaoithe Charraigeacha Sceirde
- Cur i láthair maidir le Scéim Cosanta Tuilte an Chlocháin.
- Cur i láthair ar Thaisteal Gníomhach.
- Cur i láthair ar Chéanna agus Cuanta
- Thug Foireann na Geopáirce cur i láthair ar an dul chun cinn i dtreo Stádas Geopáirce Domhanda UNESCO a bhaint amach do Gheopáirc Dhúiche Sheoigheach agus do Gheopáirc Lochanna an Iarthair.

Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach

Ceantar Bardasach	Stiúrthóir	Riarthóir Cruinnithe
Baile Locha Riach	Eileen Ruane	Mary McGann



Reáchtáil Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach 15 chruinniú le linn 2025, lena n-áirítear Cruinniú Buiséid, Cruinniú Ginearálta Bliantúil, agus dhá Chruinniú Speisialta chun Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt agus Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach a bhreithniú. Ag an gCruinniú Bliantúil a tionóladh an 9 Meitheamh, toghadh an Comhairleoir Paul Killilea mar Chathaoirleach ar an gCeantar Bardasach don bhliain 2025/2026, agus ceapadh an Comhairleoir Michael Regan mar Leas-Chathaoirleach. Ag an gCruinniú Buiséid Bhliantúil a tionóladh an 20 Deireadh Fómhair, d'fhormheas na Comhaltaí dréachtphlean buiséadach do Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach ina leagtar amach conas a chaithfí an Leithdháileadh Bardasach Ginearálta de €12,850,737 i gcomhréir le hAlt 58 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Glacadh agus Ceaduithe Reachtúla:

Bhreithnigh agus cheadaigh na Comhaltaí na míreanna reachtúla seo a leanas i rith na bliana:

- Faomhadh Chlár Bóithre 3 Bliana lena n-áirítear Clár Bliantúil Athdhromchlaithe Bóithre 2025.
- Faomhadh Sceideal Oibreacha cothabhála agus deisiúcháin Cheantar Bardasaigh.
- Faomhadh Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2025-2031
- Faomhadh Phlean Ceantair Áitiúil an Ghoirt 2025-2031
- Dearbhú ar bhóthar a bheith ina bhóthar poiblí ag Ceathrú an Tobair, Órán Mór
- Faomhadh ar Phleanáil Chuid 8 le haghaidh forbairt tithíochta ag Bóthar Iósaef, Béal Átha na Sluaighe
- Faomhadh ar Phleanáil Chuid 8 le haghaidh forbairt tithíochta ag Cois Móna, Baile Locha Riach
- Faomhadh ar Phleanáil Chuid 8 le haghaidh forbairt tithíochta ag Bóthar Bhríde, Port Omna
- Faomhadh ar Phleanáil Chuid 8 le haghaidh síneadh ar Reilig Rinn Mhíl

Cuir i Láthair:

I rith na bliana, fuair na Comhaltaí cuir i láthair ar na nithe seo a leanas:

- Glasbhealach Átha Luain-Gaillimh
- Plean Bainistíochta Trách Chinn Mhara
- Plean Bainistíochta Bruscair 2023-2025
- Staidéar ar Iompar Phobal Chinn Mhara
- Taisteal Gníomhach
- Plean Léirmhínithe Comharthaíochta Bhaile Locha Riach
- Straitéis 5 bliana Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe
- Tionscadal Clárchosáin Chinn Mhara
- Nuashonruithe ar Staidéir Tuilte

Fuair na Comhaltaí turas freisin ar an tionscadal athghiniúna atá ar siúl ar Halla an Bhaile i mBaile Locha Riach.

Toscaireachtaí:
Le linn 2025, fuair na Comhaltaí na Toscaireachtaí seo a leanas:

- Coiste Forbartha Pobail Chill Cholgáin – imní sábháilteachta
- Comhairle Pobail Chinn Mhara – tionscadal linn snámha sealadach do Bhaile an Doirín
- Pobalscoil Ghort Inse Guaire – bonneagar rothaíochta

Ciste Caipitil Roghnach CMÁ (Cáin Mhaoine Áitiúil):
Fuair na Comhaltaí tuairisc faoin gCiste Caipitil Roghnach um Cháin Maoine Áitiúil (CMA) atá dírithe ar mhaoiniú a ghiaráil chun tionscadail mhórscála caipitil agus bonneagair a sheachadadh sna Ceantair Bhardasacha. Is é €1,025,640

an leithdháileadh iomlán de Chiste Caipitil CMÁ do Cheantar Bardasach Bhaile Locha Riach le linn 5 bliana na Comhairle seo agus seo a leanas na leithdháiltí a chomhaontaigh an Ceantar Bardasach le linn 2025:

- €2,500 mar mhaoiniú meaitseála do Staidéar Féidearthachta arna mhaoiniú ag LEADER ar fhorbairt linn snámha poiblí do Bhaile Locha Riach
- €4,994 chun balla a bhaint ag Reilig Dhroichead an Chláirín chun 18 plota adhlactha dúbailte breise a chruthú
- €16,000 chun oibreacha athchóirithe agus athdhromchlaithe a dhéanamh ar an mbóthar L85172
- €6,450 le haghaidh costais bhreise oibreacha caomhnaithe ceadaithe faoi thionscadal Scéim Deontais Oidhreachta Pobail

€15,000 mar chuid den riachtanas maoiniú meaitseála le haghaidh uasghráduithe ar Chlós Súgartha Dhroichead an Chláirín faoi mhaoiniú LEADER.

Ceantar Bardasach Thuama

Ceantar Bardasach	Stiúrthóir	Riarthóir Cruinnithe
Tuaim	Michael Owens	Geraldine Byrne



Bhí 8 gcruinniú rialta ag Ceantar Bardasach Thuama (tionóltar cruinnithe ar an 2ú Luan, agus bíonn siad ar siúl gach dhá mhí anois ó Mheitheamh 2025, ní thionóltar aon chruinnithe i mí Lúnasa), 1 Chruinniú Speisialta, 1 Chruinniú Ginearálta Bliantúil agus 1 Chruinniú Buiséid le linn 2025.

Ag an gCruinniú Speisialta a tionóladh an 20 Deireadh Fómhair 2025, phléigh na Comhaltaí an t-iarratas Cuid 8 don fhorbairt chónaithe le haghaidh 62 aonad ag Fearann na Máirtíneach, Tuaim, Co. na Gaillimhe.
D'fhaomh na comhaltaí Sceideal na nOibreacha don Cheantar Bardasach ag an gCruinniú Speisialta a tionóladh an 10 Feabhra. Phléigh agus d'fhaomh na Comhaltaí an Clár Oibreacha Bóthair Bliantúil do Cheantar Bardasach Thuama freisin.

Ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a tionóladh an 28 Meitheamh 2025, toghadh An Clr Karey Mc Hugh mar Chathaoirleach agus toghadh An ClrMary Hoade mar Leas-chathaoirleach.

Ag an gCruinniú Buiséid a tionóladh an 13 Deireadh Fómhair 2025, bhreithnigh agus d'fhaomh na Comhaltaí Dréachtphlean Buiséid do Cheantar Bardasach Thuama, faoi Alt 58 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Le linn 2025, phléigh na Comhaltaí réimse leathan ábhar lena n-áirítear:

- Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a Thoghadh
- Dréachtphlean Buiséadach don Cheantar Bardasach a ghlacadh
- Sceideal na nOibreacha do 2025
- Clár na mBóithre 2025
- Clár Caipitil Tithíochta
- Na bóithre a ndéanfar bóithre poiblí díobh a fhógairt
- Glacadh ar Láimh
- Tuarascálacha Pleanála Chuid 8:
- Reiligí
- Sábháilteacht ar Bhóithre/Bearradh Fálta
- Athbhreithnithe ar Theorainneacha Luais
- Feirmeacha Gaoithe
- Taisteal Gníomhach

Le linn 2025, fuair na Comhaltaí na Toscaireachtaí seo a leanas:

- Geopháirc
- Fearann an Pháláis
- Trádálaithe Bhaile Thuama

Chomhaontaigh comhaltaí de Cheantar Bardasach Thuama go nglacfaidís cúram na mbóithre seo a leanas orthu féin le linn 2025:-

- Beaupark, Tuaim, Co. na Gaillimhe
- Hazel Court, Fearann na Máirtíneach, Tuaim Co. na Gaillimhe
- Suíomhanna ag Garrán an Chaisleáin, Cill an Lóntaigh, an Saighleán agus Barr an Chalaidh

Bhreithnigh agus cheadaigh na Comhaltaí tuarascálacha Chuid 8 a leanas faoi Rialacháin Phleanála agus Forbartha:

- An fhorbairt chónaithe le haghaidh 62 aonad ag Fearann na Máirtíneach, Tuaim, Co. na Gaillimhe.
- Teach Stáisiúin Thuama Cuid 8 – Breithniú ar Thuarascáil na bPríomhfheidhmeannach
- Aonad Freagartha Aimsire Fuaire agus Meántéarmaigh ag Sráid Vicar, Tuaim, Co. na Gaillimhe.

Ciste Caipitil Roghnach CMÁ (Cáin Mhaoine Áitiúil):

Fuair na Comhaltaí tuairisc faoin gCiste Caipitil Roghnach um Cháin Maoine Áitiúil (CMA) atá dírithe ar mhaoiniú a ghiaráil chun tionscadail mhórscála caipitil agus bonneagair a sheachadadh sna Ceantair Bhardasacha. Is é €717,950 an leithdháileadh iomlán ó Chiste Caipitil CMÁ do Cheantar Bardasach Thuama le linn 5 bliana na Comhairle seo agus seo a leanas na leithdháiltí a chomhaontaigh an Ceantar Bardasach le linn 2025:

- Cill Chlocháin Soilsiú Poiblí €20,430
- Cathair Loistreáin Soilsiú Poiblí €55,000

Conclúid

Mar fhocal scoir, léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo ár ndul chun cinn, ár bhfeidhmíocht agus ár bpríomhéachtaí i rith 2025. Bhí ról lárnach ag dúthracht ár bhfoirne, ag tiomantas ár gcomhaltaí tofa, agus ag tacaíocht leanúnach ár bpobal i gcur chun cinn ár gcuid oibre i rith na bliana.

Chun tuilleadh sonraí a fháil faoinár bhfeidhmíocht oibríochtúil, tá Tuarascálacha Míosúla na bPríomhfheidhmeannach chuig an gCruinniú Iomlánach ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag https://www.galway.ie/en/governance-administration/publications/chief-executive-monthly-reports.



Táimid tiomanta i gcónaí d'oscailteacht, do chuntasacht agus do fheabhsú leanúnach i ngach réimse de sheachadadh seirbhíse.

Agus muid ag féachaint chun cinn i dtreo 2026, táimid fós dírithe go daingean ar ár bhfís agus ár misean a bhaint amach trí shraith chomhordaithe cuspóirí straitéiseacha agus oibríochtúla. Treoróidh straitéisí tacaíochta, mar aon leis na Pleananna Bliantúla Seachadta Seirbhíse agus Sceideal Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh, an eagraíocht chun a hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh agus freagairt do riachtanais áitiúla.

Is é ár n-uaillmhian clár claochlaithe gnó a chur chun cinn, agus ár gcumas, ár gcórais agus ár rialachas á neartú lena chinntiú go bhfuilimid réidh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna na bliana atá romhainn. Le chéile, oibreoimid chun seirbhísí éifeachtúla, freagrúla agus réamhbhreathnaitheach a sholáthar do mhuintir agus do phobail Chontae na Gaillimhe.

Aguisíní



Aguisín 1: CNMI: Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna)

